- Sócmhainní an GBRÁ a chosaint trí bhearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.
- Diúscairt agus scor na sócmhainní os cionn €70,000.
- Ceadú éadálacha suntasacha os cionn €100,000.
- Faomhadh téarmaí conarthaí móra (os cionn €100,000).
- Faomhadh Buiséad Bliantúil agus Pleananna Corparáideacha.
- Faomhadh Tuarascálacha Bliantúla agus cuntais.
- Ceanglais reachtúla agus riaracháin a chomhlíonadh maidir le faomhadh cheapachán, líon, ghrádú agus choinníollacha ceapachán na bhFostaithe go léir, lena n-áirítear luach saothair agus aoisliúntas.
- Faomhadh na mór-infheistíochtaí agus na mórthionscadal caipitil go léir.
- A chinntiú go bhfuil leibhéil údaráis tarmligthe, beartas cisteáin agus beartais bhainistithe riosca i bhfeidhm agus go gcloítear leo.
- Go gcoimeádtar leabhair chuntais chuí ina nochtar le cruinneas réasúnach tráth ar bith staid airgeadais an GBRÁ agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 18(a) den Ordú Bunaíochta 2012.
- Ceapachán, luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh agus measúnú ar a fheidhmíocht agus pleanáil chomharbais ina leith sin, i gcomhréir le polasaí an rialtais.
- Go ndéanfar measúnú cothrom agus intuigthe ar staid an GBRÁ agus a Thuarascáil Bhliantúil agus a chuntais á gcur faoi bhráid an Aire.
- Comhlíonadh na n-oibleagáidí reachtúla uile atá infheidhme maidir leis an GBRÁ. I gcás ina bhfuil Comhaltaí aonair an Bhoird ar an eolas faoi neamhchomhlíonadh maidir leis na dualgais sin, ba cheart dóibh aird chomhchomhaltaí an Bhoird a tharraingt air sin láithreach d'fhonn an cheist a réiteach. Ba cheart cásanna neamhchomhlíonta a chur ar aird an Aire ábhartha agus Rúnaí an Bhoird á chur ar an eolas faoin ngníomh seo chomh maith.
- Breithiúnas neamhspleách a thabhairt ar ábhair a bhaineann le straitéis, feidhmíocht, acmhainní, príomhcheapacháin, agus caighdeáin iompraíochta.
- Leasuithe suntasacha ar shochair phinsin an Phríomhfheidhmeannaigh agus na bhFostaithe.
- Cuirfidh an Chathaoirleach comhairle ar an Aire ábhartha má tá gá le tacar sainscileanna ar leith ar an mBord.
- De réir alt 3.9 den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, táthar ag súil go mbeidh freastal 100% ag cruinnithe an Bhoird.

### Na hAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí & Caighdeáin in Oifig Phoiblí

Ní mór do phearsanra sinsearach an GBRÁ go léir, comhaltaí go léir an Bhoird agus aon sealbhóirí poist ainmnithe san eagraíocht ráitis bhliantúla a chur isteach i gcomhréir leis na hAchtanna seo.

### Nochtadh Cosanta

Ní dhearnadh aon nochtuithe cosanta don GBRÁ le linn 2020.

### Soláthar Corparáideach

Tá gníomhaíocht soláthair go léir an GBRÁ faoi threoir na dTreoirilínte agus na mBeartas um Sholáthar Poiblí a d'fhoilsigh an Roinn Airgeadais. Baineann an GBRÁ leas as creatlaí soláthair a bunaíodh faoin tSeirbhís Soláthair Náisiúnta le haghaidh seirbhísí, lena n-áirítear Páipéarachas, Leictreachas agus Gás.

Cloíonn nósanna imeachta soláthair inmheánacha leis an dea-chleachtas molta, lena n-áirítear leithscaradh dualgas, tuairisciú bainistíochta rialta agus córas chun caiteachas a údarú. Faoi Nósanna Imeachta Soláthair an GBRÁ tá cead ón mBord ag teastáil i ndáil leis an gcaiteachas go léir atá os cionn tairseach a aontaíodh.

### **Tuarascáil Bhliantúil Fuinnimh an GBRÁ 2020**

Tá 34,002 troigh chearnach de spás oifige ag oifigí GBRÁ i mBaile Átha Cliath 8 thar dhá fhoirgneamh. Ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí faoi IR 426 de 214 (agus roimhe sin faoi IR 542 de 2009) sonraí fuinnimh a thuairisciú ar bhonn bliantúil. Chuir an GBRÁ tús lena húsáid fuinnimh a thuairisciú ó 2009 (an Bhonnlíne) ag baint úsáid as an gCóras ar líne M&R (arna fhorbairt ag ÚIFE agus an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil). Go dtí seo, rinne an Gníomhaireacht coigilteas 44.2% ón mbunlíne (2009). Léiríonn sé sin gur sháraigh an GBRÁ ráta éifeachtúlachta na bonnlíne agus táthar ag súil go mbainfidh sí sprioc 2020 amach.

### **Struchtúr an Bhoird**

Tá an Bord comhdhéanta de 10 chomhalta (ocht bPríomhfheidhmeannach údarás áitiúil arna n-ainmniú ag Comhairle an Bhoird agus suas le ceithre ainmní Aire). Suíonn na príomhfheidhmeannaigh sin arna n-ainmniú chun Bhord an GBRÁ ar Fheidhmeannacht an CBCC go comhuaineach. Maireann ceapacháin Aire tréimhse thrí bliana, de ghnáth.

Leagtar amach sa tábla lastall sonraí ar cheapacháin na gcomhaltaí Boird agus ar na cruinnithe ar freastalaíodh orthu:



## Bord an GBRÁ - Dáta Ceapacháin agus Taifead Freastail ar Chruinnithe Boird 2020

Comhalta	Post	Nótaí	Freastalaíodh Orthu	Incháilithe chun freastail orthu
<b>An tUas. O Keegan</b>	PF Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Cathaoirleach – ó 11/17 go 09/20 Ainmnithe chun an Bhoird 10/14	6	6
<b>J Maguire, Uasal</b>	PF Chomhairle Contae na Mí	Príomhfheidhmeannach an CBCC	1	1
<b>An tUas. P Carey</b>	PF Chomhairle Contae Chill Dara	Cathaoirleach – ó 11/20	4	5
<b>An tUas. T Lucey</b>	PF Chomhairle Contae Chorcaí	Feidhmeannacht CCMA 10/16	6	6
<b>An tUas. S Neely</b>	PF Chomhairle Contae Dhún na nGall	Feidhmeannacht CBCC 10/14	4	4
<b>An tUas. P Hynes</b>	PF Chomhairle Contae Mhaigh Eo	PF Chorcaí, ceaptha 05/14	1	2
<b>An tUas. M Walsh</b>	PF Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge	Príomhfheidhmeannach an CBCC	6	6
<b>An tUas. J MacGrath</b>	PF Chomhairle Contae Thiobraid Árann	Feidhmeannacht an CBCC 10/18	5	5
<b>M O'Connell, Uasal</b>	PF Chomhairle Contae Chiarraí	Feidhmeannacht an CBCC 10/18	4	5
<b>An tUas. B Quinlan</b>	Rúnaí Cúnta, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht*	Feidhmeannacht an CBCC 10/18	2	4
<b>S Neary, Uasal</b>	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht	Feidhmeannacht an CBCC 10/18	4	6
<b>An tUasal P Gallagher</b>	PF Chomhairle Contae na hIarmhí	Feidhmeannacht CBCC 10/19	1	3
<b>M Hurley, Uasal</b>	Rúnaí Cúnta, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht	Ainmnithe chun an Bhoird 06/19	1	2
<b>An tUas. B McGrath</b>	PE Chomhairle Cathrach na Gaillimhe	Ainmnithe chun an Bhoird 06/19	1	1
<b>C Byrne, Uasal</b>	PF Chomhairle Contae Chill Chainnigh	Ainmnithe chun an Bhoird 10/20	1	1
<b>An tUas. T Enright</b>	PF Chomhairle Contae Loch Garman	Príomhfheidhmeannach an CBCC	0	1
<b>An tUas E O'Sullivan</b>	PF Chomhairle Contae Mhuineacháin	Ainmnithe chun an Bhoird 09/20	0	1

\*Tháinig an Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht in ionad na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil i ndiaidh chruthú an Rialtais úir in 2020.

**Tá cúig choiste bunaithe ag an mBord, agus gach ceann díobh faoi chathaoirleacht comhalta den Bhord, faoi mar a leanas:**

## An Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca

Tá an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca comhdhéanta de dhá chomhalta den Bhord ar Príomhfheidhmeannach (PFanna) údaráis áitiúil iad, dhá chomhalta ainmnithe CBCC agus comhalta neamhspleách amháin. Is é ról an CIR tacú leis an mBord maidir lena chuid freagrachtaí i ndáil le saincheisteanna a bhaineann le riosca, rialú agus rialachas, agus árachas gaolmhar. Tá an CIR neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go sonrach, cinntíonn an Coiste go ndéanfar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an CIR don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe agus go foirmiúil i scríbhinn ar bhonn bliantúil.

**Bhí trí chruinniú den CIR ann in 2020. Is iad seo a leanas na comhaltaí:**

Comhalta	Slí Bheatha	Freastalaíodh Orthu	Incháilithe chun freastal orthu
<b>An tUas. J MacGrath (Cathaoirleach)</b>	PF Chomhairle Contae Thiobraid Árann	2	2
<b>An tUas E O'Sullivan</b>	PF Chomhairle Contae Mhuineacháin	3	3
<b>An tUas. A Connolly</b>	Oifigeach Neamhphoiblí	3	3
<b>An tUas. J McKeon</b>	Ceann Airgeadais, Comhairle Contae Longfoirt	2	3
<b>An tUas. H. Cunningham</b>	Ceannasaí Airgeadais, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	2	3
<b>An tUas. M Walsh</b>	PF Chomhairle Contae Phort Láirge	1	1

## An Coiste um Bainistiú Athruithe

Tá an Coiste um Bainistiú Athruithe comhdhéanta de 11 bpríomhfheidhmeannach údaráis áitiúil, ainmní amháin de chuid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus dhá cheann AD. Tá Cathaoirleach an Choiste um Bainistiú Athruithe ina chomhalta de Bhord an GBRÁ Cuidíonn an Coiste um Bainistiú Athruithe le Bord an GBRÁ maidir le cur i bhfeidhm straitéis um Chaidreamh Tionsclaíoch (CT) agus Acmhainní Daonna (AD) an GBRÁ agus ábhair ghaolmhara eile a rialú agus a mhaoirsiú. Ina theannta sin, tacaíonn an Coiste leis an mBord trí chomhairle a thabhairt maidir le hailíniú na straitéise le riachtanais ghnó an údaráis áitiúil atá ag teacht chun cinn.

**Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste um Bainistiú Athruithe le linn na bliana. Ba iad seo a leanas na comhaltaí:**

Comhalta	Slí Bheatha	Freastalaíodh Orthu	Incháilithe chun freastal orthu
<b>An tUas. S Neely (Cathaoirleach)* J McLaughlin</b>	PF Chomhairle Contae Dhún na nGall	3	3
	PF eatramhach Chomhairle Contae Dhún na nGall	2	2
<b>An tUas. P Carey (Leas-Chathaoirleach)</b>	PF Chomhairle Contae Chill Dara	2	5
<b>An tUas. D McLoughlin</b>	PF Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	4	5
<b>J Maguire, Uasal</b>	PF Chomhairle Contae na Mí	5	5
<b>A Farrelly, Uasal</b>	PF Chomhairle Contae Fhine Gall	5	5
<b>An tUas. G Geraghty** E Quinlivan, Uasal</b>	Ceann AD/Cúntóir Gnóthaí Corparáideacha	0	3
	Seirbhísí Corparáideacha PF Aistriú ó Bhonn agus Acmhainní Daonna, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	2	2
<b>An tUas. J Walsh</b>	Ceann AD Chomhairle Contae Chorcaí	0	5
<b>An tUas. T Enright***</b>	PF Chomhairle Contae Loch Garman	5	5
<b>An tUas. F Curran</b>	PF Chomhairle Contae Chill Mhantáin	5	5
<b>An tUas. E O'Sullivan</b>	PF Chomhairle Contae Mhuineacháin	5	5
<b>A Doherty, Uasal</b>	PF Chomhairle Cathrach Chorcaí	4	5
<b>C Byrne, Uasal****</b>	PF Chomhairle Contae Chill Chainnigh	5	5
<b>E Reeves, Uasal</b>	Príomhoifigeach na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	4	5
<b>An tUasal P Daly</b>	PF Chomhairle Contae agus Cathrach Luimnigh	2	2

\*D'éirigh an tUasal S Neely as ar an 15 Iúil 2020 agus tháinig an tUasal J McLaughlin ina áit.

\*\*D'éirigh an tUasal G Geraghty as ar an 15 Iúil 2020 agus tháinig E Quinlivan, Uasal, ina áit.

\*\*\*Ceapadh an tUasal T Enright mar Chathaoirleach ar an 18 Samhain 2020.

\*\*\*\*Ceapadh C Byrne, Uasal, mar leas-uachtarán ar an 18 Samhain 2020.

## An Coiste Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Tá an Coiste Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide comhdhéanta de thrí phríomhfheidhmeannach de chuid na n-údarás áitiúil, ainmní Boird amháin, dhá Cheann de na Córais Faisnéise (CCF), Ceann Airgeadais amháin, ionadaí OGCIÓ amháin agus dhá ionadaí GBRÁ.

Is é seo a leanas ról an Choiste TFC:

- Dearbhú a thabhairt don Bhord go bhfuil Ailtireacht, TFC agus Caighdeán chruthaithe ag baint le hobair na dtionscadal aonair rialtais áitiúil.
- Oibriú le tionscadail ghnó rialtais áitiúil chun dearbhú a thabhairt dóibh go gcomhlíonann na cláir TFC ghaolmhara cuir chuige fhoriomlána Ailtireachta agus go n-úsáideann siad Caighdeán Chomhaontaithe le haghaidh Cumarsáide agus Idir-inoibritheachta.
- Comhairle agus treoir a sholáthar ar TFC in aon tionscnaimh nua ghnó, ar conas is féidir leis na comhpháirteanna TFC oibriú le gnó mar is gnách agus chun scor tráthúil na dtionscnamh TFC níos sine a chinntiú.
- Comhairle theicniúil a chur ar fáil maidir le tosaíocht a thabhairt do Thionscnaimh an Rialtais Áitiúil agus tabhairt faoin úsáid optamach as réitigh theicneolaíochta ar fud na hearnála.
- Tagairt choiteann ailtireachta a sholáthar, bunaithe ar an gcleachtas reatha, maidir le gach córas TFC ar fud earnáil an rialtais áitiúil.

**Bhí 10 gcrúinniú ag an gCoiste TFC le linn na bliana. Ba iad seo a leanas na comhaltaí:**

Comhalta	Slí Bheatha	Freastalaíodh Orthu	Incháilithe chun freastal orthu
<b>An tUas. P Hynes (Cathaoirleach)</b>	PF Chomhairle Contae Mhaigh Eo	5	5
<b>An tUas. E O'Sullivan*</b>	PF Chomhairle Contae Mhuineacháin	6	8
<b>An tUas. F Curran</b>	PF Chomhairle Contae Liatroma	3	8
<b>An tUas. T Ryan</b>	PF Chomhairle Contae an Chabháin	6	8
<b>K. Quinn, Uasal</b>	CA Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	6	8
<b>M O'Donohue Uas.</b>	Ceann Oibríochtaí OGCIÓ	7	8
<b>An tUas. G Lynch</b>	CCF Chomhairle Contae Thiobraid Árann	8	8
<b>An tUas. S Brady</b>	CCF Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	8	8
<b>B Heneghan, Uasal</b>	CCF Chomhairle Contae Mhaigh Eo	1	3
<b>N McHugh, Uasal</b>	Príomhfheidhmeannach Cúnta an GBRÁ	8	8
<b>An tUas. J Flanagan</b>	Sainchomhairleoir Sinsearach an GBRÁ	8	8
<b>An tUas. E Hunt</b>	Príomhfheidhmeannach Cúnta an GBRÁ	4	4
<b>L Guthrie, Uasal</b>	Bainisteoir an GBRÁ	8	8
<b>N McCarthy, Uasal</b>	Sainchomhairleoir Sinsearach an GBRÁ	7	8

*\*D'éirigh an tUasal P Hynes as ar an 4 Meitheamh 2020 agus tháinig an tUasal E O'Sullivan ina áit*

## An Coiste Airgeadais

Cuimsítear sa Choiste Airgeadais ceithre phríomhfheidhmeannach de chuid na n-údarás áitiúil. Is é ról an Choiste Airgeadais:

- Paraiméadair a mholadh, roimh an 30 Meitheamh gach bliain, do bhuiséad na bliana dár gcionn.
- Dréachtbhuiséad a mholadh, roimh an 30 Meán Fómhair gach bliain, don bhliain dár gcionn agus an chionroinnt muirear ar gach údarás áitiúil a mholadh, bunaithe ar an mbeartas um muirir ceadaithe.
- Na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag straitéis úr ar an mbeartas um muirir/buiséadú a bhreithniú.

Tá Chathaoirleach an choiste ina chomhalta de Bhord an GBRÁ.

**Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Airgeadais le linn 2020. Ba iad seo a leanas na comhaltaí:**

Comhalta	Slí Bheatha	Freastalaíodh Orthu	Incháilithe chun freastal orthu
<b>An tUas P Carey, Cathaoirleach</b>	PF Chomhairle Contae Chill Dara	2	4
<b>J Maguire, Uasal</b>	PF Chomhairle Contae na Mí	4	4
<b>AM Delaney, Uasal</b>	PF Chomhairle Contae Uíbh Fhailí	4	4
<b>An tUas. J MacGrath</b>	PF Chomhairle Contae Thiobraid Árann	3	3
<b>An tUas. B McGrath</b>	PE Chomhairle Cathrach na Gaillimhe	1	1

## Coiste Ghrúpa Maoirseachta Athchóirithe na hEarnála Poiblí (PSROG)

Cuimsítear sa Choiste PSROG Cathaoirleach an GBRÁ, Príomhfheidhmeannach an GBRÁ, Cathaoirleach an CCBC, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Chorcaí, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Ard-Rúnaí na Roinne Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht, Ard-Rúnaí Cúnta na Roinne Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht agus ionadaí seachtrach ón earnáil tráchtála.

Is é ról Choiste PSROG clár athchóirithe agus éifeachtúlachta an rialtais áitiúil a threorú agus monatóireacht agus tuairisciú dhéanamh air. Tá Cathaoirleach an PSROG ina Chomhalta de Bhord an GBRÁ.

**Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste PSROG le linn na bliana. Ba iad seo a leanas na comhaltaí:**

Comhalta	Slí Bheatha	Freastalaíodh Orthu	Incháilithe chun freastal orthu
<b>An tUas. T Lucey (Cathaoirleach)</b>	PF Chomhairle Contae Chorcaí	3	3
<b>An tUas. O Keegan*</b>	PF Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	4	4
<b>An tUas. M Walsh</b>	PF Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge	1	2
<b>An tUas. Brendan McGrath</b>	PE Chomhairle Cathrach na Gaillimhe	1	1
<b>J Maguire, Uasal</b>	PF Chomhairle Contae na Mí	0	1
<b>An tUas. J McCarthy</b>	Ard-Rúnaí na Roinne Tithíochta, Rialtas	0	1
<b>An tUasal F O'Coigligh**</b>	Áitiúil agus Oidhreacht	1	1
<b>An tUas. G Doyle***</b>		0	2
<b>An tUas. B Quinlan</b>	Rúnaí Cúnta na Roinne Tithíochta, Rialtas	0	2
<b>M Hurley, Uasal****</b>	Áitiúil agus Oidhreacht	2	2
<b>An tUas. P Hynes*****</b>	PF Chomhairle Contae Mhaigh Eo	1	1
<b>An tUas. S Neely</b>	PF Chomhairle Contae Dhún na nGall	1	1
<b>An tUas. J Harford</b>	Ionadaí de chuid na hEarnála Tráchtála	4	4
<b>An tUas. P Dunne</b>	POF an GBRÁ	4	4

\*D'éirigh an tUasal T Lucey as ar an 10 Nollaig 2020 agus ceapadh an tUasal O Keegan mar chathaoirleach ina áit.

\*\*D'éirigh an tUasal J McCarthy as ar an 18 Meitheamh 2020 agus tháinig an tUasal F O'Coigligh ina áit.


\*\*\*D'éirigh an tUasal F O'Coigligh as ar an 17 Meán Fómhair 2020 agus tháinig an tUasal G Doyle ina áit.

\*\*\*\*D'éirigh M Hurley, Uasal, as ar an 17 Meán Fómhair 2020 agus tháinig an tUasal B Quinlan ina áit.


\*\*\*\*\*D'éirigh an tUasal P Hynes as ar an 18 Meitheamh 2020 agus tháinig an tUasal S Neely ina áit.

### Táillí agus speansais


Níor íocadh aon táillí ná costais bhliantúla le comhaltaí Boird nó Coistí a bhí ina bhfostaithe sa GBRÁ, i ranna rialtais nó in údarais áitiúla, maidir le freastal ar chruinnithe coistí.




## Ag tacú leis an gCumann Bainistíochta Contae agus Cathrach



Ar an 15 Deireadh Fómhair 2020, d'aontaigh Coiste Feidhmiúcháin an CBCC cúig cinn de na seacht gCoiste CBCC a athstruchtúró.



# ACMHAINNÍ DAONNA



## Foireann na Straitéise Pobail

- Forbraíodh Clár Forbartha Feidhmiúcháin i gcomhar leis an IPA chun feabhas a chur ar fheidhmiú éifeachtúil na Foirne Feidhmiúcháin trí shraith ceardlann, foireann agus cóisteáil aonair.
- Cuireadh Scéimthreoir Oibre Sofhreagrúla i gcrích le haghaidh 20% d'fhostaithe a bhí ag obair go cianda ar feadh lá amháin sa tseachtain ar feadh tréimhse 6 mhí roimh shrianta COVID-19.
- Dearadh an Clár um Fhorbairt na mBainisteoirí Sinsearacha i gcomhar leis an IPA le cuidiú le bainisteoirí sinsearacha feabhas a chur ar a scileanna ceannaireachta agus bainistíochta.
- Forbraíodh clár cóitseála úr d'fhostaithe ó Ghrád 3 go Grád 7 chun tacú le forbairt phearsanta agus ghairmiúil fhostaithe.
- Reáchtáladh seisiúin lóin & foghlama ar ábhair éagsúla.
- Bunaíodh club sóisialta d'fhostaithe.
- D'óstáil Fondúireacht Marie Keating ceardlanna folláine ar líne i ndáil le sláinte fear agus ban do gach fostaí.

## COVID-19

- Éascaíodh socruithe do gach fostaí chun oibriú go cianda chomh maith le beartais ghaolmhara.

## Clár Cúnaimh d'Fhostaithe

- D'fhorbairt soláthraí ár gClár Cúnaimh d'Fhostaithe sraith sheachtainiúil de sheisiúin folláine ar líne d'fhostaithe inar clúdaíodh topaicí lena n-áirítear codladh, meabhairshláinte, folláine agus tuismitheoireacht.

## An Fhoireann Ghlas

- D'eagraigh an Fhoireann Ghlas mórghlanadh oifige agus tá siad ag obair i dtreo oifig saor ó thranglam agus beartas um dheasc ghlan.
- Rinne an GBRÁ 70 crann a athchúrsáil i ndiaidh an phróisis ghlanta sin trí stialladh.
- Cuireadh uasghrádú soilsithe LED i gcrích i dTeach an Rialtais Áitiúil.





**Foireann na Slándála Faisnéise**

- Chuir an Ghníomhaireacht cur i bhfeidhm an Fíordheimhniithe Ilfhachtóirí (MFA) i bhfeidhm maidir le rochtain ar an Líonra Achair Logánta (LAN) trí Líonra Príobháideach Fíorúil (VPN) do bhaill foirne a bhí ag obair go cianda.
- Chuir an Ghníomhaireacht réiteach um Chibearshlándáil AI chun feidhme chun cuidiú le bagairtí ar an GBRÁ a shainaithint ar ríomhphoist a fhaightear agus ar ghníomhaíocht líonra araon.
- Thionóil Foireann um Chibearshlándáil Fochoiste na Gníomhaireachta seimineár don earnáil rialtais áitiúil i ndáil le cianobair, inar clúdaíodh beartais agus slándáil, agus thug eagraíochtaí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach cur i láthair.
- Soláthraíodh oiliúint ar Shlándáil Faisnéise i rith na bliana trí ardán ar líne le feidhmíocht fheabhsaithe maidir le hionsaithe fioscaireachta ionsamhlaithe ag gach fostaí.



# 4 Cruinnithe Choiste an CBCC 2020

Coiste	Líon cruinnithe	Iomlánach
Príomhfheidhmeannach an CBCC*	10	
CBCC*	8	
Tithíocht agus Foirgníocht an CBCC	8	1
LUTS AN CBCC	5/2 (7 san iomlán)	1
Comhshaol, Athrú Aeráide agus Pleanáil Éigeandála, Athrú Aeráide agus Pleanáil Éigeandála (ECCEP) an CBCC	7/1 (8 san iomlán)	1
Airgeadas an CBCC	6	
Coiste Eacnamaíoch, Fiontar, Pobail agus Cultúir (EECC) an CBCC	7	1
Corparáid an CBCC	5	
Coiste Uisce an CBCC	3	

\*Thionóil Feidhmeannach an CBCC agus CBCC cruinnithe seachtainiúla COVID-19 chomh maith lena gcrúinnithe foirmiúla míosúla chun leanúnachas gnó a chinntiú.

**Ar an 15 Deireadh Fómhair 2020, d'aontaigh Coiste Feidhmiúcháin an CBCC cúig cinn de na seacht gCoiste CBCC a athstruchtúrú.**

Coiste Úr	Líon cruinnithe	Iomlánach
Coiste um Thithíocht, Foirgneamh agus Talamhúsáid (HBLU)* an CBCC	2	
Coiste um Uisce, Bainistíocht Dramhaíola, Comhshaol agus Pleanáil Éigeandála (WWEPP) an CBCC	1	
Coiste um Ghníomhú ar son na hAeráide, Iompar agus Líonraí (CATN)	2	
Coiste um Fhorbairt Tuaithe, Pobal, Turasóireacht, Cultúr agus Oidhreacht (RDCTCH) an CBCC	2	
Coiste um Gnó, Fiontraíocht, Nuálaíocht agus Athnuachan Eacnamaíoch Uirbeach/Bailte (BEIUER) an CBCC	2	

## Ag Obair go comhoibríoch

Tá comhoibriú agus comhpháirtíocht lárnach d'éiteas an d'obair na seacht gcoiste de chuid an CBCC. Le linn 2020 cuireadh obair chun cinn le príomhpháirtithe leasmhara ar fud roinnt earnálacha lena n-áirítear ranna rialtais, gníomhaireachtaí agus a lán eagraíochtaí móra agus eagraíochtaí éagsúla eile.

Cuirtear na príomhpháirtithe leasmhara ar oibrigh gach coiste leo in 2020 ar fáil thíos.

Chomh maith le rannpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara sin, bhí comhaltaí na gcoistí rannpháirteach chomh maith in go leor grúpaí agus foghrúpaí oibre earnála le linn na bliana. Rinne comhaltaí na gcoistí ionadaíocht chomh maith don earnáil rialtais áitiúil ar a lán grúpaí stiúrtha/ tascfhórsaí rialtais trasearnála, etc.

### An Coiste Corparáideach

Ranna Rialtais	Gníomhaireachtaí / comhlachtaí stáit / roinnte	Eagraíochtaí eile
<ul style="list-style-type: none"> <li>An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (DHLGH)</li> <li>An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Na hAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí &amp; Caighdeán in Oifig Phoiblí (SIPO)</li> <li>Coimisiún um Chearta an Duine agus um Chomhionannas na hÉireann (IHREC)</li> <li>An Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC)</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>An Foras Riaracháin (IPA)</li> <li>Dlí-Chumann na hÉireann</li> <li>An Gréasán maidir le Seirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí (QCSN)</li> <li>Oifig Phrómh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais</li> <li>Measúnú Tionchair Sláinte (HIA) le haghaidh na Rannóg Sláinte in Éirinn</li> <li>Árachas CBÉ</li> <li>An Údarás Náisiúnta Míchumais</li> </ul>

### An Coiste Airgeadais

Ranna Rialtais	Gníomhaireachtaí / comhlachtaí stáit / roinnte	Eagraíochtaí eile
<ul style="list-style-type: none"> <li>An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht</li> <li>Seirbhís Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil agus Airgeadas Rialtais Áitiúil</li> <li>An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>An Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC)</li> <li>An Oifig Luachála</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Árachas CBÉ</li> </ul>

## An Coiste um Chomhshaoil, Athrú Aeráide agus Pleanáil Éigeandála

Ranna Rialtais	Gníomhaireachtaí / comhlachtaí stáit / roinnte	Eagraíochtaí eile
<ul style="list-style-type: none"> <li>An Roinn Cumarsáide, Athrú Aeráide agus Comhshaoil</li> <li>An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht</li> <li>An Roinn um Fhorbairt Tuaithe agus Pobail</li> <li>An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara</li> <li>An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt</li> <li>An Roinn Cosanta (Brainse na Cosaint Sibhialta)</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra</li> <li>Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann An Garda Síochána</li> <li>Met Éireann</li> <li>An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC)</li> <li>Oifig na nOibreacha Poiblí</li> <li>An Post</li> <li>Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚIFE)</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Oifigí Réigiúnacha um Bainistíocht Dramhaíola</li> <li>Príomhúdaráis Réigiúnacha um Fhorfheidhmiú Dramhaíola</li> <li>Oifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide (CARONna)</li> <li>Oifig Náisiúnta um Cheadanna le haghaidh Bailiú Dramhaíola</li> <li>Oifig um Chláir Uisce na nÚdarás Áitiúil (LAWPO)</li> </ul>

## An Coiste Eacnamaíoch, Fiontar, Pobail agus Cultúir (EFPC)

Ranna Rialtais	Gníomhaireachtaí / comhlachtaí stáit / roinnte	Eagraíochtaí eile
<ul style="list-style-type: none"> <li>An Roinn um Fhorbairt Tuaithe agus Pobail</li> <li>An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt</li> <li>An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta</li> <li>An Roinn Turasóireachta, Cultúr, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán*</li> <li>An Roinn Gnóthaí Leanáil agus Óige</li> <li>An Roinn Sláinte</li> <li>An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>An Chomhairle Ealaíon</li> <li>Fáilte Éireann</li> <li>Fiontraíocht Éireann</li> <li>Spóirt Éireann</li> <li>Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte</li> <li>An Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc (NOSP)</li> <li>An Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC)</li> <li>An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESC)</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Cónaidhm Thionscal Taistil na hÉireann</li> </ul>

\*Tháinig an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt Oidhreacht agus na Meán in ionad na Roinne Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta i ndiaidh chruthú an Rialtais úir in 2020.

## An Coiste le haghaidh Úsáid Talún agus Iompair (LUTS)

Ranna Rialtais	Gníomhaireachtaí / comhlachtaí stáit / roinnte	Eagraíochtaí eile
<ul style="list-style-type: none"> <li>An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil</li> <li>An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt</li> <li>An Roinn Comhshaoil, Athraithe Aeráide agus Pleanála</li> <li>An Roinn um Fhorbairt Tuaithe agus Pobail</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ)</li> <li>Oifig na Bainistíochta Bóithre</li> <li>Oifig na nOibreacha Poiblí</li> <li>An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC)</li> <li>Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann (SGÉ)</li> <li>An Gníomhaireacht Forbartha Talún</li> <li>Líonraí Bhord Soláthair an Leictreachais</li> <li>(BSL) Oifig an Rialálaí Pleanála (ORP)</li> <li>An Chomhairle Oidhreachta</li> <li>An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA)</li> <li>Sports Trails Ireland</li> <li>An Bord Pleanála</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Comhlachtaí Poiblí Éireannacha (CBÉ)</li> <li>Institiúid Pleanála na hÉireann (IPÉ)</li> <li>An Post</li> <li>Fóram Comhpháirteach Úsáideoirí Fónas Údarás Áitiúil (JULA)</li> <li>Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC)</li> <li>Leathanbhanda Náisiúnta na hÉireann (NBI)</li> <li>Cumann Fuinnimh Chréine na hÉireann (ISEA)</li> </ul>

## An Coiste Tithíochta agus Tógála

Ranna Rialtais	Gníomhaireachtaí / comhlachtaí stáit / roinnte	Eagraíochtaí eile
<ul style="list-style-type: none"> <li>An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta</li> <li>An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais</li> <li>An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>An Gníomhaireacht Tithíochta</li> <li>Comhairle um Thithíocht Shóisialta na hÉireann</li> <li>Rialaitheoir na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCT)</li> <li>Seirbhís Príosún na hÉireann</li> <li>An Gníomhaireacht Forbartha Talún (LDA)</li> <li>Oifig Náisiúnta um Thionscadal Bainistíochta um Rialú Foirgníochta</li> <li>Ionad Seirbhíse Comhroinnte ÍCT</li> <li>Feidhmeannacht na Seirbhíse (FSS)</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Tús Áite don Tithíocht</li> <li>An Príomhchlár Creidmheasa</li> <li>SORUM – Measúnú agus bainistíocht riosca ciontóirí gnéis</li> <li>ENRanna</li> </ul>

## An Coiste Uisce

Ranna Rialtais	Gníomhaireachtaí / comhlachtaí stáit / roinnte	Eagraíochtaí eile
<ul style="list-style-type: none"> <li>An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta</li> <li>An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Uisce Éireann</li> <li>An Coimisiún um Rialáil Fónas na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC)</li> <li>Líonra Saotharlann Creidiúnaithe</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Grúpa um Athrú ó Bhonn na Seirbhísí Uisce Phoiblí</li> <li>Foireann Comhcheannaireachta</li> <li>Grúpaí Náisiúnta agus Réigiúnacha SLA</li> <li>Foireann an Chláir um Athrú ó Bhonn</li> <li>Grúpa ASP agus Buiséid Líonra um Bainistiú Athruithe</li> </ul>

Déantar seirbhísí uisce a sholáthar trí Chomhaontú Seirbhíse le hUisce Éireann. Tá an earnáil údarás áitiúil féin ina páirtí leasmhara rithábhachtach don Choiste Uisce.





# 5 | Nuálaíocht

## Straitéis Náisiúnta Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí

I seoladh iontach Chlár Náisiúnta um Straitéis Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí bhí sé ina ábhar bróid don GBRÁ, agus do Chomhairle Contae Mhuineacháin ionadaíocht a dhéanamh don earnáil rialtais áitiúil maidir le forbairt na Straitéise náisiúnta Nuálaíochta a faoi stiúir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i rith 2020.

Bhain céim phíolótach an chláir le hionchur trí shraith cruinnithe agus ceardlann leis an tSeirbhís Cúirteanna, an Roinn Talmhaíochta, agus an earnáil rialtais áitiúil, rud a mhúnlaigh toradh an chláir.

Ba é toradh an chláir gur eisigh an tAire Michael McGrath an clár i mí Dheireadh Fómhair agus é mar aidhm nuálaíocht a leabú i seirbhís phoiblí na hÉireann. Bhí uirlisí agus áiseanna ag gabháil leis an straitéis a forbraíodh mar chuid den chlár náisiúnta chun cuidiú le forbairt straitéisí sonracha eagraíochta a thiocfaidh leis an bhfís náisiúnta fhoriomlán “Leas a bhaint as cumhacht na nuálaíochta chun seirbhísí poiblí den scoth a sholáthar in Éirinn”. Sainaithníodh ceithre phríomhthosaíocht chun tacú leis an bhfís sin.

SPRIOCANNA	
<p><b>TOSAÍOCHT 1</b> Nuálaíocht a dhíríonn ar an Saoránach</p>  <p>Tús áite a thabhairt do shaoránaigh agus d'úsáideoirí sa nuálaíocht chun feabhas a chur ar a n-eispéireas ar sheirbhísí poiblí</p>	<p><b>1.1</b> Éisteacht le saoránaigh agus úsáideoirí agus bheith rannpháirteach leo.</p> <p><b>1.2</b> Seirbhísí comhtháite atá éasca a úsáid a dhearadh agus a sholáthar.</p>
<p><b>TOSAÍOCHT 2</b> Cultúr na Nuálaíochta</p>  <p>Cultúr a chruthú ina ndéanfar gach ball foirne a spreagadh, a chumhachtú agus a chumasú le bheith nuálach</p>	<p><b>2.1</b> Bheith chun tosaigh le fíis, cumhachtaigh baill foirne agus ceistigh na gnáthrudáí.</p> <p><b>2.2</b> Baill foirne a ullmhú leis na scileanna, aigne, agus uirlisí a theastaíonn le bheith nuálach.</p>
<p><b>TOSAÍOCHT 3</b> Cur leis an Nuálaíocht</p>  <p>Oibrigh sna hearnálacha agus sna heagraíochtaí ar fad leis an éifeachtúlacht a bharrfheabhsú trí chur leis an nuálaíocht ar fud na hEarnála Poiblí</p>	<p><b>3.1</b> Déan ceangail agus comhoibrigh ar fud an éiceachórais chun nuálaíocht rathúil a thomhas.</p> <p><b>3.2</b> Déan léargas, eolas, agus ceachtanna a foghlaimíodh a ghabháil agus a roinnt.</p>
<p><b>TOSAÍOCHT 4</b> Nuálaíocht Bhunathraitheach</p>  <p>Nuálaíocht a spreagadh ar fud na Seirbhíse Poiblí trí bheith ar thús cadhnaíocht maidir le hathrú agus bunathrú fadtéarmach</p>	<p><b>4.1</b> Léargas straitéiseach a fhorbairt le haghaidh treochtaí agus ceanglas amach anseo.</p> <p><b>4.2</b> Tacú le beartas maidir le nuálaíocht, bunathrú digiteach, agus bealaí úra chun oibriú trí thurgnamh, tástáil agus feabhas leanúnach agus é a chur chun cinn.</p>

### Straitéis Nuálaíochta GBRÁ

De thoradh ar a rannpháirtíocht sa chlár náisiúnta um Straitéis Nuálaíochta, chuir an GBRÁ tús lena straitéis Nuálaíochta féin a fhorbairt ag deireadh 2020 ag baint úsáid as na huirlisí agus an canbhás a forbraíodh le linn an chláir náisiúnta. Faoi stiúir an PMO, tháinig foireann trascholún inmheánach le chéile agus shainigh siad uailmhian nuálaíochta an GBRÁ mar “Comhpháirtí agus tionchaire nuálaíochta, a chuireann nuálaíocht chun cinn ar fud na hearnála rialtais áitiúil agus a thacaíonn leis sin”.

In iarrachtaí fócas ar nuálaíocht a mhéadú laistigh den GBRÁ agus tacú lena fás agus forbairt leanúnach tríd an earnáil, d’fhorbair foireann nuálaíochta an GBRÁ próiseas rialachais um Nuálaíocht agus plean mionsonraithe cur chun feidhme a chuirfeair i bhfeidhm le linn 2021. Mar chuid d’fhorbairt straitéis an GBRÁ, bhíodhas i mbun plé leis na húdaráis áitiúla chun an dóigh is fearr le tacú le nuálaíocht a chinneadh. Bhí sé sin ina imeacht nuálaíochta faoi thrácht le linn na seachtaine Náisiúnta Nuálaíochta ina raibh go leor daoine páirteach agus ina raibh ionchur mór ón earnáil.

Tá tacaíocht agus comhairle ar fáil ón GBRÁ do na húdaráis áitiúla chun dul chun cinn na n-iarrachtaí nuálaíochta a spreagadh ar bhonn áitiúil.

### Ciste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí

D’fheidhmigh an earnáil rialtais áitiúil go maith arís in 2020, ag fáil 21% den chiste foriomlán a cuireadh ar fáil do na heagraíochtaí seirbhíse poiblí ar fad. Bhí €198,400 san iomlán thar 9 dtionscadal arna spreagadh ag údaráis áitiúla tacaíthe ag ciste na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe dar luach €956k. Rinne an GBRÁ ionadaíocht don earnáil trí pháirt a ghlacadh i mbord meastóireachta an chiste sin.

Ciste Foriomlán  
€956k

Earnáil Rialtais Áitiúil  
€198k

9 nÚdarás Áitiúla  
21% de Mhaoiniú




### An tSeirbhís Phoiblí 2020

Rinne an GBRÁ ionadaíocht don earnáil ar phlé náisiúnta painéil le linn chlár imeachtaí na seachtaine Náisiúnta Nuálaíochta a d’eagraigh agus a d’óstáil an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. D’éascaigh sé sin an GBRÁ maidir le roinnt de na samplaí iomadúla de nuálaíocht a cuireadh chun feidhme ar fud na hearnála rialtais áitiúil a chur chun cinn.

Ghlac an GBRÁ páirt sa Ghrúpa Stiúrtha OPS2030 atá ag oibriú ar an gclár oibre agus na topaicí fócais don iarchlár le haghaidh OPS2020 a fhorbairt.





### **Uathoibriú an Phróisis Robáitice/Uathoibriú Intleachta**


Mar iarrachtaí chun úsáid teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn san earnáil rialtais áitiúil a spreagadh agus a chur chun cinn, chuir an GBRÁ úsáid Uathoibriú an Phróisis Róbaitice (RPA) i bhfeidhm go rathúil chun nuashonruithe ar an gcóras ama & tinrimh CoreHR a uathoibriú. Le tionscadal a bhí maoinithe i bpáirt ó chiste Nuálaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe forbraíodh Róbat ar féidir leis ríomhphoist ó bhainisteoirí líne a oscailt agus a léamh, na teoracha sna ríomhphoist sin a léirmhíniú, liosta oibre a chruthú le haghaidh nuashonrú ar CoreHR, logáil isteach in CoreHR agus nuashonruithe a chur i bhfeidhm de réir mar a iarrtar é. Ar deireadh, seolann an Róbat tuairisc oibre chuig an bhfoireann acmhainní daonna ina dtugtar eolas faoin obair ar fad a cuireadh i gcrích agus cuirtear béim ar aimhrialtachtaí ar bith lena ngéarú.

Tá rannpháirtíocht ar siúl le líon údarás áitiúil chun scrúdú a dhéanamh ar dheiseanna eile maidir leis an teicneolaíocht sin, teicneolaíochtaí gaolmhara eile a úsáid san earnáil.

### **Tuarascáil Nuálaíochta COVID-19 na nÚdarás Áitiúil**

Rinne foireann Bainistíochta agus Nuálaíochta an Chláir, i gcomhar le foireann Taighde an GBRÁ an tuarascáil "Forléargas Nuálaíochtaí COVID-19 na nÚdarás Áitiúil" (Overview of Local Authority COVID-19 Innovations) a chur le chéile agus a fhoilsiú, tuarascáil ina gcuirtear i láthair úsáid ÚA as nuálaíocht maidir le freagairt don iliomad dúshlán a bhí le sárú de dheasca phaindéim COVID-19.

Sa tuarascáil, a foilsíodh i mí na Bealtaine 2020, gabhtar freagairt luath an ÚA go maith maidir lena chinntiú go leanfaí leis an seirbhísí riachtanacha don phobal agus tugtar chun suntais inti an príomhról a bhí ag an earnáil rialtais áitiúil maidir leis an bhfreagairt don phaindéim agus an gcéad ráig den phaindéim ag teacht i dtreis ar fud an náisiúin.





# 6 | Eolas

## Taighde

- Lean an tAonad Taighde ag obair go díreach le Coistí an CBCC agus le foirne éagsúla an CBCC trí thacaíocht theicniúil a sholáthar agus aighneachtaí a ullmhú.
- D'fhoilsigh an GBRÁ trí thuarascáil taighde a chomhlánaigh foilseachán údaráis áitiúil IPA.
- Faomhadh Cás Gnó mionsonraithe maidir leis an gcéad Láraonad Sonraí a bhunú don rialtas áitiúil.
- Bhailigh an tAonad Taighde sonraí agus sholáthair sé roinnt tuarascálacha a chuidigh le hobair na n-údarás áitiúil maidir le freagairt do COVID-19 a thaifeadh agus a chainníochtú.
- Tháinig méadú ar ionadaíocht na hearnála ar fud raon grúpaí taighde.
- Tacaíodh le hobair ar tháscairí feidhmíochta bliantúla NOAC agus síneadh an anailís treochtaí chun an séú bliain de shonraí a chuimsiú.

Soláthraítear sa tábla thíos achoimre ar aighneachtaí an tsuirbhé agus an cúnamh teicniúil a cuireadh ar fáil le linn na bliana. Tugtar sonraí ann maidir le:

Cúnamh Teicniúil	
Teideal/Téama	Thar ceann An GBRÁ/Coiste
Cás Gnó um Shubstaintí Contúirteacha – Anailísíocht Sonraí	ECCEP
Cás Gnó um Athchumrú CARO	ECCEP
Cúnamh le dearadh Suirbhé um Measúnú agus Nuálaíocht Aibíochta E&Y don earnáil	PMO GBRÁ
Grúpa Comhairleach Taighde d'fhorbairt Straitéis um Ghníomhú ar son na hAeráide na hEarnála Rialtais Áitiúil Gníomhaíocht Éifeachtúil Aeráide a Sholáthar do 2030	ECCEP
Grúpa Comhairleach Taighde d'fhorbairt Thogra um Maoiniú do Ghníomhú ar son na hAeráide na hEarnála Rialtais Áitiúil	ECCEP
Grúpa Comhairleach Taighde chun PTFanna um Ghníomhú ar son na hAeráide a fhorbairt	ECCEP
Cúnamh le próiseas bailithe sonraí do Ghrúpa Oibre Staitisticí Leabharlann an GBRÁ a fhorbairt	Leabharlanna LGMA
Ionchur i ndearadh na dtuarascálacha anailísíochta do AD	Grúpa Anailísíochta AD an GBRÁ

Suirbhéanna / aighneachtaí	
Teideal/Téama	Thar ceann An GBRÁ/Coiste
Cúnamh DRCD le comhairliúchán i ndáil leis an bPlean Gníomhaíochta le haghaidh Forbairt Tuaithe	EECC
RTPI Taighde ar Thorthaí Pleanáil a Thomhas (OPR)	LUTS
DJE Tionchar inscne Covid-19 a Thomhas	CBCC
DPER OPS2020 Sonraí táscairí	CBCC

### Fillteán Lárnach Aighneachtaí

Bunaíodh fillteán lárnach chun gach aighneacht arna déanamh ag Coistí éagsúla an CBCC a ghabháil. Le linn na bliana, cuireadh níos mó ná daichead a seacht aighneacht faoi bhráid ranna nó gníomhaireachtaí rialtais éagsúla.

### Sonraí um Ghlao an Phobail

Gabhadh sonraí údarais áitiúil a bhaineann leis na leibhéil ghníomhaíochta i ndáil le Glao an Phobail ar Mhol Sonraí na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Léiríodh sna sonraí gur láimhseáil na húdarais áitiúla beagnach 60,000 glao teileafóin, agus fuarthas os cionn 80% díobh sin sna chéad trí mhí de bheith ag feidhmiú. Léiríodh leis na sonraí chomh maith nuashonrú ollmhór ar ríomh-Acmhainní leabharlainne.

Idir mí Eanáir agus mí na Nollag 2020 bhí:



**763,623**  
Iasacht r-Leabhar



**857,990**  
iasacht leabhar  
r-Fhuaimne



Amharcadh ar  
**427,333**  
ceacht cúrsaí  
oiliúna



**273,218**  
Féachadh ar  
físeán oiliúna




**234,437**  
Rinneadh  
iarratas ó  
mhic léinn



**85,188,863**  
Osclaíodh alt  
LéitheoraPreasa

## IOMLÁN GLAONNA GO DTÍ SEO



## Tuarascálacha taighde

### Cuntas Gearr ar Gníomhaíochtaí Aeráide an Rialtais Áitiúil in Éirinn

Seoladh an tuarascáil deiridh, Cuntas Gearr ar Gníomhaíochtaí Aeráide an Rialtais Áitiúil in Éirinn. Léirítear sa tuarascáil, a ullmhaíodh thar ceann Choiste ECCEP an CBCC, an príomhról atá ag údaráis áitiúla maidir le dul i ngleic leis an athrú aeráide agus gníomhaíochtaí faoin bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta Aeráide a chur chun feidhme. Tugtar sonraí ann maidir le torthaí suirbhé a rinneadh sna húdaráis áitiúla ar fad, inár gabhadh sonraí a bhaineann le réimse gníomhaíochtaí um oiriúnú, maolú, agus freagairt éigeandála le cúig bliana anuas. Gabhadh bonnlíne go rathúil sa tuarascáil maidir le gníomhaíochtaí reatha aeraithe aeráide agus bunaítear dea-chleachtas trí níos mó ná 40 cás-staidéar a léiriú, faoi mar a ceanglaíodh leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Aeráid.



### Tionchar na Trádála ar Líne ar an Rialtas Áitiúil

Ba é an cuspóir leis an tuarascáil eacnaiméadrachta measúnú a dhéanamh ar thionchair an fháis ar an trádáil ar líne ar mhiondíol fisiceach agus dá réir sin ar ioncam na n-údarás áitiúil. Féachadh inti chomh maith le himscrúdú a dhéanamh ar an dóigh a n-imríonn an treocht i siopadóireacht ar líne tionchar ar fhorbairt shóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha ár gcathracha agus ár mbailte chun tuiscint a fháil ar an dóigh is fearr le cruth a chur ar an bhforbairt amach anseo chun leas a bhaint as na deiseanna agus na dúshláin atá curtha i láthair sa timpeallacht seo atá ag athrú.

Cuirtear béim sna torthaí ar an ngá atá le hobair a dhéanamh ar fhorbairt eacnamaíoch a chur chun cinn agus a éascú a dhíríonn ar dheiseanna fostaíochta ardchaighdeán a chruthú, chun béim a chur cathracha agus bailte a chruthú a bheidh beoga agus ina gcuirfear sraith saoráidí éagsúla ar fáil.



### Comhpháirtithe Taighde

Thacaigh an GBRÁ leis an IPA le ceithre cás-staidéar a sholáthar a bhí ina gcuid de staidéar taighde níos leithne ar nuálaíocht an rialtais áitiúil mar fhreagairt do COVID-19 a bhí á tabhairt faoi ag an Foras Riaracháin (IPA) a bhí le foilsiú in 2021.





## Ionadaíocht eárnála

Sholáthair an GBRÁ ionadaíocht eárnála ar thrí ghrúpa náisiúnta taighde:

- **Grúpa Eolais Pleanála Oifig an Rialála Pleanála**  
Bhunaigh an ORP an grúpa chun cuidiú le cur chun feidhme a gcuspóirí taighde faoin straitéis reatha.
- **Fóram Taighde na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil**
- **Grúpa Idirchaidrimh Staitisteoirí Foirmiúil CSO**  
Tá an grúpa comhdhéanta d'ionadaithe as gach roinn agus gníomhaireacht rialtais a oibríonn le sonraí eárnála.

## Táscairí Feidhmíochta

### Tuarascáil um Tháscairí Feidhmíochta Údaráis Áitiúil NOAC 2019

Thacaigh an GBRÁ le bailiú sonraí le haghaidh tháscairí feidhmíochta na n-údarás áitiúil 2019 trí chúnaimh teicniúil a sholáthar do NOAC agus trí thacair shonraí sheachtracha a thiomnú. Soláthraíodh tuarascáil an GBRÁ agus cuimsíodh í i dtuarascáil bhliantúil NOAC, ar foilsíodh í. D'éascaigh an GBRÁ uasghrádú agus tabhairt isteach táscairí úra chomh maith idir coistí an CBCC agus Bord NOAC. Cuireadh tús le hobair chomh maith ar thuarascálacha treochtaí a sholáthar maidir le sé bliana (2014-2019) de shonraí NOAC in 2020 a fhoilseofar in 2021.

### Tá Grúpa Comhairleach Taighde NOAC le himscrúdú a dhéanamh ar fhorbairt táscaire eacnamaíoch d'údaráis áitiúla

Bhí Taighde an GBRÁ páirteach i nGrúpa Comhairleach Taighde NOAC a choimisiúnaigh taighde chun athbhreithniú a dhéanamh ar réimse na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha arna dtabhairt fúthu ag na húdaráis áitiúla chun moltaí a dhéanamh faoi fhorbairt táscairí úra. Soláthrófar an tuarascáil deiridh do NOAC in 2021.

### Suirbhé ar Shástacht Custaiméirí


Chuir NOAC an cúram maidir le suirbhéanna bliantúla a dhéanamh i ndiaidh 2020 don GBRÁ. Bhunaigh an Coiste Corparáideacha Grúpa Comhairleach Taighde a d'fhorbair togra chun Tuarascáil Bhliantúil Rialtais Áitiúil maidir le Sástacht Custaiméirí a chruthú ina ndéantar an méid seo a leanas:

- Soláthraítear comhthéacs ina dtugtar cur síos ar an méid oibre atá á dhéanamh cheana ar fud na hearnála a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar leibhéal na sástachta custaiméirí.
- Cuirtear i láthair torthaí ó shuirbhéanna eárnála ina ndéantar measúnú ar an leibhéal feasachta atá ag an bpobal faoi réimse na seirbhísí a sholáthraíonn údaráis áitiúla agus leibhéal na sástachta custaiméirí agus iad i dteagmháil dhíreach leis na húdaráis áitiúla.
- Roinnt cás-staidéar chun nuálaíocht, an dea-chleachtas, agus dúshlán ar fud na hearnála a léiriú.



## Láraonad Sonraí

Faomhadh togra maidir le Láraonad Sonraí a bhunú ina n-óstálfar sonraí ón earnáil. Déanfar anailísíocht mhionsonraithe agus forbrófar raon tuarascálacha, deaiseanna agus amharcléirithe eile ina dtabharfar eolas faoi thorthaí agus faoi thionchar.



# 7 | Tacaíocht agus cúnamh rialtais áitiúil

## Ionadaíocht um Chaidreamh Tionsclaíoch

Sholáthair an GBRÁ tacaíocht leanúnach do na húdaráis áitiúla i ndáil le cúrsaí caidrimh thionsclaíoch lena n-áirítear beartais agus nósanna imeachta agus soiléiriú maidir le léirmhíniú imlitreacha agus fiosruithe a bhain le fostaithe.

Rinne an GBRÁ ionadaíocht do na húdaráis áitiúla agus thacaigh siad leo i gcúrsaí áitiúla le ceardchumainn a cuireadh ar aghaidh chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre lena n-áirítear idirghabháil, idir-réiteach, breithniú agus éisteachtaí na Cúirte Oibreachais.

Leanadh le cruinnithe de chuid LANC agus Chomhlacht Maoirseachta an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais i gcáil chianda i rith na bliana.

## Tacaíochtaí Earnála

### Líonra Oifigeach AD

Lean an GBRÁ le treoir agus comhairle a sholáthar do Líonra Oifigigh AD na n-údaráis áitiúil ar réimse iomlán ceisteanna acmhainní daonna, lena n-áirítear tionchar na reachtaíochta agus ceart fostaíochta.

- Tionóladh 55 cruinníú líonra ar líne chun tacú le hOifigigh AD in 2020

### An Líonra um Shaoráil Faisnéise (SF)

Lean an GBRÁ le treoir a chur ar fáil don Líonra oifigeach um shaoráil faisnéise údaráis áitiúil i ndáil le hiarratais a fuarthas. Soláthraíodh tacaíocht agus treoir ar thrí phríomhbhealach i.e.

- Cruinnithe an Líonra um Shaoráil Faisnéise a Óstáil trí huair sa bhliain inar pléadh ceisteanna earnála a bhain le SF,
- Treoir a eisiúint chuig na hOifigigh um Shaoráil Faisnéise go léir i ndáil le hiarratais SF a fhaigheann na húdaráis áitiúla go léir, agus
- Tacaíocht dhíreach d'Oifigigh um Shaoráil Faisnéise maidir le hiarratais a fuarthas.

### Oiliúint Fostaithe (Foghlaim agus Forbairt)

Lean an GBRÁ le treoir a sholáthar do na hOifigigh Oiliúna agus shann fostaithe AD freagrachtaí i ndáil le hOiliúint agus Foghlaim agus Forbairt fostaithe.

Soláthraíodh tacaíocht agus treoir ar thrí phríomhbhealach i.e.

- Ceardlanna Oifigeach Oiliúna a óstáil trí huair sa bhliain, inar pléadh ceisteanna earnála a bhaineann le hOiliúint agus Foghlaim agus Forbairt fostaithe.



## Oifig Aistrithe na Seirbhísí Uisce (WSTO)

Lean Oifig Aistrithe na Seirbhísí Uisce (WSTO) le tacaíocht a chur ar fáil d'earnáil seirbhísí uisce na n-údarás áitiúil.

### Aighneachtaí a Rinneadh

Le linn 2020, d'ullmhaigh WSTO aighneachtaí thar ceann Choiste Seirbhísí Uisce an CBCC agus na hearnála lena n-áirítear dhá cheann chuig an gCoimisiún um Rialáil Fóntas maidir

leis na hathchóirithe beartaithe ar na Lámhleabhair do Chustaiméirí Baile agus Tráchtála. Rinneadh comhairliúchán fairsing leis na húdarais áitiúla roimh na haighneachtaí sin. D'ullmhaigh WSTO aighneacht chomh maith do Choiste an CBCC ar an Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide agus ar an gceist maidir le diúscairt earraí plaisteacha aon úsáide tríd an mbonneagar fuíolluisce. Cuireadh faoi bhráid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta í le go mbreithneoidh ionadaithe Éireannacha ar bhonneagar fuíolluisce a chuimsiú i gceanghais um fhreagracht leathnaithe táirgeora (FLT) Airteagal 8.3 den Treoir.

### Taighde ar Forbairt Eacnamaíoch

Chuir an WSTO taighde i gcrích maidir le tionchar dheighilt na feidhme pleanála do sheirbhísí uisce ó na húdarais áitiúla agus a tionchar ar forbairt, ar chumas na hearnála. Cuireadh i láthair choiste nuabhunaithe an CBCC um Uisce, Dramhaíl, Comhshaol, & Pleanáil Éigeandála i mí na Samhna 2020 é. Tá leagan athbhreithnithe agus nuashonraithe á ullmhú lena chur faoi bhráid an CBCC.

### Leanúnachas Gnó le linn Covid-19

Chomhordaigh an WSTO an Grúpa Leanúnachais Ghnó a rinne maoirseacht ar fhreagairt rannóg Sheirbhísí Uisce na nÚdarás Ábhartha do phaindéim COVID-19. Cuimsíodh sa Ghrúpa Príomhfheidhmeannaigh an Choiste Uisce, Oibríochtaí Sócmhainní in Uisce Éireann agus in WSTO. Rinneadh prótacail agus nósanna imeachta a fhorbairt agus a chomhaontú don earnáil agus rinneadh iad a scaipeadh. Tionóladh cruinnithe gach coicís nó níos ba mhinice de réir na n-athruithe ar leibhéal agus ar thosca na paindéime. Soláthraíodh doiciméid chuimsitheacha CC le haghaidh treoir don earnáil.

### Fóntas Poiblí Aonair Molta (FPA)

Leanadh le hobair ar an gceist maidir le cur in ionad comhaontuithe seirbhíse amach anseo idir Uisce Éireann agus na húdarais áitiúla. Tá an WSTO ina bhall de Ghrúpa um Athrú ó Bhonn na Seirbhísí Uisce Poiblí a dhéanann ionadaíocht ar son an lucht bainistíochta le linn idirbheartaíochta. Le linn 2020 moladh gur cheart don Aire páipéar a sholáthar ina leagfaí amach an tslí chun tosaigh don FPA lena bhreithniú ag na páirtithe.

### Uisce Tuaithe

Rinne an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta Iarratas ar Thairiscintí maidir le soláthar Taighde agus Faisnéise ar Earnáil an Uisce Tuaithe i mí Lúnasa 2020.

## Saincheisteanna Oidhreacht

Déanann WSTO agus saineolaithe ábhair na n-údarás áitiúil ionadaíocht don earnáil ar na Grúpaí Oibre um Pinsin agus Muirir na Lárbhainistíochta arna stiúir ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht. Bunaíodh na grúpaí sin in 2019 chun tograí a fhorbairt chun dul i ngleic le príomh-shaincheisteanna oidhreacht.

Le linn 2020 cuireadh an obair ar phinsin i gcrích agus cuireadh i láthair Phríomhfheidhmeanngh Choiste um Uisce, Dramhaíl, Comhshaol, agus Pleanáil Éigeandála an CBCC í. Cuirfear ar aghaidh chuig an CBCC í in 2021. Tá obair ar an CMC fós ar siúl.

## Foirne Deartha Tionscadal

Bunaíodh foirne deartha tionscadal chun éascaíocht a dhéanamh ar threoirionscadail de réir mar is cuí agus déanann ionadaithe ó WSTO ionchuir agus ballraíocht na n-údarás áitiúil a chomhordú. Áirítear orthu sin:

- Ceangail agus Seirbhísí Forbróra Nósanna
- Imeachta Oibriúcháin Caighdeánacha
- Córais Bainistíochta Faisnéise Timpeallachta
- Soláthar Tionscadail Chaipitil
- Clár Cothabhála Beartaithe Cur Chun
- Feidhme Straitéise Náisiúnta Saotharlann
- Córas Bainistíochta Ligin.



## Gréasán Athraithe Bainisteoirí Údaráis Áitiúil

Reáchtáilann an WSTO an Gréasán Athraithe Bainisteoirí Údaráis Áitiúil agus a gcrúinithe míosúla i gcomhar le hUisce Éireann. Is é ról an Bhainisteora Athraithe Údaráis Áitiúil éascaíocht a dhéanamh ar na hathruithe a tharlaíonn mar thoradh ar na tionscnaimh éagsúla a eascraíonn as an bplean bunathraithe. Cuidíonn an Gréasán maidir le cur i bhfeidhm éasca agus aonfhoirmeach na n-athruithe laistigh den earnáil. Tugtar tionscnaimh úra amháil TF, Maximo agus Aonaid Láimhe etc. chuig an bhfóram seo ar an gcéad dul síos chun aiseolas a fháil. Tionóladh 11 chruinniú le linn 2020 agus tionóladh na cruinnithe sin ar líne mar gheall ar COVID-19 ó mí Aibreáin go mí na Nollag.

## Tionscadal Párolla

Le linn 2020 cuireadh an tionscadal i bhfeidhm i measc 30 údarás áitiúil. Ba é an cuspóir leis sonraí párolla gan ainm a sholáthar ón earnáil d’Uisce Éireann. Tá an tionscnamh ina fhreagairt ar cheanglas iniúchóireachta ar Uisce Éireann. Tarchuirtear faisnéis ar bhonn míosúil, agus tagann grúpa maoirseachta le chéile gach coicís chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn.

## Coiste Uisce an CBCC

Tacaíonn an WSTO le Coiste Uisce an CBCC ina chuid oibre agus déanann sé taighde ar a shon ar fud na hearnála mar aon le haighneachtaí reachtúla agus neamhreachtúla a ullmhú ar shaincheisteanna de réir mar a thagann siad chun cinn. Áiríodh ar mhíreanna ar an gClár Oibre le linn 2020 Pinsin, Beartas Um Muirear Ceangail Agus Costais Na Lárbhainistíochta.



## Córas Bainistíochta Airgeadais

### Scéimeanna um Deontas 'Restart'

Thug an Rialtas dhá Scéim um Dheontas 'Restart' isteach le linn 2020 a raibh sé mar aidhm leo cuidiú le micreaghnólachtaí agus gnólachtaí beaga leis na costais a bhain le hathoscailt agus oibríthe a fhostú arís i ndiaidh dhúnadh COVID-19. Tugadh DEONTAS 'RESTART' AGUS DEONTAS 'RESTART PLUS' (RGP) ar an dá scéim. D'éascaigh an earnáil rialtais áitiúil próiseáil na n-iarratas agus íocaíochtaí ina dhiaidh sin do FBManna thar ceann na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Fuarthas os cionn 120,00 iarratas ó ghnólachtaí agus íocadh os cionn €630 milliún amach i ndeontais. D'oibrigh an GBRÁ lena sholáthraí bogearraí chun réiteach bogearraí a sholáthar chun foirmeacha iarratais ar líne a iompórtáil agus éascaíocht a dhéanamh ar dheimhniú agus ar fhaomhadh ag bain úsáid as

sreabhadh oibre sula gcuirfear isteach iad le haghaidh íocaíochta sa Chóras Bainistíochta Airgeadais (CBA) Forbraíodh an feidhmchlár go gasta agus i ndiaidh cur feidhme píolótach cuireadh ar fáil do 25 láithreán CBA Agresso é.

### Tarscaoileadh Rátaí COVID-19

D'fhógair an Rialtas tarscaoileadh naoi mí ar rátaí do ghnólachtaí arbh éigean dóibh an ngnó a dhúnadh mar gheall ar COVID-19 le linn 2020. Cuireadh tarscaoileadh 100% i bhfeidhm ar gach gnólacht seachas líon beag catagóirí, bainc, fónais, ollmhargaí mór, agus corparáidí den chuid ba mhó.

Leithdháil an Rialtas €900 milliún ar an iomlán chun costas ar tharscaoileadh rátaí tráchtála a mhaoiniú ar feadh naoi mí go dtí deireadh mí na Nollag, do ghnólachtaí incháilithe. Leis an mbeart sin gan choinne soláthraíodh tacaíocht do ghnólachtaí agus cinnteacht do na húdaráis áitiúla.

D'oibrigh an GBRÁ lena sholáthraí bogearraí chun pacáiste um Tharscaoileadh Rátaí a sholáthar a cuireadh i bhfeidhm ar na Rátaí Tráchtála Agresso agus ar fheidhmchláir Airgeadais ar fud na hearnála mar gheall ar COVID-19.

### PSD2 – Seirbhísí Íocaíochta Treoir 2 – Treoir AE 2015/2366

Ba é an 31 Nollaig 2020 an spriocdháta le haghaidh chur chun feidhme Threoir AE 2015/2366. B'éigean athruithe a dhéanamh ar fheidhmchláir íocaíochtaí ar líne na n-údarás áitiúil chun freastal ar cheanglais PSD2 ionas nach ndiúltódh an soláthraí Seirbhíse Íocaíochtaí na hidirbhearta ar an 1 Eanáir 2021.

Is iad na cuspóirí le PSD2 íocaíochtaí ar líne a dhéanamh níos sábháilte, cosaint tomhaltóirí a mhéadú, nuálaíocht agus iomaíocht a chothú agus cothrom na féinne á chinntiú do gach imreoirí, lena n-áirítear imreoirí úra.

D'éagraigh an GBRÁ lena sholáthraí bogearraí go gcuirfeadh siad na hathruithe riachtanacha ar fheidhmchlár na n-íocaíochtaí ar líne chun feidhme chun freastal ar PSD2. Cuireadh an tionscadal i gcrích go rathúil de réir an sceidil.

### r-Shonrascú

I mí Aibreáin 2014, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Treoir 2014/55/AE maidir le

sonrascú leictreonach sa soláthar poiblí le féachaint le héascaíocht a dhéanamh ar Chaighdeán Eorpach a úsáid maidir le sonrascú leictreonach chun sonraisc leictreonacha a chur isteach agus a phróiseáil. Tá sé d'oibleagáid ar gach eintiteas poiblí r-Shonraisc a ghlacadh agus a phróiseáil a chomhlíonadh an Caighdeán Eorpach um r-Shonrascú. Bhunaigh an Rialtas, tríd an OSR, an Clár um r-Shonrascú chun Comhlachtaí na hEarnála Poiblí a éascú agus a chur ar a gcumas an acmhainn a bhunú chun sonraisc leictreonacha a fháil, glacadh leo agus a phróiseáil faoi dháta um chomhlíonadh na Treorach maidir le r-Shonrascú, Aibreán 2019. Ba é an 18 Aibreán 2020 an dáta um chomhlíonadh don earnáil rialtais áitiúil agus chomhlíon na húdaráis áitiúla go léir é.

### Comhtháthú an r-Shonrascaithe sa CBA

Le linn 2020 rinneadh réiteach r-Shonrascaithe ceann go ceann a chomhtháthú sa Chóras Bainistíochta Airgeadais sna húdaráis áitiúla chun go mbeifear ábalta sonraisc soláthróirí a phróiseáil go leictreonach ón bhfoinse go dtí an íocaíocht. Le r-Shonrascú is féidir feabhas a chur ar éifeachtúlachtaí agus coigilteas a sholáthar d'údaráis áitiúla ina bpróiseas ceannach go híocaíocht.

## Acmhainní Daonna, Párolla agus Aoisliúntas (HPSS)

### An Clár Acmhainní Daonna, Párolla agus Aoisliúntais (HPSS)

Leis an gclár Acmhainní Daonna, Párolla agus Aoisliúntais (HPSS) cuirtear ar chumas údarás áitiúil agus eagraíochtaí eile san earnáil phoiblí seirbhísí AD, Párolla agus seirbhísí coimhdeacha a sholáthar go héifeachtach, go cruinn agus go slán laistigh d'earnáil na n-údarás áitiúil.

### Leagan 28 Bogearraí mar Sheirbhís (SaaS)

Cuireadh an bhéim sa Phlean Náisiúnta Cur i bhFeidhm arna fhaomhadh ag Bord an Chláir ar aistriú earnáil na n-údarás áitiúil ó CoreHR Leagan 19 arna óstáil ag an GBRÁ go feidhmchlár Bogearraí mar Sheirbhís (SaaS), CoreHR Leagan 28, arna óstáil ag 'Access Group' (Core roimhe seo). In 2020 rinne Fine Gall CoreHR Leagan 27 a phíolótú agus a chur chun feidhme go rathúil agus chuir Ros Comáin tús le píolótú CoreHR Leagan 28.

D'oibrigh an GBRÁ chomh maith le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir leis na réimsí fionnachtana agus ascnaimh sonraí maidir le cur chun feidhme CoreHR Leagan 28 ar fud na comhairle go hiomlán.

### Anailísíocht Sonraí AD

Le linn na bliana, d'fhaomh an Bord Clár HPSS comhdhlúthú na hanailísíochta AD ar fud na hearnála le lárchóras arna bhainistiú ag an GBRÁ. Áiríodh leis an bhfaomhadh sin chomh maith forbairt agus cur chun feidhme ceithre dheais - próifíl lucht oibre: daoine ag teacht isteach, daoine ag fágáil, agus láimhdeachas; scor agus neamhláithreachacht bhreiteachta. Bhí treoirscéim i bhfeidhm agus shínigh Comhairle Contae na Mí. I ndiaidh an tsínithe sin cuireadh 10 n-údarás áitiúla ar bun ar an lárchóras sin agus cuireadh deiseanna ar bun dóibh.

### COVID-19

Le linn na bliana, d'éascaigh an GBRÁ athruithe a theastaigh ar an gcóras CoreHR i ndáil le tionchar na mball foirne a bhí ag obair as baile agus cur siar na saoire fleisc-ama.

### An Coiste um Chaighdeán Náisiúnta (CCN)

Leanann an CCN ag feidhmiú thar ceann Bhord an Chláir maidir le ceisteanna a bhaineann le caighdeánú agus lean sé lena chuid oibre maidir le breithniú a dhéanamh ar iarratais ar athrú bogearraí ó eagraíochtaí rannpháirteacha.

### Párolla Comhroinnte

Lean an GBRÁ ag obair i gcomhar leis an Ionad Seirbhíse Comhroinnte Párolla agus Aoisliúntais (MyPay) i gComhairle Contae Laoise, ag soláthar bainistíochta tionscadail do chur i bhfeidhm leanúnach an phárolla comhroinnte i gComhairle Contae Chorcaí agus i gComhairle Contae Loch Garman.

### Ullmhacht Sonraí Aoisliúntais

Bhain na húdarás áitiúla a fuair tacú ón GBRÁ leibhéal ullmhachta amach lena sonraí aoisliúntais maidir le himirceadh chuig an Ionad Seirbhíse Comhroinnte Aoisliúntais mar chuid den Tionscadal Aoisliúntais Comhroinnte foriomlán. Ag deireadh na bliana, bhí 20 údarás áitiúil (lena n-áirítear an GBRÁ agus EMRA) beo ar sheirbhís Aoisliúntais MyPay.

### Scéim Pinsean Aonair

Cuireadh tús le Scéim Pinsean Aonair na Státseirbhíse in 2013 agus baineann sí le fostaí má thosaíonn sé/sí i ndiaidh an dáta sin. Is scéim pinsean atá sonraithe de réir sochar meánghairme. Tá sochair scoir bunaithe ar chéatadán de thuilleamh inphinsin fostaí ar feadh a ngairme seirbhíse poiblí.

Tá cead ag MyPay SPS riaradh thar ceann na hearnála thar ceann na hearnála agus sholáthair sé ráitis bhliantúla sochar thar ceann 20 údarás áitiúil. Rinne MyPay na sonraí a uaslódáil le haghaidh líon de na láithreáin bheo sin ar Bhanc Sonraí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Is ionann an t-uaslódáil sonraí sin go bunúsach agus na sonraí a sholáthraítear d'fhostaithe ina ráitis sochar. Lean an GBRÁ le tacaíocht a thabhairt do MyPay leis an tionscadal sin.

## Catalóg Seirbhíse Rialtais Áitiúil

D'aistrigh Foireann Thionscadal na Catalóige Seirbhísí go hiomlán go hardán ar líne agus gabhtar os cionn 90% de sheirbhísí poiblí na n-údarás áitiúil anois i bhformáid Excel agus tá siad ar fáil le breathnú orthu ar shuíomh gréasáin an GBRÁ.

### RÉIMSÍ FEIDHMIÚLA



Tithíocht



Bóithre agus lompar




Páirceanna



Forbairt Eacnamaíoch



Fiontraíocht Áitiúil



Pleanáil



Fearann Poiblí



Pobal agus Spórt



Forbairt Turasóireachta



An Comhshaol

Féach ar an miondealú ar 852 seirbhís anseo:



An Comhshaol



Pleanáil



Bóithre agus Iompar



Forbairt Eacnamaíoch,  
Fiontraíocht Áitiúil,  
agus Turasóireacht



Páirceanna  
agus Spásanna  
Oscailte



Pobal, Spórt  
agus Cúram  
Leanaí



Leabharlanna



Ealaíona, Cultúr,  
Oidhreacht agus  
Caomhnú



Corparáideach

Cuireadh an rannpháirtíocht leis an ngrúpa teagmhála pointe aonair agus saineolaithe ábhar ar líne gan stró chomh maith agus d'oibrigh an fhoireann le saineolaithe ábhar na n-údarás áitiúil maidir leo seo a leanas:



Leabharlanna



Ealaíona agus  
Cultúr



Oidhreacht agus  
Caomhnú



Corparáideach



Dóiteán agus  
Éigeandálaí



Cosaint  
Shibhialta



Rialú Tógála



Cartlanna

Ó thosaigh an Tionscadal, d'óstáil foireann an:

- tionscadail an méid seo a leanas: 14 sheisiún ag a raibh 510 freastalaí
- Trí sheisiún pointe aonair teagmhála a raibh 34 freastalaí ar gach ceann
- 12 Chruinniú de chuid Bhord Cláir na Catalóige Seirbhíse

agus d'eisigh siad,

- Cúig fheasachán chuig an earnáil.

Soláthraíonn an fhoireann nuashonruithe rialta chomh maith do Choistí an CBCC agus an GBRÁ, d'Fhochoistí agus do Bhord Cláir na Catalóige Seirbhíse.

### Athbhreithniú i mBéarla Simplí

Thosaigh foireann an tionscadail ag obair leis an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (NALA) chun athbhreithniú a dhéanamh i mBéarla simplí ar an teanga a úsáidtear sa chatalóg. Leis an athbhreithniú cinnteofar go gcomhlíonfaidh an teanga a úsáidtear leis na hUirlisí Cumarsáide Custaiméirí don tSeirbhís Phoiblí (an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an tÚdarás Náisiúnta Míchumais) ionas go mbeidh an chatalóg soiléir, comhsheasmhach, agus inrochtana do gach úsáideoir.

### Suíomh Gréasáin a fhorbairt an Chatalóg a Chur ar Taispeáint

Ceapadh conraitheoir chun Córas Bainistíochta Ábhar agus Comhéadan Poiblí a fhorbairt chun an chatalóg a chur ar taispeáint agus a chuardach ar aon dul leis na ceanglais um réiteach a comhaontaíodh.



## Cumarsáid

### Cumarsáid Chorporáideach

Sa roinn chumarsáide soláthraítear tacaíocht ar fud an GBRÁ lena n-áirítear don Fhoireann Chorporáideach maidir le cumarsáid inmheánach agus sheachtrach an GBRÁ.

Le linn 2020, chomhaontaigh an GBRÁ Straitéis Cumarsáide agus Plean Gníomhaíochta úr do 2020/21. Áiríodh ar thosaíochtaí laistigh den straitéis le linn 2020 cur chun feidhme aitheantais úrnua don Ghníomhaireacht, nuashonrú ar shuíomh gréasáin an GBRÁ, méadaithe ar rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí, agus díriú ar fheabhas a chur ar an gcumarsáid inmheánach.

### Earnáil na n-údarás áitiúil a chur in iúl agus a chur chun cinn

Is gné thábhachtach iad poist agus daoine an rialtais áitiúil a chur in iúl d'obair an GBRÁ, i gcomhar leis an gCumann Bainistíochta Contae agus Cathrach (CBCC) agus Grúpa Oibre Cumarsáide faoi Fheidhmeannach an CBCC.

### COVID-19

D'oibrigh an GBRÁ go dlúth leis an rialtas lena chinntiú go ndearnadh teachtaireachtaí comhsheasmhacha a sheoladh trí na húdaráis áitiúla i ndáil leis an tslándáil phoiblí agus feachtais eile COVID-19.

Lena chois sin, chomhordaigh an GBRÁ le húdaráis áitiúla agus an rialtas ar fheachtais náisiúnta, go háirithe na clár 'In this Together' agus 'Keep Well' chun tacú le folláine an phobail.

Sholáthair Cumarsáid an GBRÁ tacaíocht shuntasach maidir le bunú agus comhordú Fhóram Ghlaio an Phobail agus Fhreagairt an Phobail, lena n-áirítear idirchaidreamh a dhéanamh le geallsealbhóirí náisiúnta, agus tacaíocht agus comhairle a thabhairt do chomhordaitheoirí agus d'fhoirne freagartha pobail áitiúla.

### Feachtais agus na meáin

Tosaíocht eile ba ea béim a chur ar obair ríthábhachtach agus nuálaíocht na n-údarás áitiúil le linn COVID-19, lena n-áirítear ar #YourCouncil Day agus trí fheachtais na meán i gcomhair le ranna Rialtais.

Thacaigh Cumarsáid an GBRÁ chomh maith le coistí an CBCC agus le foirne ar fud na Gníomhaireachta i ndáil le feachtais, na meáin, agus straitéis. Soláthraíodh tacaíocht i gcomhair tionscadal i réimsí amháil gníomhú ar son na haeráide, nuálaíocht, earcaíocht rialtais áitiúil, soilsiú poiblí, agus pleanáil leanúnachais ghnó.

### Straitéis na meán sóisialta

D'fhorbair an GBRÁ straitéis nua na meán sóisialta le linn 2020, atá á cur chun feidhme anois sna cuntais meán sóisialta atá á mbainistiú thar ceann earnáil na n-údarás áitiúil, lena n-áirítear cuntais le haghaidh GBRÁ, Údaráis Áitiúla na hÉireann, Leabharlanna Éireann, agus na CBCC.

### Líonra Cumarsáide

Lean an GBRÁ le tacaíocht laethúil agus straitéiseach a chur ar fáil don Líonra Cumarsáide, lena n-áirítear dóibh siúd ar fad atá ag obair i gcúrsaí cumarsáide ar fud an hearnála. Mar chuid de sin, tionóladh Seimineár Cumarsáide Údarás Áitiúil ina raibh cainteoirí ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach.

### Mórfheachtais Leabharlainne

Bhainistigh an GBRÁ líon feachtas cur chun cinn leabharlainne, lena n-áirítear an feachtas "Take a Closer Look", a bhuaigh an Fhoireann Cumarsáid Sármhaitheas PR11 ina leith i nGradam Caidrimh Phoiblí. Feachtas suntasach leabharlainne eile ba ea an feachtas "Reading Reads" i gcomhair le hÉire Chruthaitheach.





## Ionad Soláthair Straitéiseach Rialtais Áitiúil (LGSPC)

### Clár Athchóirithe Soláthair

Déanann an LGSPC ionadaíocht don earnáil ar Bhord Feidhmiúcháin na hOifige um Sholáthar Rialtais (OSR) agus oibríonn sé i gcomhpháirtíocht leis an (OSR) chun an clár athchóirithe soláthair a leabú san earnáil rialtais áitiúil.

Oibríonn oifigeach tiomanta tacaíochta do bheartas soláthair le hoifigh soláthair údaráis áitiúil chun tacú le leabú an chláir athchóirithe soláthair agus éascaíonn sé roinnt eispéireas an tsoláthair dea-chleachtais san earnáil. Leanadh le rannpháirtíocht leis na hOifigh Soláthair trí chruinnithe fóirúla an Fhóiraim Oifigeach Soláthair agus an Bhoird um Chomhairle Soláthair.

### Oiliúint agus oideachas

D'oibrigh an LGSPC i gcomhpháirtíocht leis an OSR chun cuidiú le clár oiliúna a fhorbairt chun tionscadail chaipitil a bhainistiú. Dírítear an oiliúint ar fhostaithe a dhéileálann le scála mór tionscadal caipiteal poiblí agus clúdaítear inti pleanáil agus dearadh tionscadal, roghnú agus ceapadh saineolaithe teicniúil agus bainistíocht conarthaí.

Leantar le tacaíocht a thabhairt do ghairmiúlacht an tsoláthair agus cuireadh sé sparánacht ar fáil d'Oifigh Soláthair chun tabhairt faoi oideachas soláthair tríú leibhéal.

### Rannpháirtíocht le Socruithe Soláthair Lárnaigh a Chur chun Cinn

Ba é príomhghné den chlár um athchóiriú soláthair rannpháirtíocht le socruithe soláthair lárnaigh arna mbunú ag Comhlachtaí Lárnacha Ceannaigh a uasmhéadú. D'óstáil an LGSPC Nuashonrú um Shocrú Soláthair Lárnaigh leis an Oifig um Sholáthar Rialtais d'Oifigh Soláthair Údaráis Áitiúil chun faisnéis a chur ar fáil maidir le sceideal na socruithe a bhí ar fáil.

### Breithnithe Comhshaoil agus Sóisialta

Adhmaíonn an LGSPC an tiomantas sa Chlár don Rialtas do thionchair chomhshaoil, eacnamaíochta agus shóisialta na straitéisí soláthair a mheasúnú agus a bhainistiú.

Tacaíonn an LGSPC leis an tiomantas trí fhorbairt tionscnamh oiliúna soláthair chun breithnithe sóisialta agus cleachtais ghlasa inbhuanaithe a chuimsiú sna nósanna imeachta soláthair. D'éascaigh an LGSPC Forléargas fóirúil ar an Soláthar Poiblí Glas d'oifigh soláthair agus do cheannaitheoirí agus d'óstáil sé ceardlann fhóirúil soláthair ar rannpháirtíocht FBM agus soláthar poiblí glas.

### Rannpháirtíocht le Baill Údarás Áitiúil

Chuir an LGSPC nuashonrú i láthair maidir le Soláthar Poiblí san earnáil Rialtais Áitiúil ag Comhdháil Bhliantúil Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann (AILG). D'fhreastail os cionn 100 comhalta tofa ar an sciurdturas sin maidir le prionsabail bhunúsacha an tsoláthair poiblí, na deiseanna atá ar fáil do FBManna le páirt a ghlacadh i gcomórtas soláthair na n-údarás áitiúil agus na bearta a theastaíonn chun an soláthar poiblí sóisialta agus glas a mhéadú i dtairiscintí na n-údarás áitiúil.

### Córas Bainistíochta Sonraí Caiteachais

Cuireadh an Córas Bainistíochta Sonraí Caiteachais, trína féidir le húdaráis áitiúla caiteachas a shainaithint i gcoinne socruithe soláthair, i bhfeidhm go rathúil ar fud na hearnála. Cuideoidh an anailís ar shonraí caiteachas le bonn eolais a chur faoi riachtanais soláthair amach anseo agus tacaíonn sé le riachtanas an chláir athchóirithe soláthair maidir le comhroinnt anailíse caiteachais leis an OSR. Baineadh úsáid go rathúil as an gcóras chun sonraí caiteachais bliantúla 2018 a thiomsú agus a chur faoi bráid na hOifige um Sholáthar Rialtais.

### Rannpháirtíocht Gnóthas Beag agus Meánmhéide i nDeiseanna Soláthair Údaráis Áitiúil a Chur chun Cinn

Chuir an LGSPC tús le hathbhreithniú ar an tsraith doiciméad tairisceana a úsáideann an earnáil chun iad a dhéanamh níos áisiúla agus níos inrochtana. Bunaíodh meitheal agus bhí rannpháirtíocht tosaigh le Comhairle Chomhairleach na FBManna, Oifigí Fiontar Áitiúil agus údaráis áitiúla ar siúl.

# 8 | An Earnáil a Chumhachtú

## Tacaíochtaí Comhairleacha Daoine don Earnáil

Lean an Rannóg Chomhairleach Daoine le tacaíocht a thabhairt agus sholáthair sí feidhm chomhairleach ar fud raon réimsí:

- Acmhainní Daonna
- Caidreamh Tionsclaíoch
- Foghlaim agus Forbairt
- Sláinte agus Sábháilteacht
- Comhionannas, Míchumas, agus Cuimsiú

Rinne an GBRÁ na Coistí agus na Grúpaí Stiúrtha seo a leanas a chomhordú agus thacaigh sé leo:

- An Coiste um Bainistiú Athruithe
- Grúpa Stiúrtha Straitéis na nDaoine
- Grúpa Náisiúnta Oiliúna na nÚdarás Áitiúil (LASNTG)
- Grúpa Stiúrtha um Chosaint Leanáí

Lean an GBRÁ le tacaíochtaí, tionscnaimh agus cuir chuige a chomhordú chomh maith chun cleachtais acmhainní daonna a éascú ar fud na hearnála agus tugaimid comhairle maidir le cúrsaí um chomhlíonadh agus ceisteanna amhail comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú.

## Treoirleánte maidir le bheith ag Obair ón mBaile

D'fhorbairt an GBRÁ i gcomhar le hOifig AD agus Oifig Sláinte agus Sábháilteachta ar fud na hearnála Treoirleánte maidir le bheith ag Obair ón mBaile.

## Earcaíocht agus Roghnúchán Earnála

I gcomhthéacs an Comhaontaithe úir um Chaidreamh san Ionad Oibre, sholáthair an GBRÁ (Comhairle na nDaoine) treoir don earnáil maidir le Nósanna Imeachta le haghaidh Earcaíocht chun Riarachán Cléireach Grád IV go Grád VII in earnáil na n-údarás áitiúil.

Rinneadh aistriú mór go dtí earcaíocht ar líne san earnáil le linn na bliana. D'oibrigh an GBRÁ leis an earnáil chun treoir a sholáthar maidir le hagallaimh éifeachtacha ar líne a stiúradh, i gcomhréir leis an dea-chleachtas.

Lean an GBRÁ le hobair a dhéanamh ar shuíomh gréasáin a bhaineann go sonrach le hearcaíocht a bhunú chun poist a chur i láthair agus an earnáil a threisiú mar rogha fostóra.

D'oibrigh an GBRÁ agus údarás áitiúla phíolótacha leis an soláthraí teicniúil chun an suíomh gréasáin a thástáil d'fhonn dul beo leis an suíomh gréasáin sin in 2021.

## Líonra na nOifigeach um Shaoráil Faisnéise (SF)

Lean an GBRÁ le treoir a chur ar fáil don líonra oifigeach um shaoráil faisnéise údarás áitiúil i ndáil le hiarratas a fuarthas. Soláthraíodh tacaíocht agus treoir trí:

- D'óstáil gréasán SF cruinnithe inar pléadh ceisteanna earnála,
- Treoir a eisiúint chuig na hOifigigh um Shaoráil Faisnéise go léir i ndáil le hiarratais SF a fhaigheann na húdarás áitiúla go léir, agus
- Tacaíocht dhíreach d'Oifigigh um Shaoráil Faisnéise maidir le hiarratais a fuarthas.

## Sceideal Athbheithnithe Maidir Le Coinneáil Taifead le haghaidh Acmhainní Daonna

Leanadh in 2020 leis an athbheithniú ar bheartas náisiúnta um choinneáil taifead an GBRÁ 2002. De réir mar a cuireadh an sceideal coinneála le haghaidh gach feidhm ghnó i gcrích, eisíodh iad chuig an earnáil lena gcur chun feidhme.

Cuireadh an sceideal maidir le coinneáil le haghaidh Seirbhísí Uisce mar aon le leabhrán teorach maidir le conas an sceideal athbheithnithe i gcrích in 2020 agus scaipeadh é ar na bainisteoirí sinsearach sna haonaid ghnó faoi seach, do na hoifigigh SF agus don na OCSanna lena gcur i bhfeidhm.

## Cosaint Sonraí – RGCS a chur i bhfeidhm

Lean an GBRÁ leis an líonra OCSanna údarás áitiúil a chomhordú. Chomh maith le cruinnithe míosúla, bhunaigh an líonra líon beag grúpaí oibre a bhain go sonrach le cúraimí:

- Comhaontuithe sonraí le comhlachtaí seachtracha
- Measúnú Tionchair um Chosaint Sonraí (DPIA) a fhorbairt chun cruinnithe poiblí Comhairle a thionól go fíorúil

Tuarascáil um iniúchóireacht an Choimisinéara Cosanta Sonraí maidir le húsáid na nÚdarás Áitiúil as CCTV agus teicneolaíochtaí úra eile.



Baineann ceann de na príomhréimsí tacaíochta atá á sholáthar le hiniúchadh leanúnach ar úsáid na nÚdarás Áitiúil as CCTV agus teicneolaíochtaí úra eile. Ó lár 2019 i leith thug an Coimisinéir Cosanta Sonraí cuairteanna ar an láithreán ar líon beag údarás áitiúil. Tabharfaidh an Coimisiún Cosanta Sonraí cuairt iniúchóireachta ar an láithreán ar deireadh sna 31 údarás áitiúil ar fad.

Go dtí seo thug na húdaráis áitiúla cuairt ar:

- Comhairle Contae Chill Dara
- Comhairle Cathrach agus Contae Luimneach
- Comhairle Contae Chiarraí

- Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge
- Comhairle Contae Shligigh
- Comhairle Chontae na Gaillimhe
- Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas

Sainithníodh líon ceisteanna a bhaineann leis na tuarascálacha um chinneadh deiridh agus fiosrúchán ar fad arna n-eisiúint ag an an gCoimisiún Cosanta Sonraí in 2020 agus leanann an GBRÁ ag obair leis an earnáil agus le Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí chun dul i ngleic leo sin:

## Oiliúint, Foghlaim agus Forbairt Fostaithe

### Coiste Oiliúna Earnála – Grúpa Náisiúnta Oiliúna na nÚdarás Áitiúil (LASNTG)

Lean LASNTG, buan-fho-choiste a thuiriscíonn don Choiste Bainistíochta um Athrú le cruinnithe a thionól le linn na bliana. Rinne an tUasal Seamus Neely, PF, do Chomhairle Contae Dhún na nGall cathaoirleacht ar an LASNTG don tréimhse seo.

Phléigh an LASNTG topaicí agus saincheisteanna éagsúla thar ceann na hearnála:

- Moltaí tosaíochta a fhorbairt a d'éascair as na Socruithe agus Oibríochtaí isteach i dtuarascáil maidir le Feidhmiú Líonra an Ionaid Oiliúna Réigiúnaigh.
- Nuashonrú ar Straitéis Oiliúna na nÚdarás Áitiúil maidir le Gníomhú ar son na hAeráide.
- Tugadh cuidiú i gcomhair an treoir a d'fhorbair an GBRÁ i ndáil le hatosú agus leanúnachas gníomhaíochtaí oiliúna fostaithe le linn tréimhsí éagsúla de shrianta na mbeart sláinte poiblí maidir le COVID-19 a thug an Rialtas isteach le linn na bliana.
- Forbairt Córais Bainistíochta Foghlama Earnála (Ardán) chun an úsáid as formáidí foghlama ar líne/cumaisc le haghaidh cúrsaí reatha agus cúrsaí úra a mhéadú.

- Treoir maidir le Seirbhísí Dóiteáin Clár Oiliúna QQI arna bhforbairt ag LASNTG agus NDFEM.
- Soláthar buiséid i gcomhair Clár Oiliúna agus Forbartha do Chomhairleoirí.
- Plean Cur chun Feidhme maidir le Straitéis agus Plean Oiliúna na nÚdarás Áitiúil maidir le Gníomhú ar son na hAeráide.

### Earcú Céimithe

Cuireadh feachtas náisiúnta 2020 um Earcú Céimithe i bhfeidhm i mí na Samhna.

Áiríodh an méid seo a leanas ar ghnéithe náisiúnta cur chun cinn an fheachtais a d'éagraigh agus a bhainistigh an GBRÁ:

- Úsáideoirí cláraithe sheirbhísí GradIreland chun fógra díreach faoin gcomórtas a fháil
- Feachtas náisiúnta na Meán Sóisialta; agus
- Fógraíocht an fheachtais ar shuíomh gréasáin PAS

Fógraíodh 151 post do Chéimithe ar fud na seacht réimse scileanna:

Réimse Scileanna
Forbairt Eacnamaíoch Fiontraíochta agus Gnó
Bainistíocht Tionscadal agus Clár
Nuálaíocht, Straitéis & Bainistíocht um Athrú
Bainistíocht AD
Cumarsáid agus Margaíocht
Anailísíocht Sonraí & Méadracht Sonraí
Gníomhú ar son na hAeráide

### Meitheal Cáilíochtaí

Tháinig an grúpa le chéile leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht agus chuir siad le hathbhreithniú na gcáilíochtaí a theastaíonn le haghaidh poist riaracháin Gráid IV go VII.

### Scéim um Shannachán Sealadach (COVID-19)

Forbraíodh an scéim um Shannachán Sealadach chun éilimh láithreacha agus shuntasacha a bhainistiú i gcomhthéacs sannachán don FSS agus Ranna nó Oifigí eile ar an líne thosaigh a bhí ag déileáil le COVID-19. Thacaigh an GBRÁ leis an earnáil i ndáil leis an tionscnamh sin agus bhailigh sé na sonraí. Tuairiscíodh é sin don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht ansin i gcomhréir le himlir 07/2020.

### Sláinte agus Sábháilteacht

Leanadh le cruinnithe an Chomhchoiste Stiúrtha Ceardchumann/Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta ar bhonn cianda i rith na bliana chun cur chun feidhme agus príomhshruthú an dea-chleachtais maidir le sláinte agus sábháilteacht a chinntiú i measc na n-údarás áitiúil. Chomh maith leis sin, tháinig an Coiste Oibriúcháin Sláinte agus Sábháilteachta le chéile go rialta ar bhonn cianda chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt tacaíochtaí COVID-19 don earnáil, is iad sin Treoir Ardleibhéil Sláinte agus Sábháilteachta um Oibrigh go Sábháilte, na doiciméid um Threoir Chaighdeánach Oibriúcháin, agus Clár Ionduchtúcháin COVID-19.

Tháinig Coiste Sláinte agus Sábháilteachta an Tionscail Uisce le chéile dhá uair sa mhí ar bhonn cianda. Cuireadh an clár um obair chun cinn faoi gach ceann de na sruthanna oibre seo a leanas lena n-áirítear:

- An Mheitheal ar an Láimhsiú Sábháilte
- Meitheacha Uirláirthe Greillí agus Grátála
- Meitheal Comhdhála agus Gradam Meitheal um
- Rialacháin Foirgníochta.

Tugadh an Uirlis Rianaithe do Theagmhais Sláinte agus Sábháilteachta isteach in 2020. Gníomhaíonn an GBRÁ mar an stór lárnach do na sonraí agus bhailigh siad an fhaisnéis sin ar bhonn míosúil. Déantar tuarascálacha maidir leis an bhfaisnéis sin a roinnt agus a phlé ag an gCoiste Oibriúcháin Sláinte agus Sábháilteachta agus ag an gComhchoiste Stiúrtha Ceardchumann/Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta agus déantar í a ionchur sna Cláir Oibre Bliantúil um Shláinte agus Sábháilteacht.

Tháinig Grúpaí Réigiúnacha LASOG le chéile go rialta chun tionscadail sa Chlár Oibre Bliantúil a chur chun cinn. Lean an GBRÁ le tacaíocht a thabhairt do na grúpaí sin agus chomh maith leis sin sholáthair sé an chomhairle agus treoir is déanaí i ndáil le COVID-19 go minic.

### Sláinte agus Sábháilteacht (COVID-19)

#### Treoir Ardleibhéil Sláinte agus Sábháilteachta um Oibrigh go Sábháilte maidir le COVID-19 de chuid na nÚdarás Áitiúil

Chun tacú leis an earnáil maidir le bainistíocht riosca COVID-19, d'fhorbair an GBRÁ Treoir Ardleibhéil na nÚdarás Áitiúil maidir le Sláinte agus Sábháilteacht um Oibrigh go Sábháilte maidir le COVID-19 faoi choimirce an Choiste Oibriúcháin Sláinte agus Sábháilteachta. Ba é an cuspóir leis an doiciméad sin an dea-chleachtas náisiúnta a chomhdhlúthú, ar aon dul le moltaí an Rialtais agus an FSS i ndáil le bainistíocht COVID-19 agus chun na príonsabail ghinearálta a bhí le cur i bhfeidhm chun fostaithe a chosaint a leagan amach agus bearta rialaithe oiriúnacha a shainaithe agus a chur chun feidhme chun riosca um ionfhabhtú COVID-19 sa láthair oibre a chosc.

Eisíodh an chéad eagrán den doiciméad i mí na Bealtaine agus eisíodh leagan nuashonraithe i mí na Nollag chun teacht leis an gcomhairle Sláinte Poiblí mar chuid den Phlean 'Ag Maireachtáil le COVID-19, treoir bhreise atá ar fáil ó eisíodh Leagan I agus aiseolas a fuarthas ó earnáil na nÚdarás Áitiúil.

**Treoir Chaighdeánach Oibrithe (TCOnna)**

Chun tacú le cur chun feidhme na Treorach Ardleibhéil Sláinte agus Sábháilteachta um Oibrigh go Sábháilte maidir le COVID-19 de chuid na nÚdarás Áitiúil, forbraíodh sraith TCOanna, a dearadh chun teacht le gníomhaíochtaí oibriúcháin na–n-údarás áitiúil. Leis na doiciméid treorach oibriúcháin sin rinneadh soláthar do chur chuige comhsheasmhach maidir le bainistíocht COVID-19 ar leibhéal oibriúcháin ar fud na hearnála. Tá sraith de 30 TCO ann faoi láthair a forbraíodh faoi choimirce an Choiste Oibriúcháin Sláinte agus Sábháilteachta agus a eisíodh chuig an earnáil.

**Clár Ionduchtaithe COVID-19**

Rinneadh Treoir agus Comhairle ar Ionduchtú Fosaithe um Oibrigh go Sábháilte ag an Obair maidir le COVID-19 a fhorbairt faoi choimirce an Choiste Oibriúcháin Sláinte agus Sábháilteachta. Thacaigh sé sin leis an earnáil maidir le hoiliúint ionduchtaithe chomhsheasmhach agus chaighdeánaithe maidir le COVID-19 a sholáthar do na fostaithe go léir arna cheangal faoi Phrótaicail an Rialtais um Oibrigh go Sábháilte.

**Samhail um Oibríú san Earnáil Amach Anseo (Meitheal)**

Bunaíodh Meitheal na Samhla um Oibríú Amach Anseo, atá tacaíte ag an GBRÁ, in 2020 chun treoir agus beartais a sholáthar d'údarás áitiúla chun athruithe a chuimsiú i gcleachtais oibre lena mbeifear ábalta aistriú éifeachtúil ó shamhlacha reatha oibre go dtí samhail amach anseo a dhéanamh ina gcuimsítear leibhéal suntasach agus inbhuanaithe d'obair hibrideach agus de chianobair thar raon réimsí oibre ag cinntiú go mbainfear sármhaitheas leanúnach amach i gcaighdeán na seirbhísí.

Rinne an Mheitheal an méid seo a leanas:

- sholáthair sí pleananna gníomhaíochta atá bunaithe i dtrí shruth oibre – Seirbhís (Próiseas) Daoine, Bonneagar agus Tacaíocht
- d'fhorbair sí Suirbhé Earnála maidir le hObair san Earnáil Amach Anseo – cuireadh na torthaí i láthair na Meithle Earnála agus baineadh leas astu chun an Creat um Obair Shofhreaigrúil a fhorbairt
- d'fhorbair sí Suirbhé Earnála maidir le Tacaíocht Bhonneagair d'Obair san Earnáil Amach Anseo – tá na torthaí le cur i láthair na hEarnála in 2021.

**Meitheal Folláine**

Bunaíodh an Mheitheal Folláine, atá tacaíte ag an GBRÁ, in 2020 chun an clár oibre folláine d'údarás áitiúla a spreagadh ar bhonn náisiúnta agus creat folláine foriomlán a fhorbairt a mbeidh gach Comhairle aonair ábalta é a úsáid lena gclár tionscnamh foriomlán féin a fhorbairt ar bhonn bliantúil. D'eisigh an Grúpa suirbhé chuig an earnáil chun tacaíochtaí agus tionscnaimh folláine reatha a dheimhniú.

**Scéim Sláinte Ceirde**

Rinne an GBRÁ ionadaíocht don earnáil ar an meitheal OSR chun tairiscint a fhorbairt le haghaidh Seirbhíse Sláinte Ceirde don phobal agus don tseirbhís shibhialta. Eiseofar an tairiscint chuig an margadh in 2021.

**Scéim Printíseachta**

Tá printíseachtaí sna réimsí Cuntasaíochta agus TF ar siúl laistigh den earnáil agus tacaíonn an GBRÁ leo fós. Chuir paindéim COVID-19 isteach ar líon na bprintíseachtaí, rud a raibh leibhéal níos ísle glactha ná mar a bhí beartaithe mar thoradh air. D'oibrigh SOLAS leis an earnáil tríd an GBRÁ i ndáil lena printíseacht crannadóireachta as a dtiocfaidh gradam leibhéal 6 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

**Ionadaíocht CT**

Sholáthair an GBRÁ tacaíocht leanúnach do na húdarás áitiúla i ndáil le cúrsaí caidrimh thionsclaíoch lena n-áirítear beartais agus nósanna imeachta agus soiléiriú maidir le léirmhíniú imlitreacha agus fiosruithe a bhain le fostaithe.

Rinne an GBRÁ ionadaíocht do na húdarás áitiúla agus thacaigh siad leo i gcúrsaí áitiúla le ceardchumann a cuireadh ar aghaidh chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre lena n-áirítear idirghabháil, idir-réiteach, breithniú agus éisteachtaí na Cúirte Oibreachais.

Leanadh le cruinnithe de chuid LANC agus Chomhlacht Maoirseachta an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais i gcáil chianda i rith na bliana.

# 9 Seirbhísí a Soláthraíodh 2020

## TFC

Leanann an GBRÁ le seirbhísí TFC a sholáthar d'údaráis áitiúla agus ranna agus gníomhaireachtaí seirbhíse poiblí eile. Leanann an GBRÁ le tacaíocht a thabhairt don Chroí-bonneagar Párolla, MyPay, Ceadúnú Oibreacha Bóthair MapRoad, Rialú Tógála, CheckTheRegister.ie, Tuairisceáin RÁ, iPlan agus iHouse, iReg, Taisteal agus Cothú agus córais Cáirte Ceannaigh Íseal-Luacha. Cuireadh tús le cur i bhfeidhm iPlan Leagan 4.3 agus tá obair fós ar siúl maidir le bainistíocht, uasghrádú agus cothabhála bhonneagar óstála sheirbhísí comhroinnte an GBRÁ. Rinneadh Clár Toghthóirí a uasghrádú chomh maith chun freastal ar na teicneolaíochtaí is déanaí.



Tugann foireann TFC an GBRÁ tacaíocht agus cuidiú do na húdaráis áitiúla ar réimse grúpaí teicniúla agus soláthairtí ceadúnaithe náisiúnta lena n-áirítear Microsoft Office 365. Tacaíonn an GBRÁ leis an bhFochoiste Cibearshlándaála chomh maith a d'fhaomh líon teimpléad beartais slándaála TF agus a d'óstáil seimineár d'fhoirne corparáideacha agus TF le tacú leo agus an earnáil ag aistriú go cianobair.

Tá obair fós ar siúl maidir le soláthar na moltaí i TFC an GBRÁ Tuarascáil um Bunathrú lena n-áirítear bonneagar reatha TFC an GBRÁ a dhoiciméadú agus a chobhsú, ach cuireadh bac ar an gclár oibre de dheasca thionchar COVID-19 toisc nárbh fhéidir rochtain fhisiceach a fháil ar an ionad sonraí óstála. Táthar ag leanúint leis an treochlár 2 bhliain a forbraíodh ionas go mbeadh an GBRÁ ábalta samhail optamach a dheardh le haghaidh oibríochtaí an eastáit reatha a sheachfhoinsiú agus áirítear leis rannpháirtíocht an mhargaidh agus tairiscintí le haghaidh comhpháirtithe a sheachfhoinsiú agus tús a chur le próiseas rannpháirtíochta geallsealbhóirí, a thosóidh in 2021, i ndáil le ról optamach amach anseo an GBRÁ i dtacaíocht a thabhairt don earnáil.

Lean na húdaráis áitiúla ag aistriú ón bhforaois náisiúnta agus faoi dheireadh 2020 ní raibh ach sé údarás áitiúla fágtha. D'aistrigh na gníomhaireachtaí níos mó arna n-óstáil ag an GBRÁ go rathúil go timpeallachtaí eile agus ní siad á n-óstáil a thuilleadh sa GBRÁ. Tá sé tuartha go gcuirfeadh scór na foraoise i gcrích faoi lár 2021.



## Tithíocht

Leanann Bord an Chláir Straitéisigh Tithíochta ICT lena iarrachtaí conair straitéiseach a chur ar fáil d'úsáid seirbhísí TFC san earnáil rialtais áitiúil timpeall na feidhme tithíochta.

Príomhghníomhaíochtaí i mbliana:

- Ceapadh Grant Thornton chun an cás gnó a fhorbairt maidir le roghanna maidir leis gcóras Náisiúnta TFC Tithíochta i ndiaidh cleachtadh soláthair.
- I gcomhthráth le forbairt an Cháis Ghnó, cheap an GBRÁ Oifigeach um Fheabhas Sonraí chun oibriú leis na húdaráis áitiúla ar fad ar thionscadal chun feabhas a chur ar cháilíocht na sonraí na córas TFC Tithíochta.
- Rinne Grúpa Cúnaimh d'Úsáideoirí maoirseacht ar fhorbairt agus ar chur chun feidhme leagan 3.6 de 'iHouse' a fhreastalaíonn archuichóirí tuarascálacha, API Éirchóid, Bonneagar Réadmhaoine agus na hathruithe is gá ar an SSHA.
- Chuir an GBRÁ tairiscint amach maidir le tacaíocht agus cothabháil an chóras TFC Tithíochta a úsáidfear i 27 údarás áitiúil le haghaidh na tréimhse 2021–2024. Roghnaíodh Leagan 1 i ndiaidh an chleachtadh soláthair.
- Rinneadh an córas iHouse a oiriúnú lena chur ar chumas na n-údarás áitiúil tuarascáil táscairí feidhmíochta an NOAC a chur i gcrích go huathoibríoch. Cuireadh Achoimre an Mheasúnaithe um Thithíocht Shóisialta siar mar gheall ar COVID-19 go dtí R4 2020 agus thacaigh an GBRÁ leis na húdaráis áitiúla maidir le sonraí a bhaint ó iHouse agus córas tairisceán RA a uaslódáil.
- API na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta (DEASP) - Scoir API DEASP de Infosys, arb é sin an uirlis fiosrúcháin reatha a thairgeann DEASP agus a mbaintear úsáid fhorleathan as san earnáil, in 2020. D'atosaigh an DEASP an tionscadal sin leis an GBRÁ thar ceann na hearnála i R2 2020 agus cuireadh chun feidhme go rathúil é.

### Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)

- Tá ionadaíocht ag an GBRÁ ar Bhord Maoirseachta ÍCT agus lean sé le tacaíocht a thabhairt do API ÍCT.
- Cuireadh 86,982 tionóntacht ÍCT ar an iomlán ar bun ó bunaíodh ÍCT.
- Dúnadh 27,161 of ceann de na tionóntachtaí sin.

- Tá 59,821 tionóntacht ghníomhach ÍCT ann. Cuireadh 15,885 tionóntacht ar bun.
- Rinneadh athbhreithniú rialtais ar mhaoirseacht an tionscadail ÍCT agus chuir an GBRÁ cion leis an athbhreithniú sin.

### Coiste um Thithíocht, Foirgneamh agus Talamhúsáid an CBCC

Thacaigh an Coiste um Thithíocht, Foirgneamh agus Talamhúsáid leis na príomhréimsí tosaíochta maidir le soláthar tithíochta agus le bunú na hOifige um Chomhordú an tSoláthair Tithíochta. Bhí fócas earnála athbhreithnithe ar an gcur chuige comhordaithe agus comhsheasmhachta maidir le spriocanna Éire a Atógáil - Plean Gníomhaíochta. Tháinig an Coiste le chéile dhá uair sa tseachtain ó mhí an Mhárta go mí na Bealtaine agus ba é an t-aon fhócas a bhí acu ceisteanna a bhain le COVID-19. D'oibrigh an Coiste leis an gCoiste Sláinte agus Sábháilteachta chun na Treoirlínte Oibriúcháin Chaighdeánacha (TOCanna) i ndáil le Tithíocht a fhorbairt agus lena chinntiú gur soláthraíodh comhairle chomhsheasmhach do Stiúrthóir an líonra seirbhíse maidir le seirbhísí riachtanacha Tithíochta a choimeád. Thacaigh an GBRÁ leis an obair sin trí rannpháirtíocht shuntasach leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar réimsí maidir le hEaspá Dídine, sos íocaíocht do shealbhóirí morgáiste na n-údarás áitiúil, bainistíocht fiachais ÍCT, cigireachtaí cíosa, agus ceisteanna i ndáil le hincháilitheacht agus teorainneacha ioncaim, Thacaigh an GBRÁ leis an gCoiste chun oibriú leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maidir le cur chun cinn aistrithe go cur chuige cothabhála pleanáilte go bainistíocht stoic tithíochta údaráis áitiúil. Cheadaigh an PSROG an cás gnó 'lite' chun córas TFC Bainistíochta Sócmhainní a fháil don earnáil.

D'oibrigh an Coiste um Thithíocht, Tógáil agus Talamhúsáid leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus an Ghníomhaireacht Tithíochta ar fud réimse tionscnamh ó na spriocanna soláthair ar fud na sruthanna tithíochta ar fud a chun Plean Gníomhaíochta Éire a Atógáil agus an Clár nua don Rialtas arna shíniú a sholáthar. Bhí rannpháirtíocht shuntasach páirtithe leasmhara ann chomh maith maidir le hárachas cosanta morgáistí, cóiríocht do Thaistealaithe agus réimse scéimeanna Tithíochta.

D'oibrigh an CBCC leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, na Seirbhísí Idirnáisiúnta Cóiríocht Cosanta (IPAS) agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais chun samhail dáileacháin a chinneadh ag baint leas as an obair a rinneadh in 2019. Dearadh an tsamhail ar feadh tréimhse dhá bhliain ó 2020 go 2022 agus soláthraíodh creat inti d'údaráis áitiúla chun tacú le ENRna le freastal ar na daoine siúd ar tugadh cead dóibh fanacht in Éirinn.



## Bainistiú Clár

### Oifig na Bainistíochta Clár (OBC)

Cuireadh athbhunú agus athstruchtúrú PMO an GBRÁ chun cinn i ndiaidh fhorghníú athbheithníú Straitéiseach agus Oibriúcháin an GBRÁ.

Agus os cionn 50 tionscadal/clár gníomhach ina phunann reatha, breathnaítear ar chur chun feidhme PMO athbheochana mar phríomhthionscadal tosaíochta straitéiseach don GBRÁ lena gcuirfead feabhas ar rialachas, beartú tosaíochta agus tuairisciú tionscadail agus lena gcinntítear go soláthrófar luach ar airgead don eanáil ag an am céanna.

D'fhaomh an PSROG samhail oibiachtúil spriocanna an PMO úir i mí Mheán Fómhair lena áiríodh an Ráiteas Misin, Ráiteas Físe, Croí-luachanna agus Spriocanna agus Cuspóirí faoi mar a sonraítear sa léaráid thíos.

Trí fhorbairt mhodheolaíocht, nósanna imeachta rialachais, phróiseas agus rialuithe thionscadal an GBRÁ, is é an ról atá ag an PMO:

- Tacú le forbairt agus soláthar tionscadal trí:
- Tionscnamh tionscadal
- Forbairt cásanna gnó
- Bainistíocht bhuiséid
- Cur chun feidhme tionscadal
- Dúnadh tionscadal
- Sásraí tuairiscithe tionscadal a fhorbairt
- Comhlíonadh próiseas rialachais a chinntiú
- Dea-chleachtas agus dea-chaighdeán a ghlacadh
- Comhairle, treoir agus meantóireacht a chur ar fáil
- Díriú ar na rudaí cearta a dhéanamh

Soláthraíonn an Grúpa Maoirseachta um Athchóiriú na hEanála Poiblí rialachas na seirbhíse comhroinnte agus na dtionscnamh athchóirithe, grúpa a dhéanann maoirseacht ar na tionscadail a spreagadh, a mhaoirsiú agus a chothabháil.

### Ráiteas Misin, Ráiteas Físe, Croí-luachanna, Spriocanna agus Cuspóirí PMO an GBRÁ

#### RÁITEAS MISIN

Tacóidh an GBRÁ, i gcompháirtíocht leis na hÚdarás Áitiúla, le tionscnamh, pleanáil agus soláthar rathúil athraithe agus tionscadal feabhsúcháin seirbhíse chun seirbhísí poiblí eiseamláireacha a sholáthar ar an leibhéal áitiúil



#### RÁITEAS FÍSE

Déanfaidh an GBRÁ a dhícheall bheith chun tosaigh maidir le soláthar éifeachtach, cumasach, agus éifeachtúil athruithe agus tionscadal soláthair seirbhíse a sholáthar ar fud na hearnála rialtais áitiúil



#### CROÍ-LUACHANNA

- Bheith ag déanamh ár ndícheall i gcónaí feabhas a dhéanamh, ní bheith foirfe i gcónaí
- É a choinneáil simplí
- Oibriú go comhoibríoch
- Bheith ina ionad barr feabhais agus modheolaíochta dea-chleachtas a leabú
- Bheith oscailte & trédhearcach

#### SPRIOCANNA & CUSPÓIRÍ

- Cinnteoidimid go gcuirfead próiseas cuí láidir bainistíochta agus rialachais tionscadal i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud phunann iomlán na dtionscadal laistigh den GBRÁ
- Tacóimid le soláthar tairbhí d'úsáideoirí seirbhísí agus do na baill foirne trína chinntiú go ndéanfar athrú a bhainistiú go comhsheasmhach agus go maith
- Déanfaimid an cumas PM maidir le feabhas ar sheirbhísí a mhéadú go leanúnach
- Beimid nuálach agus foghlaimoimid ó thaithí
- Tacóimid leis an lucht bainistíochta sinsearaí le faisnéis thráthúil chun cinntí rithábachtacha punainne a dhéanamh

Tá na cinn seo a leanas i measc na dtionscnamh athchóirithe nua a cuireadh chun cinn, agus a bhí tacaíthe trí phrósís PMO le linn 2020:

- Cur i bhfeidhm MyPay
- Scéim Pinsean Aonair
- Tairseach Localgov.ie
- Láraonad Sonraí
- Ionad soláthair straitéisigh
- Córas Náisiúnta TFC Tithíochta
- Catalóg seirbhísí
- Ceadúnú substaintí contúirteacha
- Córas faisnéise bainistíochta OFÁ

Tá an GBRÁ tiomanta do shamhail um fheabhas leanúnach trína ndéanfar athbhreithnithe tréimhsiúla ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht na hOifige le hathruithe curtha chun feidhme lena chinntiú go gcoimeádfar an dea-chleachtas.

### Tuarascáil Spreagthaí mhí lúil

Thacaigh an PMO leis an CBCC maidir le forbairt na tuarascála 'Spreagthach Thionscadal Caipitil an Rialtais Áitiúil' a cuireadh faoi bhráid Roinn an Taoisigh agus na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachtá sular fógraíodh an pacáiste náisiúnta spreagthaí i mí Iúil. Bhí an tuarascáil ina raibh sonraí maidir le tionscadail chaipitil dar luach os cionn €3 bhiliún dírithe ar théarnamh eacnamaíoch a spreagadh trí fhorbairt réigiúnach agus áitiúil trí mhéadú ar mhaoiniú deontas do thionscadail ghothnaithe.




### NOAC - Imeacht Dea-Chleachtais

Sholáthair an PMO tacaíocht bainistíochta eagraíochta agus imeachtaí do NOAC maidir le pleanáil agus soláthar imeacht bliantúil Dea-Chleachtais 2020 a bhí ar siúl go fíorúil i mbliana agus inar dtarraingíodh aird ar thionscadail ó:

- Comhairle Contae Uíbh Fhailí
- Chill Mhantáin Comhairle
- Contae Phort Láirge agus
- Comhairle Contae Shligigh
- Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
- Comhairle Contae Chorcaí
- Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath agus Oifig um Pleananna Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnaí an Iarthair agus an Láir Tíre

### Aighneacht Glasbhealaí Dheireadh Fómhair

Mar iarmheasúnú ar an tuarascáil 'Spreagthach Thionscadal Caipitil an Rialtais Áitiúil' i mí Iúil, thacaigh an PMO le tuarascáil maidir le 'Leithdháileadh Buiséid Glasbhealaí an Rialtais Áitiúil, a dhírigh go sonrach ar mhaoiniú breise a fháil i gcomhair tionscadail taistil níos cliste/ Glasbhealaí. Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid na Roinne Iompair i mí Mheán Fómhair roimh fhógra Bhuiséad 2021 ar bronnadh €63.5 de mhaoiniú breise ina leith i gcomhair tionscadal de chineál Glasbhealaí ar fud na tíre.



## Oifig um Chomhordú an tSoláthair Tithíochta

Bunaíodh an Oifig um Chomhordú an tSoláthair Tithíochta laistigh den GBRÁ in 2020. Is é sainchúram na hOifige cuidiú a thabhairt le comhordú agus soláthar tithíochta ag údarás áitiúla agus gníomhú mar idirtheagmháil lárnacha le Rannóg Tithíochta na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus geallsealbhóirí eile.

Cuireadh tús le hearcaíocht don líon ball foirne acmhainne faofa i dtús 2020 agus bhí sé crutha i gcrích faoi mhí na Samhna - Comhordaitheoir, dhá Bhainisteoir theicniúla agus dhá Bhainisteoir Tionscadal TF. Ba iad na cuspóirí tosaíochta don Oifig comhordú faisnéise agus sonraí fíor-ama maidir le clár um thógáil tithíochta sóisialta na n-údarás áitiúil. Bunaíodh bunachar sonraí eatramhach rianairí ar SharePoint lena úsáid ag na húdarás áitiúla go léir agus ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Leis sin cumasófar foinsé aonair sonraí cothrom le dáta nó fíor-ama le haghaidh na dtionscadal caipitil tithíochta go léir.

Le linn 2020 chruthaigh an HDCO bealaí cumarsáide le geallsealbhóirí seachtracha amhail Uisce Éireann agus Líonra BSL lena chinntiú go ndéanfar ceisteanna ar bith a d'fhéadfadh moill a chur ar chur i gcrích scéimeanna tithíochta a réiteach a luaithe is féidir.

Bhain ghné shuntasach de chuid oibre HDCO le measúnú a dhéanamh ar an gclár soláthair maidir le dúnadh na tógála tithíochta de dheasca COVID-19 idir Márta agus Aibreán. I gcomhar leis na húdarás áitiúla agus an nGníomhaireacht Tithíochta bunaíodh próiseas chun tionscadail tógála áirithe a ainmniú lena gceadaíodh do thionscadal áirithe atosú níos luaithe.

Bhain ghné shuntasach eile de chuid oibre HDCO le cuidiú le fostaithe na n-údarás áitiúil le fiosrúcháin a bhain le bainistíocht tionscadal agus an próiseas faofa a bhain le scéimeanna tithíochta tógála díri.

D'oibrigh an HDCO chomh leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maidir le mionathruithe beartaithe ar an gCiste Láithreán Seirbhísithe, an Scéim Ceannaigh agus Athnuairt, agus córais rianaithe a léasú.

## Bóithre

### MapRoad

- Aip Mhóibíleach MapRoad - Rinneadh suirbhéireacht ar 40,500 km de bhóithre réigiúnacha agus áitiúla i leith rátáil baile.
- MapRoad CBC - 6,500+ tionscadal oibreacha cosán - luach €371.5.
- Córas Ceadúnú Oibreacha Bóthair MapRoad Rinneadh os cionn 30,000 iarratas ar cheadúnas oscailte bóthair.

### Córas Bainistíochta Cosán (CBC)

Chuir an GBRÁ tús le mór-uasghrádú ar an gcóras in 2020 chun uirlisí breise a sholáthar le haghaidh bainistíocht sócmhainní agus comhtháthú an chórais leis an gcóras um Cheadúnú Oscailte Bóthair.

Soláthraíodh tacaíocht leanúnach i gcomhar le seirbhís chomhroinnte na hOifige um Bainistíú Bóithre (OBB).

Baineadh leas as an gcóras chun staitisticí a chur ar fáil do thuarascáil um Tháscairí Seirbhíse NOAC chomh maith le tuarascálacha míosúil arna riar ag an OBB.

### Ceadúnú Oibreacha Bóithre

Córas Ceadúnú Oibreacha Bóthair MapRoad: rinneadh os cionn 29,000 iarratas ar cheadúnas oscailte bóthair.

Tá 30 údarás áitiúil agus BIÉ ag bainistiú ceadúnú oscailte bóithre trí chóras Ceadúnú Oibreacha Bóithre MapRoad (MRL). Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an t-údarás áitiúil deireanach a chuir an MRL chun feidhme agus thosaigh siad ag glacadh iarratas trí MRL le haghaidh roinnt fónas in 2020. Tá cur i bhfeidhm de réir a chéile eagraíochtaí is iarratasóirí eile go Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Bhí os cionn 2,000 eagraíocht is iarratasóirí cláraithe leis an gcóras faoi dheireadh na bliana (méadú ó 1,452 in 2019).

I measc na n-úsáideoirí bhí na príomhoibritheoirí teileachumarsáide, Uisce Éireann, Líonraí Gáis Éireann agus Líonraí BSL. Cuireadh tús chomh maith le córas Leathanbhanda Náisiúnta na hÉireann (NBI) le linn 2020.

Lean an Scéim Náisiúnta Taisc ag feidhmiú go rathúil maidir le hiarratais úra ar cheadúnais a cuireadh isteach ag tús 2019.

Lean an OBB leis na seirbhísí tacaíochta a mhéadú le haghaidh billeáil mhíosúil i riaráiste maidir le táillí ceadúnaithe do cheadúnais MRL-bhunaithe agus thosaigh sé cur i bhfeidhm de réir a chéile na Billeála Náisiúnta Lártaithe le linn 2020.



## Soilsiú Poiblí

Cuireadh tionscadal iarfheistithe LED ar aghaidh go dtí soláthar seirbhísí don iarfheistiú. Chun é sin a chomhlánú sholáthair an GBRÁ agus an OBB tairseach GIS le haghaidh clárú sócmhainní soilse poiblí a úsáidfeadh chun iarfheistiú LED a thaifeadh mar chuid de na cúraimí um ghníomhú ar son na haeráide sna blianta amach romhainn.

## Forbairt Leabharlann

Lean an GBRÁ ag obair le húdaráis áitiúla agus leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail chun an straitéis nua leabharlainne poiblí 2018-2022 a chur i bhfeidhm - Ár Leabharlanna Poiblí 2022 – Ag Spreagadh, ag Nascadh agus ag Cumasú Pobal.

### Ár Leabharlanna Poiblí 2022

Chuaigh srianta COVID-19 i gcion ar gach gné de obair na Forbartha Leabharlann, ach rinneadh go maith i rith na bliana i gcomhthéacs cláregraithe agus gníomhaíochtaí, agus maidir leis an straitéis ngníomhaíochtaí leabharlann poiblí a chur chun cinn. Tionóladh an chéad Fhóram um Leabharlanna Cathrach agus Contae, lena chinntiú go ndéanfaí cur chun cinn na straitéise náisiúnta a roinnt ar fud na leabharlannaithe contae ar fad, mar aon le ceisteanna atá ag teacht chun cinn don earnáil.

Cuireadh tús le feachtas náisiúnta cumarsáid ‘Take a Closer Look’ i mí Eanáir ar bhealaí prionta, raidió agus digiteacha, ag druidim leis an gcéad lá oscailte ar an 29 Feabhra. Bhí méadú 18% ar líon na mball úr bliain ar bhliain, agus fógraíocht an-fhabhrach don earnáil ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta araon mar thoradh ar an bhfeachtas.

### Siomptóim COVID-19

I ndiaidh dhúnadh na leabharlann poiblí ar an 12 Márta, chuidigh Forbairt Leabharlann leis an earnáil le hoiriúnú trí treoirlínte agus comhairle a sholáthar, arna dtreorú leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta. Bunaigh sásra roimh i bhfad chun clárúcháin úra leabharlainne le haghaidh acmhainní ar líne a éascú le linn dhúnadh na leabharlann, rud a raibh sé mar thoradh air gur ghlac 72,469 úsáideoir úr páirt sa tseirbhís ‘Borrowbox eLending’ in 2020, méadú 151% ó 2019. Cuireadh mionteagaisc físeáin maidir leis na r-sheirbhísí a úsáid ar fáil ar Librariesireland.ie a raibh méaduithe ollmhóra ar an éileamh mar thoradh orthu, agus chuidigh treoirthionscadal ‘Ambasadóirí Digiteacha’ le hAoisbhá Éireann le húsáideoirí scothaosta hacmhainní digiteacha a úsáid.

Thionól Forbairt Leabharlann ceithre imeacht Foirne Beo d’fhostaithe uile na hearnála le linn 2020 chun nuashonrú a thabhairt maidir le tionchair. Ghlac os cionn 500 fostaí páirt sna himeachtaí sin a chuidigh le fostaíthe foghlaim óna chéile sna réimsí maidir le cláregarú digiteach, priontáil 3T agus trealamh leabharlann céadfach. Chonacthas an tionchar sna líonta ollmhóra gníomhaíochtaí ar líne a bhí ar siúl i rith na bliana, agus amanna scéalaíochta ar líne á dtaifeadh ag fostaíthe leabharlainne agus amharcadh orthu 702,045 uair ar Facebook, YouTube agus Instagram.

Cuireadh tús le treoirthionscadal leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail ag tús shrianta COVID-19, ag baint úsáid as teicneolaíocht Spás Bhán Teilifíse Aerbhanda chun Wi-Fi a shíneadh thar fhoirgnimh na leabharlainne isteach sa phobal i gcúig údaráis. Is é an tionscadal an chéad cheann dá leithéid san Eoraip.

### Ceart chun Léitheoireachta

Tacaíonn an clár ‘Ceart chun Léitheoireachta’ le forbairt litearthachta do dhaoine aonair, do theaghlaigh agus do pháistí agus soláthraíonn sé crof-sheirbhísí, acmhainní agus tionscnaimh do raon grúpaí úsáideoirí.

Cuireadh bac mór ar sholáthar imeachtaí fisiceacha i leabharlanna poiblí mar gheall ar shrianta COVID-19, ach d’éirigh go maith le leabharlanna poiblí de chuid ba mhó le himeachtaí ar líne, a bhí tacaíthe ag an GBRÁ. Le haghaidh ‘Spring into Storytime’ 2020, cruthaíodh 1,045 ar an iomlán, a ghin 702,045 amharc. Sheachaid na húdaráis áitiúla clár ‘Summer Stars’ a sholáthair suim agus tacaíocht do pháistí le linn an tsamhraidh agus bhí na fostaíthe leabharlainne i mbun nuála maidir le 200 quiz, agus tóraíochtaí taisce agus 741 imeacht eile ar líne lena n-áirítear amanna laethúla scéalaíochta ar feadh mí iomlán. In ainneoin na seirbhísí teoranta a d’fhéadfaí a sholáthar i mbráin leabharlainne, eisigh díreach faoi bhun 340,000 leabhar do pháistí, agus 19,018 leabhar r-fhuaime agus 15,309 r-leabhar chomh maith. Fuarthas 574 iontráil don chomórtas náisiúnta scéalaíochta ‘An Unexpected Adventure’ do pháistí 6 go 18 mbliana d’aois. Bhí na húdaráis áitiúla ar fad páirteach san Fhéile Leabhar do Pháistí agus Am don Teaghlach – ag soláthar 782 agus 670 imeacht ar líne, faoi seach, ar an iomlán. Ba é an figiúr iomlán maidir le rannpháirtíocht nó amhairc ar na himeachtaí sin agus 154,152 agus 131,285 faoi seach.

## Cúrsaí Oibre

Tacaíonn an clár 'Cúrsaí Oibre' le gnó agus fostaíocht i bpobail áitiúla. Cé go raibh soláthar 'Work Matters' an-dúshlánach mar gheall ar COVID-19 sholáthair leabharlanna poiblí na hÉireann gach gné maidir leis an gclár 'Work Matters'. Chomhoibrigh brainsí leabharlainne sna húdarais áitiúla le príomh-chomhpháirtithe chun na gnéithe ar fad a sholáthar (bonneagar, faisnéis, saíneolas, imeachtaí). Cuireadh acmhainní náisiúnta ar líne chun cinn go gníomhach agus cruthaíodh rannóg úr maidir le cúrsaí gnó agus fostaíochta ar an ardán náisiúnta r-leabhar agus r-fhuaimne Borrowbox. Tionóladh 585 imeacht ar an iomlán 2020, mar gheall ar an bpaindéim, tionóladh an chuid ba mhó díobh ar líne, rud a ghin 233,828 amharc ar Facebook ar an iomlán.

## Éire Shláintiúil

D'fhorbair an GBRÁ sraith de sheimineáir ghréasáin / fhíseáin d'Éire Shláintiúil ag Comhordaitheoirí Do Leabharlann lena n-óstáil mar imeachtaí. Bhí ceithre theideal ann, ceann amháin díobh a forbraíodh faoin gclár reatha: Cumha agus cailteanas a thuiscint, Cur chuige fócasaithe comhbhá maidir le barraíocht a ithe, Ag tacú le sláinte mhothúchánach do pháiste tríd an ógántacht (do thuismitheoirí agus feighlithe) agus Leideanna Tacaíochta do Thuismitheoirí ag a Bhfuil Páistí Óga. Rinneadh iad sin a sholáthar le cuidiú ó Fhoras Ospise na hÉireann agus ó shíceolaithe cliniciúla ón FSS. Forbraíodh liosta náisiúnta léitheoireachta maidir le méala ag obair le Foras Ospise na hÉireann agus tá liosta léitheoireachta LGBTI+ á fhorbairt ag obair le Clár Sláinte Gnéis agus Toircheas Éigeandála an FSS BeLonG To, TENI agus Grúpa Múinteoirí LGBT Chumann Múinteoirí Éireann.

## Tionscadail a Maoiníodh

D'oibrigh Forbairt Leabharlann leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus le húdarais áitiúla chun tacú le hiarratais do Mhaoiniú na gCuntas Díomhaoin, a dhírigh ar threalamh céadfach agus cláreagrú do leabharlanna, agus bogearraí chun tacú le húsáideoirí leabharlainne ar a bhfuil disléicse agus ag a bhfuil deacrachtaí eile léitheoireachta agus scríbhneoireachta. Faomhadh 99 tionscadal san iomlán i gcomhair maoinithe faoi Chuntais Díomhaoin agus maoiniú ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Chuidigh maoiniú na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail chomh maith le hanailís a dhéanamh ar chartlanna na leabharlann poiblí i ndáil le Deich mBliana na gComórthaí Céad Bliana agus le tús a chur le tionscadal chun athbhreithniú a dhéanamh ar sheirbhísí leabharlainne na bprósún. Leithdháileadh maoiniú chomh maith chun tús a chur le treoirhionscadal maidir le cuir chuige smaointeoireachta deartha maidir le seirbhísí leabharlainne, a cuireadh i láthair ag an gcomhdháil bhliantúil um Seirbhís Cháilíochta do Chustaiméirí.

## Leabharlanna san Eoraip

Ghlac Forbairt Leabharlann príomhról maidir le leabharlannaíocht idirnáisiúnta in 2020. Thug toscaireacht leabharlannaithe poiblí na Fraince cuairt ar an GBRÁ i mí an Mhárta le foghlaim faoin straitéis náisiúnta. Thionóil na húdarais Náisiúnta maidir le Leabharlanna Poiblí san Eoraip (NAPLE) a chéad chruinniú bliantúil ar líne agus thogh siad Ceann na Forbartha Leabharlann mar a Uachtarán don tréimhse 2020-2023. Sa cháil sin, chuidigh Forbairt Leabharlann le 23 tír Eorpach dea-chleachtas agus faisnéis a roinnt maidir le COVID-19 le linn na bliana, ag soláthar dhá thuarascáil shuntasacha agus ag tiomsú an phróifíl idirnáisiúnta do fhreagairt leabharlanna poiblí na hÉireann. Forbraíodh an phróifíl tuilleadh trí rannpháirtíocht in go leor imeachtaí ar líne le linn na bliana, le linn na bliana lena n-áirítear eochairsheisiúin ag comhdháil 2020 Occupy Library, agus sraith ghréasáin na Leabharlanna ag Téarnamh. Tionóladh an comórtas bliantúil labhartha Soapbox arna eagrú ag an GBRÁ, ag an gCoimisiún Eorpach agus Ionaid Faisnéise Europe Direct (EDICanna) ar líne, agus bhí beagnach 1000 amharc ar an imeacht.

## NPPR

Muirear bliantúil ba ea an Muirear NPPR a tugadh isteach in 2009 agus ba é 2013 an bhliain dheireadh a bhí sé le hóc. Próiseáladh €695.8 milliún san iomlán ag deireadh mhí na Nollag 2020.

Próiseáladh €26.1 milliún san iomlán in 2020 maidir leis an Muirear NPPR. Is ionann é sin agus laghdú 20% ón méid a próiseáladh de €32.66 milliún in 2019.

In ainneoin na ndúshlán a bhí ann mar gheall ar COVID-19 phróiseáil an Biúro níos mó ná €21.8 milliún.

Is ionann é sin agus 83.5% den iomlán a próiseáladh agus phróiseáil líon údarás áitiúil agus cliant ar líne an t-iarhmhíod .

## r-Phleanáil

### Tionscadal um Thairseach r-Phleanála ar Líne

Leanadh leis an Tionscadal um Thairseach r-Phleanála ar Líne le linn 2020, cuireadh timpeallacht tástála ar bun sa GBRÁ agus i dTiobraid Árann. Baineadh úsáid as an timpeallacht sin chun phríomhfheidhmiúlacht feidhmchláir um phleanáil ar líne a thástáil, le linn tréimhse ar a dtugtaí UAT Céim a hAon. Dearbhaíodh an acmhainn iarratas ar phleanáil ar chur isteach ar líne, agus fógraí a eisiúint chuig an iarratasóir trí ríomhphost nuair a bheidh an t-iarratas ar phleanáil bailíochtaithe agus cinneadh déanta maidir leis.

I ndiaidh chur i gcrích UAT Céim a hAon, bunaíodh sonraíocht mhionsonraithe den fheidhmiúlacht a bhí fágtha agus comhaontú maidir le costais idir na páirtithe go léir. Rinneadh cinneadh maidir le húdaráis aitiúla APAS agus Odyssey, go mbainfí úsáid as an tairseach r-phleanála chun glacadh le hiarratais ar líne, a dhéileálfá leo ansin ar na córais phleanála chúil laistigh de gach údarás áitiúil. Thángthas ar chomhaontú chomh maith maidir le cur chuige de réir a chéile.

Rinneadh a lán údaráis áitiúla a uasghrádú go iPlan 4.3 le hullmhú do chur i bhfeidhm na n-iarratas ar phleanáil ar líne, agus bhí os cionn 12 de na 24 ceann díobh beo faoi dheireadh 2020 agus roinnt eile díobh á dtástáil.

D'aontaigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht go ndéanfadh sí costais bhreise a mhaoiniú maidir le cur i gcrích an tionscadail um Thairseach r-Phleanála agus thángthas ar chomhaontú le díoltóirí ar phlean tionscadail ardleibhéil agus togra maidir le sceideal focaíochta garsprice.



# 10

## Ár n-imeachtaí – ag tabhairt daoine le chéile le tabhairt faoi líonrú agus faoi fhoghlaim

### Athrú Aeráide – Ceist Dhomhanda, Ceannaireacht Áitiúil

Tionóladh imeacht chun foilseachán taighde an GBRÁ a sheoladh, *Gearrchuntas ar an Rialtas Áitiúil Gníomhaíochtaí Aeráide in Éirinn*. Tionóladh seisiún faisnéis an tseolta chun eolas a thabhairt do réimse geallsealbhóirí agus meán faoi obair ar an athrú aeráide a bhí ar siúl san earnáil rialtais áitiúil, agus chun aird a tharraingt ar an ról ceannaireachta agus ar an bhfís atá ag an earnáil maidir le haghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide.

#### Topaicí

Gníomhú na n-údarás áitiúil ar son na hAeráide i gcomhthéacs.

Cuntas Gearr ar Ghníomhaíochtaí Aeráide an Rialtais Áitiúil in Éirinn.

Obair na nOifigí Réigiúnacha um Gníomhú ar son na hAeráide (CAROnna).

Físeanna aeráide na n-údarás áitiúil.

### Seimineár Cumarsáide na nÚdarás Áitiúil

In 2020 tionóladh Seimineár Cumarsáide na nÚdarás Áitiúil ar líne leis an téama 'I ndiaidh 2020: Cumarsáid san Fhírinne Úr'.

Thug cainteoirí ó na hearnálacha poiblí agus príobháideacha cuir i láthair faoi roinnt téamaí.

#### Topaicí

Cumarsáid éifeachtúil a dhéanamh le linn géarchéime

Cathair Chorcaí athshamhlaithe a chur in iúl

Contae a athbhrandáil – Tionscadal 'Imeall Atlantach Luimnigh, Cuimsigh an Eoraip' de chuid Luimnigh

Teachtaireachtaí COVID-19 a logánú

Teachtaireachtaí sláinte poiblí Covid-19 a chur in iúl

Straitéis na meán sóisialta agus cur chun feidhme

Teacht ar lucht spéise níos óige ar líne

Ag obair leis na meáin

## Comhdháil AD 2020

---

Tionóladh an 22ú Seimineár Gréasáin AD na nÚdarás Áitiúil ar líne leis an téama 'Daoine a Bhainistiú isteach i dTodhchaí na hOibre' agus bhí an t-aiseolas an dearfach.

Rinneadh cur i láthair ar na topaicí seo a leanas:

### Topaicí

Todhchaí na hOibre

'An forléargas agus cleachtas chun aigne athléimneach a fhorbairt chun daoine a bhainistiú go rathúil i Saol Fíorúil Gnó'

---

## Seimineáir Ghréasáin Sláinte agus Sábháilteachta 2020

---

Tionóladh dhá Seimineáir Ghréasáin Sláinte agus Sábháilteachta de chuid na nÚdarás Áitiúil ar líne. Ba iad téama na seimineár gréasáin sin '*Do Shláinte, do Chorpacmhainn agus d'Fholláine Mhothúchánach le linn Aistrithe agus Athraithe*'.

Rinneadh cur i láthair ar na topaicí seo a leanas:

### Topaicí

Folláine a Bhainistiú i Láthair Oibre atá ag Athrú

Reawakening Your Best Self - Sraith eispéireas cumhachtach a dhíríonn ar an meabhair a ardú, acmhainneacht istigh a dhúiseacht, sláinte agus feidhmíocht níos fearr a ghríosaigh ar bhealach comhtháiteach agus iomlánach trí dhíriú ar an Intinn, ar an gCorp agus ar an Spiorad

Na Leideanna agus Comhairle Phraiticiúil is Fearr le haghaidh Folláine Mhothúchánach agus Choirp i dTréimhsí Dúshlánacha

Dhá sheisiún ar Chumarsáid Chomhbhách - Leas a bhaint as Síceolaíocht Dhearfach agus Athléimneacht chun Déanamh go Maith i dTréimhsí Dúshlánacha agus ag féachaint ar uirlisí agus teicnící chun cuidiú le do bhealach a dhéanamh trí tírdhreach atá ag athrú de shíor.

---

## Cosaint páistí

---

**Oiliúint ar Chosaint Páistí do Leas-Oifigigh Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Páistí agus Daoine Sainordaithe:**

Soláthraíodh dhá cheardlann, arna gcomhordú ag an Rannóg Chomhairleach Daoine, in 2020 do Leas-Oifigigh Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Páistí agus Daoine Sainordaithe.



## 11

# Príomhbhearta COVID-19 a rinneadh chun oibríochtaí GBRÁ a choimeád

## Go himhneánach

- D'aistrigh fostaithe uile an GBRÁ go socruithe oibre sofhreagrúla ar an 16 Márta 2020
- Rinneadh an Plean Leanúnachais Ghnó a athbhreithniú agus a nuashonrú chun srianta COVID-19 agus Comhairle an FSS a chur san áireamh
- Rochtain ar áitreabh a bhí teoranta d'oibrithe riachtanacha - TF agus párolla agus tosaitheoirí úra de réir mar ba ghá
- Doiciméid threoracha S&S ullmhaithe:
  - Plean Freagartha COVID-19 an GBRÁ
  - Forbraíodh nósanna imeachta chun déileáil le Cásanna Amhrasacha COVID-19 ag an Obair, Cásanna Deimhnithe ag an Obair, agus Próiseas um Fhilleadh Fosaithe ar an Obair
  - Mearthroir COVID-19 an GBRÁ d'fhostaithe agus bainisteoirí líne
  - Treoirí maidir le bheith ag obair ón mbaile
  - Ráiteas Beartais COVID-19 an GBRÁ
- Forbraíodh próisis ionductaithe agus ionductúcháin ar líne
- Rinneadh athbhreithniú ar mheasúnachtaí riosca agus ráiteas sábháilteachta chun dul i ngleic leis na leibhéil riosca a bhaineann le láithreacha oibre agus gníomhaíochtaí oibre faoi leith
- Cuireadh socruithe athbhreithnithe i bhfeidhm do sholáthróirí maidir le soláthar earraí/seirbhísí
- Tugadh fógra do chustaiméirí faoi 'ghnó mar is gnách' Cruinnithe ar fad ar líne
- Sholáthair an rannóg TFC trealamh agus tacaíocht d'fhostaithe chun obair go cianda

## Lasmuigh den Earnáil Rialtais Áitiúil

### Leanúnachas Ghnó

- Aontaíodh Creat Seirbhísí Údarás Áitiúil le Freagairt Phaindeim COVID-19 amach anseo (nuashonraithe ar bhonn rialta i gcomhréir le comhairle sláinte poiblí)

- Freagairtí na n-údarás áitiúil ar ranna rialtais a chomhordú
- Forbraíodh Treoirínte Ardleibhéil S&S agus Treoirínte Oibríocháin Chaighdeánacha (TOCanna)

## Deontas 'Restart'

- I ndiaidh dhúnadh Covid-19, tugadh isteach scéim 'Restart' agus Deontas 'Restart Plus' chun cuidiú le micreaghnólachtaí agus gnólachtaí beaga le costais as athoscailt agus as oibrithe a fhostú arís. Sholáthair an GBRÁ réiteach bogearraí chun os cionn 120,000 iarratas ar líne a bhí bailíochtaithe agus faofa a iompórtáil. Íocadh os cionn €630 milliún amach.

## TFC

- Chuir an GBRÁ tacaíocht ar fáil do chórais TF na n-údarás áitiúil lena n-áirítear párolla.

## Cumarsáid

- Chomhordaigh an GBRÁ leis na húdarás áitiúla agus Ranna Rialtais lena chinntiú go gcuirfí teachtaireachtaí sláinte poiblí cuí in iúl ar bhealach uile na n-údarás áitiúil agus go nglacfadh na húdarás áitiúla páirt i bhfeachtais faisnéise agus cumarsáide na Rialtais i ndáil le COVID-19.
- Thacaigh an GBRÁ le bhunú Ghlaio an Phobail
- Ghníomhaigh an GBRÁ mar idirtheagmháil idir na húdarás áitiúla agus an rialtas lárnach maidir leis an bhfeachtas 'In this Together' ina raibh ról suntasach ag na húdarás áitiúla
- Chomhordaigh an GBRÁ leis an Roinn Sláinte agus dreamanna eile i dtaca le tionscnaimh na n-údarás áitiúil 'Keep Well'.

## Gluais

<b>ARC</b>	An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca	<b>IWCG</b>	Grúpa Comhairliúcháin Uisce Éireann
<b>PBS</b>	Plean Bliantúil Seirbhíse	<b>ÚÁ</b>	Údarás Áitiúil
<b>ÚRF</b>	An tÚdarás um Rialú Tógála	<b>LASOG</b>	Grúpa Oifigeach Sábháilteachta Údaráis Áitiúil
<b>BCMS</b>	Córas Bainistíochta Rialaithe Tógála	<b>OFÁ</b>	Oifig Fiontair Áitiúil
<b>CARO</b>	Na hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide	<b>RÁ</b>	Rialtas Áitiúil
<b>CBCC</b>	Cumann na Bainistíochta Contae agus Cathrach	<b>LGSPC</b>	Ionad Soláthair Straitéisigh Rialtais Áitiúil
<b>POF</b>	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin	<b>MFA</b>	Fíordheimhniú Ilfhachtóirí
<b>CRM</b>	Bainistíocht Caidrimh Custaiméirí	<b>MRL</b>	Ceadúnú Oibreacha Bóithre MapRoad
<b>CRU</b>	An Coimisiún um Rialáil Fóntas	<b>NBCMP</b>	Oifig Náisiúnta um Thionscadal Bainistíochta um Rialú Foirgníochta
<b>CSSC</b>	Fochoiste Cibearshlándála	<b>NDFEM</b>	An Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandálaí
<b>DCCAÉ</b>	An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil	<b>NOAC</b>	An Coimisiúnú Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúcháireachta
<b>DCU</b>	Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	<b>NPPR</b>	Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha (NPPR)
<b>DEASP</b>	An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta	<b>NSC</b>	An Coiste um Chaighdeán Náisiúnta
<b>DHPLG</b>	An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil	<b>OSR</b>	An Oifig um Sholáthar Rialtais
<b>DRCD</b>	An Roinn um Fhorbairt Tuaithe agus Pobail	<b>OGCIO</b>	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais
<b>GCC</b>	An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	<b>OSI</b>	Suirbhéireacht Ordanáis Éireann
<b>CBA</b>	Córas Bainistíochta Airgeadais	<b>PID</b>	Doiciméad Tionscnaimh Tionscadail
<b>RGCS</b>	An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí	<b>PLR</b>	Luach Saothair ó lasachtaí leis an bPobal
<b>SPC</b>	Soláthar Poiblí Glas	<b>PMDS</b>	Córas um Fhorbairt Bainistíochta Feidhmíochta
<b>ÍCT</b>	Íocaíochtaí Cúnaimh Tithíochta	<b>OBC</b>	An Oifig Bainistíochta Clár
<b>CA</b>	Ceann Airgeadais	<b>PMS</b>	Córas Bainistíochta Cosán
<b>HPSS</b>	Acmhainní Daonna, Párolla, Aoisliúntas agus Seirbhísí Comhroinnte	<b>PSROG</b>	Grúpa Maoirseachta um Athchóiriú na hEarnála Poiblí
<b>AD</b>	Acmhainní Daonna	<b>SEAI</b>	Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
<b>TFC</b>	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide	<b>SICAP</b>	An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail
<b>IHREC</b>	Coimisiún um Chearta an Duine agus um Chomhionannas na hÉireann	<b>CS</b>	Comhaontú Seirbhíse
<b>InfoSec</b>	Faisnéis Slándála	<b>FBM</b>	Fiontar Beag, Meánmhéide
<b>IPA</b>	An Foras Riaracháin	<b>SMS</b>	Córas Bainistíochta Sábháilteachta
<b>CPÉ</b>	Comhlachtaí Poiblí Éireannacha	<b>WIOF</b>	Creat Oibriúcháin an Tionscail Uisce
<b>CT</b>	Caidreamh Tionsclaíoch	<b>WRC</b>	An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre
<b>UÉ</b>	Uisce Éireann	<b>WSTO</b>	Oifig Aistrithe na Seirbhísí Uisce

# Aguisín 1

## **Scéim um Luach Saothair ó lasachtaí leis an bPobal**

Aon tAonú Tuarascáil  
Bhliantúil Déag

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020



# Clár na nÁbhar

<b>1.</b>	<b>Réamhrá</b>	<b>61</b>
1.1	Bonn Reachtaíochta	61
1.2	Ionstraim Reachtúil	61
1.3	Bainistiú na Scéime PLR	61
<b>2.</b>	<b>An Próiseas PLR</b>	<b>61</b>
<b>3.</b>	<b>Bailiúchán Sonraí Iasachtaí</b>	<b>61</b>
<b>4.</b>	<b>Cláir Údar</b>	<b>62</b>
<b>5.</b>	<b>Íocaíochtaí PLR 2020</b>	<b>62</b>
<b>6.</b>	<b>Leabharlann na Breataine, Ceart Iasachta Poiblí RA</b>	<b>62</b>
<b>7.</b>	<b>Cumarsáid agus Poiblíocht</b>	<b>62</b>
<b>8.</b>	<b>Airgeadas</b>	<b>62</b>
<b>9.</b>	<b>Buíochas</b>	<b>62</b>
<b>10.</b>	<b>Aguisíní</b>	<b>63</b>
10.1	Achoimre Íocaíochtaí	63
10.2	Achoimre ar Mhodhanna Íocaíochta	63
10.3	Íocaíocht Tíre Cónaithe	64
10.4	Raon méideanna íocaíochtaí	64

## 1. Réamhrá

### 1.1 An Bonn Reachtach

Is éard is Ceart Iasachtaithe Phoiblí ceart eisiach an údair a leabhar a thabhairt ar iasacht, agus tugadh isteach i ndlí na hÉireann é mar *An tAcht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar (Leasú) 2007*. Leis an Acht cuireadh an reachtaíocht Éireannach i gcomhréir leis an dlí Eorpach.<sup>1</sup> Sonraítear san Acht go bhfuil feidhm ag an gceart chun saothar a thabhairt ar iasacht mura bhfuil scéim um luach saothair i bhfeidhm agus á sholáthar do bhunú scéim um luach saothair ag an Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil.

### 1.2 Ionstraim Reachtúla

Eisíodh na rialacháin lena mbunaítear an scéim na Rialacháin 2008 fán Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar (Scéim um Luach Saothair ó Iasachtaí leis an bPobal) ar an 31 Nollaig 2008.<sup>2</sup> (I.R. Uimh. 597 de 2008). Faoin Scéim um Luach Saothair ó Iasachtaí leis an bPobal, déantar íocaíocht le húdair, maisitheoirí etc a bhfaightear a leabhair ar iasacht ó leabharlanna poiblí. Rinneadh an Rialacháin fán Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar (An Scéim um Luach Saothair ó Iasachtaí leis an bPobal) (Leasú), 2013 I.R. Uimh. 221 de 2013 a shíniú ar an 20 Meitheamh 2013.<sup>3</sup>

### 1.3 Bainistiú na Scéime PLR

Faoi na rialacháin ainmníodh Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil mar chláraitheoir an Luach Saothair ó Iasachtaí leis an bPobal. Bainistíonn Forbairt Leabharlann an scéim PLR atá á maoiniú ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

D'fhorbair an Oifig PLR i gcomhar leis Leabharlann na Breataine, Ceart Iasachta Poiblí RA córais chun seirbhísí feabhsaithe a sholáthar a bhfuil clárú níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla agus seirbhísí gaolmhara PLR d'údair mar thoradh orthu.

## 2. An Próiseas PLR

Faoi PLR, déanfar íocaíocht le húdair chláraithe, saoránaigh nó cónaitheoirí sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (EEA), i dtaca le leabhair a cláraíodh leis an PLR agus a bhí á dtabhairt ar iasacht d'údarais leabharlann poiblí.

Is gá d'údair clárú leis an Oifig PLR, agus sonraí na leabhar ar mian leo luach saothair a éileamh orthu a thabhairt.

Soláthraíonn údarais leabharlann poiblí sonraí a n-iasachtaí, lena n-áirítear an líon uaireanta a n-eisítear gach leabhar ina gcnuasach i gcaitheamh na bliana don Oifig PLR.

Ag deireadh na tréimhse PLR, déantar sonraí na n-iasachtaí ó gach údarás a phéireáil le sonraí an údair/teidil agus liosta údar ar tugadh a leabhair ar iasacht, agus an líon eagrán de gach ceann a sholáthraítear. Áirítear an méid atá gach údar i dteideal a fháil agus íoctar iad.

## 3. Bailiúchán Sonraí Iasachtaí

Suiteáiltear modúl iasachtaí PLR ar chóras bainistíochta na leabharlainne agus tugann na sonraí a eisítear gach leabhar le linn tréimhse shonrach agus cuirtear é sin ar aghaidh chuig an Oifig PLR go huathoibríoch.

1 Treoir 2006/115/CE, IO L 376, 27.12.2006, lch. 28–35.

2 I.R. Uimh 597 de 2008.

3 I.R. Uimh 221 de 2013.

## 4. Cláir Údar

Cláraíodh 27,953 údar an gcóras PLR ag deireadh bhliain PLR 2020.

## 5. Íocaíochtaí PLR 2020

Sholáthair an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail €200,000 i gcomhair íocaíochtaí leis na húdair ar tugadh a saothair ar iasacht do phobal na hÉireann.

Déantar na híocaíochtaí go bliantúil agus bunaítear iad ar iasachtaí ón mbliain féilire roimhe sin. Bhí údair i dteideal íocaíochta dá mbainfeadh a dtuilleamh PLR íosmhéid €2 amach, agus bhí íocaíocht uasta de €1,000 do na húdair ba mhíne a bhfuarthas a leabhair ar iasacht. Áiríodh an Ráta in aghaidh na hiasachta (RPL) ag 4.39 cent. Bunaíodh áireamh íocaíochta PLR 2020 ar 4,769,052 iasacht incháilithe ar fad.

Cháiligh 6,271 údar ó 24 tír le haghaidh íocaíochta in 2020, agus fuair 8 n-údar an íocaíocht uasta.

## 6. Leabharlann na Breataine, Ceart Iasachta Poiblí RA

Aistríodh an Fhreagracht um PLR na Ríochta Aontaithe chuig Leabharlann na Breataine i nDeireadh Fómhair 2013. Phléigh foireann PLR na Breataine agus na hÉireann comhchuir chuige maidir le húsáid acmhainní a uasmhéadú agus seirbhísí feabhsaithe a sholáthar d'údair.

Is mór ag an Oifig PLR an cúnamh mór a thug an fhoireann PLR maidir le tacú leis an gcóras PLR.

## 7. Cumarsáid agus Poiblíocht

Caomhnaíonn an Oifig PLR an láithreán gréasáin [www.plr.ie](http://www.plr.ie). Éascaítear leis an mbailiúchán sonraí iasachtaí ó gach údarás leabharlainne anailís ar iasachtaí leabharlann poiblí ar bhonn náisiúnta. Cuireann an Oifig PLR eolas ar iasachtaí leabharlann poiblí ar fáil do na meáin chumarsáide ar iarratas.

## 8. Airgeadas

Maoiníonn an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail an Luach Saothair ó Iasachtaí leis an bPobal go díreach agus ní ghearrtar na costais ar na húdaráis áitiúla.

## 9. Buíochas

Ba mhaith leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil buíochas a ghabháil leis an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail, leis an Aire Stáit, lena n-oifigigh as a dtacaíocht leanúnach; le húdaráis leabharlann poiblí dá gcomhoibriú i bhfeidhmiú leanúnach na scéime PLR, le foireann PLR in Leabharlann na Breataine dá gcomhairle, dá dtacaíocht agus dá gcúnamh.

Cláráitheoir PLR

*Paul Dune*

Dáta

*23/2/21*

## 10. Aguisíní

### 10.1 Achoimre Íocaíochtaí

Achoimre Íocaíochtaí	2020
Líon na n-údar a bhí cláraithe le haghaidh PLR ag deireadh 2020	27,953
Líon na n-údar atá i dteideal íocaíochta	6,271
Caiteachas iomlán (maoiniú na Roinne agus an méid a tugadh ar aghaidh ó 2018)	€200,316.89
Líon na n-údar a fuair an íocaíocht uasta	8
Ráta in aghaidh na hiasachta (RPL)	4.39
<b>An líon iomlán iasachtaí incháilithe</b>	<b>4,769,052</b>

### 10.2 Achoimre ar Mhodhanna Íocaíochta

Modh Íocaíochta	Líon Údair 2020	Méid Iomlán 2020 €
R-íocaíocht dhíreach isteach i gCuntais Neamh-Steirling	568	23,966.63
R-íocaíocht dhíreach isteach i gCuntais Steirling na Ríochta Aontaithe	5,645	17,5309.57
Íocaíochtaí Ar Coimeád	58	1,040.69
<b>Iomlán</b>	<b>6,271</b>	<b>200,316.89</b>

## 10.3 Íocaíocht Tíre Cónaithe

Tír	Méid €	Tír	Méid €
An Ríocht Aontaithe	175,776.60	An Bheilg	53.06
Éire	21,725.10	An Astráil	45.92
An Fhrainc	747.12	An Danmhairg	25.64
An Ghearmáin	529.68	An Íoslainn	36.26
An Iodáil	328.71	An Iorua	14.45
An Eilvéis	245.56	An tSeapáin	10.39
An Ísiltír	230.07	An Ghréig	7.35
An Spáinn	193.54	An Ungáir	7.14
Ceanada	128.61	An Bhulgáir	6.10
An Chróit	77.13	An Rómáin	5.91
Oileán Mhanann	12.58	An Nua-Shéalainn	2.67
An tSualainn	106.21	An Afraic Theas	1.09
			<b>IOMLÁN €200,316.89</b>

## 10.4 Raon méideanna íocaíochtaí

Ó Mhéid €	Chuibh Méid €	Líon Íocaíochtaí 2020	Méid € in 2020
0.01	5	1,984	6,417.92
5.01	10	1,284	9,156.99
10.01	50	2,063	47,196.55
50.01	100	487	34,107.90
100.01	300	371	60,116.78
300.01	500	49	18,601.03
500.01	1000	33	24,719.72
<b>TOTAL</b>		<b>6,271</b>	<b>200,316.89</b>

# Aguisín 2

## Ráitis Airgeadais Iniúchta

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020

### Clár na nÁbhar

Tuarascáil an Iniúcháir Rialtais Áitiúil	66
Ráiteas ar an gCóras de Rialaithe Inmheánacha	67
Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird	70
Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	71
Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais (Clár Comhordaithe)	72
Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais	73
Nótaí leis na Cuntais agus ar cuid de na Cuntais iad	74



# Tuarascáil an Iniúcháir Rialtais Áitiúil do Bhord na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil

## Réamhrá

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020. Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach iontu siúd, comhdhéanta den Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, den Ráiteas ar an Staid Airgeadais, den Ráiteas um Shreabhadh Airgid agus de na nótaí a ghabhann leis na cuntais agus atá mar chuid dóibh.

## Freagrachtaí Faoi Seach an Bhoird agus an Iniúcháir Rialtais Áitiúil

Tá Bord na Gníomhaireachta freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Ordú na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil (Bunú) 2012 agus as rialtacht na n-idirbheart a áirithiú. Tá freagrachtaí cuntasaíochta ag Comhaltaí an Bhoird leagtha amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na gComhaltaí Boird.

Is é an cúram atá ormsa iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na ceanglais ábhartha dlí agus rialála agus de réir Chód Cleachtas Iniúcháir.

Déanaim mo thuairim a thuairisciú faoi má thugtar nó nach dtugtar léargas fíor agus cóir sna ráitis airgeadais, de réir an chaighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis. Tuairiscím freisin cibé acu i mo thuairim, ar coinníodh leabhair chuntais chuí nó nár coinníodh. Ina theannta sin, cuirim in iúl an bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím freisin an bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe go léir atá riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam nó nach bhfuil.

Déan athbhreithniú ar cé acu an bhfuil an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais ag teacht le comhlíonadh an Bhoird maidir leis an gCód Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh nó má tá an ráiteas míthreorach nó neamhréir le faisnéis eile ar a bhfuil mé eolach ó m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais. Ní gá dom a bhreithniú an gclúdaíonn an Ráiteas um Rialú Airgeadais Inmheánach na rioscaí agus na rialuithe airgeadais go léir, nó tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na nósanna imeachta riosca agus rialaithe.

## An Bunús leis an Tuairim Iniúcháir

Rinne mé m'iniúchadh de réir an Chóid Chleachtas Iniúcháir. Cuimsíonn iniúchadh scrúdú ar bhonn tástála ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus na nochtuithe sna ráitis airgeadais. Cuimsítear ann chomh maith measúnú ar na meastacháin agus na breithiúnais shuntasacha a rinneadh agus na ráiteas airgeadais á n-ullmhú agus cibé acu an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí na Gníomhaireachta, an ndéantar iad a chur i bhfeidhm go seasmhach agus a nochtadh go leordhóthanach.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh chun an fhaisnéis agus na mínithe go léir a fháil, rud a mheas mé a bheith riachtanach le fianaise leordhóthanach a chur ar fáil chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu ba chúis le calaois nó mírialtacht nó earráid eile. Agus mo thuairim á forbairt agam, rinne mé measúnú freisin ar leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

Tuairiscím trí eisceacht:

- Mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- Mura léiríonn an Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach comhlíonadh an tÚdarás leis an gCód Cleachtas do Rialachas Chomhlachtaí Stáit, nó
- Má fhaighim go bhfuil nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an ts lí a ndearnadh gnó poiblí.

## Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim go dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais ar staid chúrsaí na Gníomhaireachta ar an 31 Nollaig 2020 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain dar críoch sin.

Fuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a mheas mé a bheith riachtanach chun críche an iniúchta. Is é mo thuairim gur choinnigh an Gníomhaireacht leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Sínithe Kate O'Brien

Dáta 28/05/2021

Kate O'Brien

Iniúcháir Rialtais Áitiúil

# Ráiteas maidir leis an gCóras um Rialú Inmheánach

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

## Raon Feidhme na Freagrachta

Thar ceann Bhord na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil, admhaím freagracht an Bhoird as a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Cuirtear san áireamh sa fhreagracht ceanglais s an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016.

## Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Dearatar an córas de rialú inmheánach chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas é a dhíchur. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath ar bhealach tráthúil. Bhí an córas um rialú inmheánach, a thagann le treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 agus suas go dáta formheasa na ráiteas airgeadais.

## Cumas Riosca a Láimhseáil

Tá Bord an GBRÁ freagrach as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtúil um rialú inmheánach i bhfeidhm ag an GBRÁ. Cuidíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ("CIR") leis an mBord ina bhfuil trí chomhalta Boird ina bhfuil comhalta amháin den Bhord (atá ina chathaoirleach ar an gcoiste), agus 4 chomhalta eile a bhfuil taithí airgeadais agus iniúcháireachta acu. Tháinig an CIR le chéile 3 huaire in 2020. Tá údarás feidhmiúcháin tarmilgthe ag an mBord chuig an POF a fheidhmíonn, mar aon leis an bhfoireann bainistíochta sinsearaí, creat bainistíochta riosca an GBRÁ agus a thugann tuairisc maidir le riosca ag gach cruinniú Boird, gach cruinniú de chuid an Choiste Airgeadais nó agus gach cruinniú CIR.

Tá soláthraí iniúcháireachta inmheánaí seachfhoinsithe ag an GBRÁ a stiúirann clár oibre a comhaontaíodh leis an CIR. In 2020 rinneadh trí iniúchadh inmheánacha lena clúdaíodh Córas Rialaithe Inmheánaigh an GBRÁ, athbhreithniú ar na Príomhghnéithe maidir le Tionscadal TFC na Tithíochta maidir le Tacaíocht agus Cothabháil iHouse agus athbhreithniú ar Shocruithe atá i bhfeidhm maidir le Bainistíocht Tionscadal Sonracha trí an Oifig na Bainistíochta Bóithre.

Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag an CIR lena leagtar amach na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus a lena dtugtar sonraí maidir le ról agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Eisíodh an beartas chuig an bhfoireann go léir agus táthar ag súil go mbeidh siad ag obair le polasaithe bainistíochta riosca an GBRÁ, chun an lucht bainistíochta a chur ar an eolas maidir le riosca atá ag teacht chun cinn agus laige rialaithe, agus chun freagracht a ghlacadh as riosca agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

## Creat um Riosca agus Rialú

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an GBRÁ lena n-aithnítear agus lena dtuairiscítear príomhriosca agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí corparáideacha i bhfeidhm lena n-aithnítear na príomhrioscaí atá os comhair an GBRÁ agus rinneadh iad a aithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir na tábhachta a bhain leo. Ullmhaíonn an lucht bainistíochta an clár agus déanann an Bord agus an CIR athbhreithniú agus nuashonrú air ag gach cruinniú. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Tugtar sonraí sa chlár riosca maidir leis na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú, chomh maith leis an bhfreagracht a shanntar don fhoireann ar leith maidir le hoibriú rialuithe. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialúcháin i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó.
- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá córas cuí buiséadaithe ann le buiséad bliantúil atá á choinneáil faoi athbhreithniú ag an mbainistíocht shinsearach.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a áirithiú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.



## Rialú Inmheánach

Dhear an GBRÁ córas um rialú inmheánach agus bainistíochta riosca lena n-aithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, más féidir, iad a mhaolú. Seo a leanas na príomhghnéithe den chóras:

- Struchtúr eagraíochtúil atá sainithe go soiléir ina bhfuil deighilt chuí dualgas agus teorainneacha údaráis arna n-ainmniú ag an mBord.
- Plean corparáideach, atá faofa ag an mBord, lena ndéantar an plan gnó bliantúil agus buiséad bliantúil a threorú.
- Buiséad bliantúil agus plan bliantúil foirne do gach colún, arna bhfaomhadh ag an mBord.
- Beartais agus nósanna imeachta atá doiciméadaithe lena gclúdaítear na príomhréimsí riosca ar a ndéantar athbhreithniú tréimhsiúil agus a fhaomhann an Bord.
- Teorainneacha agus údarás sainithe maidir le caiteachas airgeadais lena n-áirítear earraí agus seirbhísí a sholáthar, atá faofa ag an mBord.
- Déantar cuntais ráithiúla bainistíochta a ullmhú agus a chur i láthair an Choiste Airgeadais.
- CIR a sholáthraíonn maoirseacht agus treoir sna réimsí um bainistíocht riosca, athbhreithniú ar an gclár riosca, inghlacthacht riosca, tuairiscíú rioscaí agus forbairt beartas.
- Líon coistí boird eile a thacaíonn leis an mBord ina ról maoirseachta. Tá siad sin liostaithe sa Ráiteas maidir le Rialachas.
- Beartais ina gclúdaítear, calaois, sláinte agus sábháilteacht, agus príomhréimhsí riosca eile chomh maith le cód iompair don Bhord, do na hOifigigh, agus do na baill foirne.
- Beartais agus nósanna imeachta ina gclúdaítear bainistíocht feidhmíochta na foirne, forbairt na foirne, agus oideachas leanúnach.
- Beartas agus plan soláthair ar a ndéanann an Bord athbhreithniú gach bliain.
- Feidhm iniúcháireachta inmheánaí lena ndéantar athbhreithniú ar phróisis, córais agus rialuithe aitheanta agus lena dtuairiscítear a chuid oibre don CIR.
- CIR a dhéileálann le ceisteanna suntasacha rialaithe ar bith arna n-ardú tríd an iniúchadh inmheánach, ag an Iniúcháir Rialtais Áitiúil, nó le hathbhreithnithe seachtracha eile.

- Clár rioscaí corparáideacha a ullmhaíonn an lucht bainistíochta agus ar a ndéanann an CIR agus an Bord athbhreithniú rialta.
- Córais agus bogearraí i bhfeidhm chun ár dtimpeallacht TFC a chosaint ar bhagairtí agus chun slándáil na faisnéise a choinnímid a chinntiú.

## Coistí Boird

Cuidíonn líon Coistí Boird leis an mBord ina ról maoirseachta ina gcuimsítear comhaltaí Boird agus baill sheachtracha ag a bhfuil saineolas ábhair i réimsí freagrachta faoi seach na gCoistí. Leagann an Bord de chúram ar na Coistí sin machnamh grinn a dhéanamh ar ábhair áirithe agus soláthraíonn siad comhairle chun cuidiú le cinnteoireacht an Bhoird. Cuirtear nuashonrú ó gach Coiste ar fáil do chruinniú an Bhoird. Tá sonraí maidir leis na Coistí a bhí i mbun feidhme le linn 2019 cuimsithe sa Ráiteas maidir le Rialachas agus i dTuarascáil na gComhaltaí Boird.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, más ábhartha, in am agus i dtráth. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnaí a leanas i bhfeidhm:

- Aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na príomhrialuithe sin agus chun tuairiscíú ar aon easnamh a aithníodh;
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ina sannadh an fhreagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- Déanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla agus ar thuarascálacha airgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

## Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an GBRÁ lena chinntiú go gcomhlíontar rialacha agus treoirlínte soláthair reatha agus gur chomhlíon an GBRÁ na nósanna imeachta le linn 2020.

### **Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht**


Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an GBRÁ chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Cuirtear bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú an GBRÁ ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh le hobair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus tá an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh den GBRÁ freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Deimhním go ndearna an Ghníomhaireacht athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht an rialaithe inmheánaigh do 2020. Dearbhaím nár sainaithníodh laigí ábhartha ar bith sna rialuithe inmheánacha maidir le 2020 lena n-éileofaí iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

### **Ceisteanna um Rialú Inmheánach**

Níor aithníodh aon laigí i rialuithe inmheánacha maidir le 2020 lena n-éilítear nochtadh sna ráitis airgeadais.

Thar ceann an Bhoird:



**Jackie Maguire**

**Chathaoirleach GBRÁ**

Dáta: 11 Bealtaine 2021

## Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020


Bunaíodh an Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ) leis an Ordú um Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (Bunú) 2012, (IR Uimh 290 de 2012).

Is comhlacht reachtúil í ag a bhfuil an cúram as raon seirbhísí a sholáthar don earnáil Rialtais Áitiúil.

Ceanglaítear san Ordú um Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (Bunú) 2012, Alt 18 ar an mBord gach cuntas cuí a choinneáil maidir le hioncam agus caiteachas na Gníomhaireachta, agus maidir le foinsí an ioncaim sin agus ábhar an chaiteachais sin, agus maidir le réadmhaoin, creidmheasanna agus dliteanais na Gníomhaireachta. Ceanglaítear ar GBRÁ agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú aici:

- Beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh.
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás nach cuí a ghlacadh leis go leanfaidh GBRÁ i mbun oibre
- Aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choimeád ina nochtar go réasúnta cruinn tráth ar bith staid airgeadais GBRÁ lena cuirtear ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 18 den Ordú um Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (Bunú) 2012. Tá an Bord freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus mar sin as bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.



**Cathaoirleach**

Dáta: 11 Bealtaine 2021



**POF**

Dáta: 11 Bealtaine 2021

# Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach


Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

	Nótaí	Seirbhísí na Gníomhaireachta	Seirbhísí Biúró	Seirbhísí Comhroinnte	2020	2019	Seirbhísí na Gníomhaireachta	Seirbhísí Biúró	Seirbhísí Comhroinnte
<b>IONCAM</b>									
Ranníocaíochtaí Údarás Áitiúil		11,141,470			<b>11,141,470</b>	<b>10,744,589</b>	10,744,589		
Ioncam ó thionscadail	3.1	19,267,884	58,924		<b>19,326,808</b>	<b>13,250,161</b>	13,187,807	62,354	
Tionscadail a maoiníodh	3.2			2,961,059	<b>2,961,059</b>	<b>2,823,743</b>			2,823,743
Ioncam Eile	3.3	10,777			<b>10,777</b>	<b>46,918</b>	46,918		
Seirbhísí biúró - bailiúcháin	3.4		26,849,320		<b>26,849,320</b>	<b>33,174,880</b>		33,174,880	
Aoisliúntas coimeáda		273,282			<b>273,282</b>	<b>268,072</b>	268,072		
Ranníocaíochtaí ciste fiachmhúchta		228,909			<b>228,909</b>	<b>228,910</b>	228,910		
Ús infhála agus ioncam comhchosúil		40,517			<b>40,517</b>	<b>60,542</b>	60,542		
<b>Ioncam Iomlán</b>		<b>30,962,839</b>	<b>26,908,244</b>	<b>2,961,059</b>	<b>60,832,142</b>	<b>60,597,815</b>	<b>24,536,838</b>	<b>33,237,234</b>	<b>2,823,743</b>
<b>CAITEACHAS</b>									
Costais na foirne	4	7,516,934	176,683	962,331	<b>8,655,948</b>	<b>7,760,825</b>	<b>6,961,676</b>		<b>799,149</b>
Costais oibriúcháin agus forchostais	5	20,753,486	195,125	642,489	<b>21,591,100</b>	<b>16,058,956</b>	<b>15,080,765</b>	<b>370,087</b>	<b>608,104</b>
Íocaíochtaí amach	6	695,120	26,536,436	1,356,239	<b>28,587,795</b>	<b>34,862,106</b>	<b>578,470</b>	<b>32,867,147</b>	<b>1,416,489</b>
Dímheas	7	396,837			<b>396,837</b>	<b>434,031</b>	<b>434,031</b>		
<b>Caiteachas Iomlán</b>		<b>29,362,376</b>	<b>26,908,244</b>	<b>2,961,059</b>	<b>59,231,679</b>	<b>59,115,918</b>	<b>23,054,942</b>	<b>33,237,234</b>	<b>2,823,743</b>
Barrachas don bhliain roimh leithreasuithe		<b>1,600,463</b>	<b>0</b>	<b>0</b>	<b>1,600,463</b>	<b>1,481,896</b>	<b>1,481,896</b>	<b>0</b>	<b>0</b>
Aistriú go cúlchiste speisialta		<b>(228,909)</b>			<b>(228,909)</b>	<b>(228,910)</b>	<b>(228,910)</b>		
Barrachas don bhliain i ndiaidh leithreasuithe		<b>1,371,554</b>	<b>0</b>	<b>0</b>	<b>1,371,554</b>	<b>1,252,986</b>	<b>1,252,986</b>	<b>0</b>	<b>0</b>

# Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais (Clár Comhordaithe)

amhail an 31 Nollaig 2020

	Nótaí	2020 €	2019 €
<b>Sócmhainní Neamhreatha</b>			
Sócmhainní Inláimhsithe	7	17,924,496	6,213,219
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Earraí infhaighte	9	5,297,294	3,983,601
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim	8	4,679,398	4,742,498
Infheistíochtaí		21,702,052	18,965,111
Infheistíochtaí - Cúlchiste Speisialta		3,660,092	3,508,022
		<b>35,338,836</b>	<b>31,199,232</b>
<b>Dlíteanais Reatha</b> (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)			
Suimeanna iníoctha	10	12,746,112	10,796,418
		<b>22,592,724</b>	<b>20,402,814</b>
<b>Creidiúnaithe:</b> (Méideanna atá dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin)			
Iasachtaí Iníoctha	11	2,543,384	2,152,925
		<b>37,973,836</b>	<b>24,463,108</b>
<b>Ag léiriú</b>			
Cúlchistí Ioncaim Coimeádta	12	19,705,492	18,280,230
Cúlchiste Athluachála	12	14,608,252	2,674,856
Cúlchiste Speisialta	12	3,660,092	3,508,022
		<b>37,973,836</b>	<b>24,463,108</b>


**Cathaoirleach**

Dáta: 11 Bealtaine 2021



**POF**

Dáta: 11 Bealtaine 2021

## Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

	2020 €	2019 €
<b>Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>		
Barrachas Ioncaim thar Chaiteachas	1,371,554	1,252,986
Ús Bainc a fuarthas	(40,517)	(60,542)
Dímheas	396,837	434,031
(Méadú)/Laghdú ar Earraí Infhaighte	(1,313,693)	307,574
Méadú ar Shuimeanna Iníoctha	1,884,206	2,307,718
<b>Glansreabhadh/(Glan-eis-sreabhadh) airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>	<b>2,298,387</b>	<b>4,241,767</b>
<b>Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistithe</b>		
Ceannach Sócmhainní Inláimhsithe	(121,007)	(193,977)
<b>Glan-eis-sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistithe</b>	<b>(121,007)</b>	<b>(193,977)</b>
<b>Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe</b>		
Fáltais ó iasachtaí bainc	730,000	410,000
Aisíocaíocht iasachta bainc	(274,057)	(228,064)
Méadú/(Laghdú) ar infheistíocht Ciste fiachmhúchta	152,070	(128,330)
Ús Bainc a fuarthas	40,517	60,542
<b>Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe</b>	<b>648,530</b>	<b>114,148</b>
<b>Méadú glan ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim</b>	<b>2,825,910</b>	<b>4,161,938</b>
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 1 Eanáir	27,215,632	23,053,694
<b>Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 31 Nollaig</b>	<b>30,041,542</b>	<b>27,215,632</b>



Cathaoirleach

Dáta: 11 Bealtaine 2021



POF

Dáta: 11 Bealtaine 2021

# Nótaí a ghabhann leis na Cuntais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

## 1 Eolas Ginearálta

Bunaíodh an Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ) leis an Ordú um Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (Bunú) 2012, (IR Uimh 290 de 2012). Gníomhaireacht stáit de chuid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta is ea an GBRÁ a bunaíodh chun réimse seirbhísí gairmiúla a sholáthar don Earnáil Rialtais Áitiúil. Cruthaíodh an Gníomhaireacht trí chumasc an Bhoird Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil, an Bhoird Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus an Chomhairle Leabharlanna.

Is iad seo a leanas seoltaí oifigí an GBRÁ:

Teach an Rialtais Áitiúil  
35-39 Cé Uiséir  
Baile Átha Cliath 8

Teach an Fhéinics  
27 Bóthar Conyngham  
Baile Átha Cliath 8

## 2 Achoimre ar na beartais shuntasacha chuntasaíochta

### 2.1 Bunús an ullmhaithe

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus ullmhaíodh iad ar bhonn fabhráithe, seachas mar atá sonraíthe ag 2.3 agus 2.5 thíos, agus i gcomhréir leis an gCleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Leis. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir FRS 102, an caighdeán um thuairisciú airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn a d'éisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC), arna bhfógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann. Chun na ráitis airgeadais a ullmhú éilítear ar an lucht bainistíochta a mbreithiúnas a chleachtadh agus beartais chuntasaíocht á gcur i bhfeidhm. Níl réimsí ar bith de na ráitis airgeadais ann lena n-éilítear breithiúnas an lucht bainistíochta nó meastacháin atá ríthábhachtach do na luachanna a thuairiscítear.

### 2.2 Airgeadra Eachtrach

Is é an Euro (€) an t-airgeadra feidhmiúil agus tuairiscithe.

Déantar idirbhearta airgeadra eachtraigh a aistriú go Euro ag spotrátaí malairte ag dátaí na n-idirbheart. Cuirtear na gnóthachain agus na cailteanais mhalartaithe a bhíonn mar thoradh ar shocrú na n-idirbheart sin ag ráta éagsúil san áireamh sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

### 2.3 Foinsí agus aitheantas ioncaim

Cuirtear an phríomhfhoinsé ioncaim don GBRÁ ar fáil trí ranníocaíochtaí ó Údarás Áitiúla. Tá bonn na ranníocaíochtaí trí leithdháileadh comhaontaithe de bhuiséad bliantúil an GBRÁ. Faigheann an GBRÁ ioncam ó na hÚdaráis Áitiúla agus comhlachtaí stáit eile chomh maith as tionscadail shonracha a dhéanamh thar ceann na hearnála rialtais áitiúil. Sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach cuirtear an dá chatagóir thuas le chéile faoi Sheirbhísí Gníomhaireachta.

Faoin reachtaíocht ábhartha lena dtugtar isteach an muirear nó an táille chlárúcháin, ba é an GBRÁ an gníomhaireacht dar tugadh an fhreagracht as bailiú agus bainistíocht iad seo a leanas:

Muirear príomh-áiteanna cónaithe próbháideacha (NPPR)

Muirear Teaghlaigh

An táille chlárúcháin do 'Cosain Ár nUisce'

Déantar bailiúcháin ón bpobal a dhéantar faoi na ceanteidil thuas a thaifeadh sna ráitis airgeadais ar bhonn an t-airgead a fhaightear. Taispeántar na bailiúcháin sin sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach mar Sheirbhísí Biúró.

Faigheann an GBRÁ cistí lárnacha i ndáil le costais a thabhaítear as tionscadail seirbhísí comhroinnte áirithe. Taispeántar ioncam i ndáil leis an tionscadail sin sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach mar Sheirbhísí Comhroinnte.

## 2.4 Maoin, gléasra & trealamh agus dímheas

Sonraítear maoin, gléasra & trealamh ag costas stairiúil móide dímheas carntha, seachas Áitreabh Ruílse, a thaispeántar ag an luach. Déantar an difríocht idir dímheas ar an gcostas measta agus an costas bunaidh a aistriú ó chúlchiste athluachála go dtí cúlchiste coimeádta.

Gearrtar dímheas chun costas nó luacháil na sócmhainní a dhíscríobh go dtí luach iarmharach ag baint úsáid as modh an mhéid chothroim thar a saolré ionchais ar na boinn seo a leanas:

Áitreabh Ruílse	2%
Daingneáin agus Feistis	10%
Trealamh Ríomhairí agus Coimhdeach	33.33%
Troscán agus Trealamh Oifige	10%
Trealamh Oiliúna	20%

Ní ghearrtar dímheas ar bith i mbliain na diúscartha agus gearrtar dímheas bliana iomláine i mbliain an cheannaigh. Rinneadh na luachálaithe idirnáisiúnta Colliers luacháil neamhspleách ar an áitreabh Ruílse ar an 21 Deireadh Fómhair 2020.

	Luacháil 2020	Costas
Teach an Rialtais Áitiúil, 35/39 Cé Uiséir, Baile Átha Cliath 8	€9,850,000	€2,385,323
Teach an Fhionnuisce, 27 Bóthar Conyngham, Baile Átha Cliath 8	€8,000,000	€3,186,625

## 2.5 Aoisliúntas

Tá an GBRÁ ina bhall den Scéim Aoisliúntais Rialtais Áitiúil. Gearrtar fócaíochtaí maidir le pinsin ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais sa tréimhse ina ndéantar na hÍocaíochtaí. Áirítear ar chostas na dtuarastal a sna cuntais asbhaintí i dtaca le sochair aoisliúntais (lena n-áirítear Windows agus Orphans). Cuirtear na hasbhaintí sin chun sochair mar fháltais ar an Ráiteas Cuntais agus Caiteachais. Maoinítear cnapshuimeanna scoir ó Chúlchiste Speisialta na Gníomhaireachta, a bunaíodh chun na críche sin. Tá an GBRÁ ina bhall chomh maith sa Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair") a thosaigh le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Leanann an GBRÁ le ranníocaíochtaí na bhfostaithe don Scéim Aonair a asbhaint ach déantar iad a sheoladh chuig an DPER. Níor cuireadh Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 i bhfeidhm i leith na gcuntas sin. Tá na ceanglais maidir leis na caighdeáin chuntasaíochta reatha a bhaineann le pinsin agus a gcur i bhfeidhm ar chuntasaíocht Údarás Áitiúil á mbreithniú faoi láthair.

## 2.6 Tionscadail seirbhísí comhroinnte Rialtais Áitiúil

Tugadh líon tionscnamh um thionscadail seirbhísí comhroinnte isteach le linn 2013, mar aon le cruthú Oifig na Bainistíochta Clár (OBC), chun na tionscadail a chomhordú agus a threorú. Sainaithníodh seirbhísí comhroinnte in Athbhreithniú Éifeachtúlachta an Rialtais Áitiúil mar a bheith ábalta éifeachtúlacht agus coigilteas ar chostais a bhaint amach. Bhain na tionscadail le seirbhísí comhroinnte le haghaidh pá (MyPay) agus aoisliúntais agus soláthair.

Chomh maith le seirbhísí TF agus seirbhísí eile a sholáthar i gcomhair na dtionscnamh sin go léir nó cuid díobh, tá ról maoirseachta ag an GBRÁ ar an OBC i gcás go gcuirtear maoiniú ar fáil go lárnach tríd an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. In 2014 fuair an GBRÁ cead le haghaidh saoráid iasachta dar luach €7 milliún lena raibh téarma 10 mbliana, chun cur i bhfeidhm na saoráide 'MyPay' sna hÚdarás Áitiúla ar fad a éascú. Íoctar luach tharraingt anuas na hiasachta le hionad seirbhísí comhroinnte 'MyPay' agus aithnítear é mar fhiacha uathu don GBRÁ.

## 2.7 Cúlchistí

Aicmítear Cúlchistí an GBRÁ mar a leanas:

<b>Cúlchistí Coimeádta</b>	- An barrachas carntha a thagann as ghnáthghníomhaíochtaí oibriúcháin an GBRÁ, agus sular cruthaíodh na GBRÁ, cúlchistí oibriúcháin carntha an Bhoird Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil agus an Bhoird Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil na Comhairle Leabharlanna.
<b>Cúlchiste Speisialta</b>	- Cúlchiste a chruthaítear chun cnapshuim scoir a íoc. Léirítear an cúlchiste seo leis an gCuntas Infheistíochtaí a thaispeántar faoi Shócmhainní Reatha ar an gClár Comhordaithe.
<b>Cúlchiste Athluachála</b>	- Cúlchiste a chruthú le haghaidh réadmhaoin Ruílse.



### 3 Ioncam Iomlán

		2020 €	2019 €
Déantar tuilleadh anailíse ar an ioncam mar a leanas:			
<b>3.1) Ioncam ó Tionscadail</b>			
Na príomhthionscadail (sa bhreis ar €100,000) a maoiníodh le linn na bliana:			
An tAonad Forbartha Leabharlainne		3,867,753	3,371,126
Tionscadail maidir le Bóithre		2,451,465	2,097,079
AD, Párolla agus Aoisliúntas		3,750,034	2,822,631
Córas Bainistíochta Airgeadais (FMS)		1,411,081	773,010
Ionad Sonraí Rialtais		1,085,563	847,578
Córas Bainistíochta Rialaithe Tógála		-	53,892
Tithíocht		433,517	410,085
Pleanáil		350,725	265,139
Ceadúnú TFC		5,791,531	2,339,737
Tionscadail eile		126,215	207,530
Iomlán i gcomhair Seirbhísí Gníomhaireachta		19,267,884	13,187,807
Maoiniú chostais Bhailiú an Mhuirir Teaghlaigh	Nóta 3.4.c	58,924	62,354
Iomlán Ioncam ó Thionscadail		19,326,808	13,250,161
<b>3.2) Tionscadail a Maoiníodh</b>			
Maoiníodh seirbhísí comhroinnte agus cláir athchóirithe trí:			
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht		2,928,586	2,823,743
Foinsí eile cistí		32,473	-
		2,961,059	2,823,743
<b>3.3) Ioncam Eile</b>			
Ioncam eile a fuarthas sa bhliain:			
Maoiniú baille foirne ar iasacht an GBRÁ le tionscadail eile		-	24,327
Aisíocaíochtaí leasa shóisialaigh a fuarthas		7,757	9,270
Cíos		3,000	12,000
Eile		20	1,321
		10,777	46,918
<b>3.4) Seirbhísí Biúró - Ioncam a bailíodh</b>			
Muirear Príomh-áiteanna Cónaithe príobháideacha (NPPR)	Féach 3.4.a	26,642,190	32,957,320
An táille chlárúcháin do ‘Cosain Ár nUisce’	Féach 3.4.b	207,360	217,805
Aisíocaíochtaí Muirear Teaghlaigh	Féach 3.4.c	(230)	(245)
		26,849,320	33,174,880

**3.4.a) Muirear Príomh-áiteanna Cónaithe próbháideacha (NPPR)**

Leis an Acht Rialtais Áitiúil (Muirir) 2009 forchuireadh muirear bliantúil i ndáil le réadmhaoine cónaithe áirithe. Bhí an muirear bliantúil €200 i bhfeidhm idir 2009 agus 2013. Bhí sé d'oibleagáid ar úinéirí réadmhaoine réadmhaoine ar bith a tháinig laistigh den mhuirear a chlárú agus an muirear a íoc mar aon le pionós infheidhme ar bith mar gheall ar íocaíocht dhéanach. Bord ainmnithe is ea an GBRÁ a sainithníodh chun an muirear bliantúil a bhailiú thar ceann na nÚdarás Áitiúil. Cé go raibh an muirear deireanach in 2013, lean an GBRÁ le riaráistí a bhailiú faoin reachtaíocht.

	<b>2020</b>	<b>2019</b>
	€	€
Ollbhailiúcháin	26,642,190	32,957,320
Costais forbartha agus oibriúcháin	(223,024)	(221,694)
Glanbailiúcháin	26,419,166	32,735,626
Táillí a Íocadh Amach le hÚdarás Áitiúla	26,419,166	32,735,626

**3.4.b) An táille chlárúcháin do 'Cosain Ár nUisce':**

Leis an Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2012 leasaíodh an Acht um Sheirbhísí Uisce 2007 trí phróiseas clárúcháin a thabhairt isteach maidir leis na córais chóireála fuíolluisce tí. Cuireadh tús leis an bpróiseas clárúcháin ar an 26 Meitheamh 2012. Ar feadh tréimhse thosaigh trí mhí b'ionann an muirear clárúcháin agus €5 agus mhéadaigh sé ansin go €50. Eisítear Deimhniú Clárúcháin ar úinéirí a chláraíonn. Tá tréimhse bhailí cúig bliana leis an gclárúcháin.

Ceapadh an GBRÁ mar an ghníomhaireacht chun an próiseas clárúcháin, ar a dtugtar 'Cosain Ár nUisce' a riar.

	<b>2020</b>	<b>2019</b>
	€	€
Ollbhailiúcháin	207,360	217,805
Costais forbartha agus oibriúcháin	(90,090)	(86,284)
Glanbailiúcháin	117,270	131,521
Táillí a Íocadh Amach le hÚdarás Áitiúla	-	-
Ar fáil lena íoc amach	117,270	131,521

**3.4.c) Muirear Teaghlaigh**

Muirear €100 arbh ionann an Muirear Teaghlaigh ar gach réadmhaoine chónaithe sa Stát, a tugadh isteach leis an Acht Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh) 2011. Ní raibh an muirear i bhfeidhm ach le haghaidh 2012 agus cuireadh deireadh leis nuair a tugadh isteach an Cháin Maoine Áitiúla in 2013.

Ba é an GBRÁ an bord ábhartha a ceapadh chun an Muirear Teaghlaigh a bhailiú agus a riar thar ceann an n-údarás áitiúil. Tá na Coimisinéirí Ioncaim freagrach as an gCáin Maoine Áitiúla (CMÁ) a riar agus as riaráistí ar bith maidir leis an Muirear Teaghlaigh. Lean an GBRÁ leis an mbonneagar TF a chothabháil agus fiosruithe custaiméirí maidir leis an muirear a bhainistiú. Íocann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht glanchostas na seirbhíse sin.

	<b>2020</b>	<b>2019</b>
	€	€
Aisíocaíochtaí le linn na bliana	(230)	(245)
Costais forbartha agus oibriúcháin	(58,694)	(62,109)
Glanchostas ar an GBRÁ	(58,924)	(62,354)
Éilithe/Inéilithe ón Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil	58,924	62,354

## 4 Costais Foirne

	2020 €	2019 €
<b>a) Tá Costais na Foirne comhdhéanta den méid seo a leanas:</b>		
Pánna agus tuarastail	5,948,035	5,312,164
Costais slándála sóisialta;	499,554	401,394
Fabhrú Pá saoire - athrú sa bhliain	76,078	(1,176)
Costais ar phinsin (baill foirne ar iasacht amháin)	141,341	117,656
Costas na mball foirne a fostaíodh	6,665,008	5,830,038
Íocaíochtaí le pinsinéirí	1,990,940	1,930,787
<b>Iomlán chostais na foirne</b>	<b>8,655,948</b>	<b>7,760,825</b>

B'ionann líon choibhéis lánaimseartha na bhfostaithe le haghaidh 2020 agus 104

Is é seo a leanas mar a bhí líon na bhfostaithe a raibh a sochair iomlána sa bhreise ar €60,000:

	2020	2019
€60,000-€70,000	17	17
€70,001-€80,000	7	3
€80,001-€90,000	9	11
€90,001-€100,000	5	3
€100,001-€110,000	1	2
€110,001-€120,000	2	0
€120,001-€130,000	0	0
€130,001-€140,000	0	0
€140,001-€150,000	0	0
€150,001-€160,000	0	0
€160,001-€170,000	1	1

### b) Tuarastal agus sochair an POF

Ba é seo a leanas an tuarastal agus na sochair a bhí i bhfeidhm maidir leis an POF in 2020:

	€	€
Tuarastal a íocadh sa bhliain (liúntais san áireamh)	164,507	160,518
Ranníocaíochtaí Pinsin (sa bhreis ar an scéim chaighdeánach)	Nialas	Nialas
Bónas nó pá a bhain le feidhmíocht	Nialas	Nialas
Íocaíocht foirceannta	Nialas	Nialas

**c) Cúiteamh an Phríomhlucht Bainistíochta**

B'ionann iomlán an tuarastail a íocadh leis an bpríomhlucht bainistíochta in 2020 agus €724,918 (2019: €651,592) Tá an príomhlucht bainistíocht comhdhéanta den fhoireann bainistíochta feidhmiúcháin. Tá an GBRÁ ina bhall den Scéim Aoisliúntais Rialtais Áitiúil agus tá baill foirne uile an GBRÁ ina mbaill den scéim nó den scéim pinsean seirbhíse poiblí aonair.

Ní fhaigheann na comhaltaí Boird táillí nó luach saothair ar bith ón GBRÁ as a gcuid oibre.

**5 Costais oibriúcháin agus forchostais**

		<b>2020</b>	<b>2019</b>
		€	€
Anailísithe mar a leanas:			
Taisteal agus cothú	5.1	49,521	252,540
Oiliúint		117,230	329,246
Oibriú	5.2	19,510,872	13,709,489
Bunú	5.3	694,550	780,356
Riarachán	5.4	1,218,927	987,325
		<b>21,591,100</b>	<b>16,058,956</b>

		<b>2020</b>	<b>2019</b>
		€	€
<b>5.1 Tá Taisteal agus Cothú comhdhéanta de:</b>			
Costais intíre - Seirbhísí Gníomhaireachta		29,565	180,605
Costais intíre - Seirbhísí Biúró		413	1,739
Costais intíre - Seirbhísí Comhroinnte		19,543	67,313
lomlán na gCostas Intíre		<b>49,521</b>	<b>249,657</b>
Costais idirnáisiúnta - Seirbhísí Gníomhaireachta		-	2,883
lomlán na gcostas idirnáisiúnta		-	2,883
lomlán na gCostas Taistil agus Cothaithe		<b>49,521</b>	<b>252,540</b>

## 5.2 Costais oibriúcháin

Baineann na costais sin le soláthar tionscadal chun tairbhe earnáil na nÚdarás Áitiúil. Baineann an formhór díobh le forbairt, cur chun feidhme agus cothabháil réiteach TF don earnáil agus do na tionscadail seo a leanas:

	2020 €	2019 €
Córas Bainistíochta Airgeadais	1,409,404	767,856
Tionscadail maidir le Bóithre	2,471,614	2,074,956
AD, Párolla agus Aoisliúntas	3,693,969	2,756,947
Líonra, córais agus seirbhísí óstáilte an GBRÁ	1,378,348	1,329,307
An tAonad Forbartha Leabharlainne	2,537,437	2,556,897
Seirbhísí Comhroinnte	464,728	403,272
Córas Bainistíochta Rialaithe Tógála	-	43,580
Tithíocht	497,926	442,524
Seirbhísí Bíúró	151,378	304,305
i-Reg	140,387	129,382
Pleanáil	519,417	370,983
Tuairisceán RÁ	37,577	34,226
Ceadúnú TFC	5,791,539	2,339,738
Taighde	42,768	-
Nuálaíocht earnála agus Tacaíocht Ghnó	52,199	-
Cumarsáid Earnála	9,838	-
Tionscadail eile agus bainistiú clár	312,343	155,516
	19,510,872	13,709,489

## 5.3 Costais bhunaithe

Baineann siad sin le costais reáchtála áitribh an GBRÁ ag Teach an Rialtais Áitiúil, 35-39 Cé Uiséir, Baile Átha Cliath 2 agus Teach an Fhéinics, 27 Bóthar Conyngham, Baile Átha Cliath 8.

	2020 €	2019 €
Cíos agus Rátaí & Muirir Sheirbhíse	196,775	190,276
Solas agus teas	139,715	129,170
Cothabháil, deisiúcháin, glanadh agus slándáil	358,060	460,910
	694,550	780,356

## 5.4 Costais riaracháin

Baineann siad sin le costais oifige, árachas, earcaíocht foirne, táillí gairmiúla etc. Áirítear orthu:

	2020 €	2019 €
Costais an phearsanra lena n-áirítear earcaíocht	479,287	309,559
Teileafóin, postas, agus páipéarachas	208,300	262,524
Muirir Bhainc agus Táillí Ceannaithe	44,550	49,185
Táille Iniúchóireachta lena n-áirítear iniúchóireacht inmheánach	39,559	40,201
Táillí gairmiúla lena n-áirítear táillí dlíthiúla	374,013	189,660
Árachas	59,072	52,039
Ilghnéitheach	14,146	84,157
	1,218,927	987,325

## 5.5 Costais ghairmiúla agus costais eile

Tá an méid seo a leanas cuimsithe sna costais Oibriúcháin agus forchostais:

Costas ar iniúchóireacht reachtúil	15,000	14,750
Costas ar Iniúchóireacht inmheánach	24,559	28,550
Ús agus muirir íocaíochtaí prasa	717	1,699

Táillí dlíthiúla níos mó ná €10,000 le haghaidh na ngníomhaíochtaí seo a leanas:

Comhairle maidir le ceisteanna agus conarthaí earnála	26,610	26,356
---	--------	--------

Níor íoc an GBRÁ méideanna maidir le costais socraíochta nó cúitimh ar bith i ndáil le ceisteanna dlíthiúla ar bith.

Táillí sainchomhairleoireachta agus gairmiúla níos mó ná €10,000 le haghaidh na ngníomhaíochtaí seo a leanas:

Comhairle maidir le ceisteanna earnáil Údarás Áitiúil**	563,493	81,918
Caidreamh poiblí	29,295	29,520
Costais chorpáraideacha an GBRÁ	47,265	21,064

\*\* Áirítear leis sin comhairle maidir le Teicneolaíocht Faisnéise, Bonneagar Uisce, Tithíocht, Leabharlanna agus taighde.

Déanann na baill foirne imeachtaí foirne agus gníomhaíochtaí sóisialta a bhainistiú agus a íoc iad féin agus íocann an GBRÁ costas iarmharach beag ó am go chéile. B'ionann an glanchostas iomlán maidir leis na himeachtaí sin in 2020 agus €2, 845 (2019: €965).

## 6 Íocaíochtaí amach maidir le bailiúcháin agus cláir mhaoinithe

Le linn 2013, rinneadh an comhlacht den GBRÁ atá freagrach as bailiú costas a riar agus éileamh ar mhaoiniú a dhéanamh leis an rialtas lárnach, arb é sin an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht faoi láthair, thar ceann na nÚdarás Áitiúil siúd ar cheannúdarás iad le haghaidh seirbhísí comhroinnte. Faightear costais cheadaithe arna dtabhú ag na hÚdarás Áitiúla le haghaidh soláthar seirbhísí comhroinnte ar ais ón GBRÁ a fhaigheann maoiniú ansin ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

Lena chois sin, is é an GBRÁ an ghníomhaireacht atá ceaptha chun NNPR, Muirir Teaghlaigh agus táillí maidir le Cosain Ár nUisce a bhailiú, mar a mhínítear i nóta 3, agus eisíoctar na glanfháiltais leis na hÚdarás Áitiúla.

Is iad seo a leanas na príomhbhailiúcháin agus an maoiniú deontais a eisíoctar:

	2020 €	2019 €
Seirbhísí Leabharlainne*	695,120	578,470
Glanfháiltais NPPR a eisíocadh	26,419,166	32,735,626
Glanfháiltais do 'Cosain Ár nUisce'	117,270	131,521
Cistí seirbhísí comhroinnte	1,356,239	1,416,489
	28,587,795	34,862,106

\*Áirítear ar sheirbhísí leabharlainne Faoin an tsuim €200,000 a íocadh le húdair, maisitheoirí etc a bhfaightear a leabhair ar iasacht ó leabharlanna poiblí, faoin Scéim um Luach Saothair ó lasachtaí leis an bPobal'

## 7 Sócmhainní Neamhreatha - Sceideal na Sócmhainní Inláimhsithe maidir le maoin, gléasra agus trealamh

		Áitreabh	Daingneáin agus Feistí	Trealamh Ríomhaire	Trealamh agus Trosacán Oifige	Trealamh Oiliúna	Iomlán
		€	€	€	€	€	€
<b>COSTAS</b>							
Costas Carntha							
amhail an	01/01/2020	9,186,625	1,809,326	2,994,059	617,423	20,902	14,628,335
Diúscairtí		-	-	-	-	-	-
Breiseanna		-	-	121,007	-	-	121,007
Breiseanna		8,663,375	-	-	-	-	8,663,375
<hr/>							
Costas Carntha							
amhail an	31/12/2020	17,850,000	1,809,326	3,115,066	617,423	20,902	23,412,717
<hr/>							
<b>DÍMHEAS</b>							
Dímheas Carntha							
amhail an	01/01/2020	3,170,620	1,809,326	2,814,417	599,851	20,902	8,415,116
Diúscairtí		-	-	-	-	-	-
Muirear le haghaidh na Bliana		237,442	-	155,320	4,075	-	396,837
Athluacháil		(3,323,732)	-	-	-	-	(3,323,732)
<hr/>							
Dímheas Carntha							
amhail an	31/12/2020	84,330	1,809,326	2,969,737	603,926	20,902	5,488,221
Glanluach Leabhar amhail an							
	31/12/2020	17,765,670	-	145,329	13,497	-	17,924,496
	31/12/2019	6,016,004	-	179,642	17,572	-	6,213,219

## 8 Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim

	2020	2019
	€	€
Cuntais oibriúcháin an GBRÁ	735,983	780,383
Cuntais bhainc NPPR	2,663,558	2,858,764
Muirear Teaghlaigh	16,056	1,350
'Cosain Ár nUisce'	1,263,801	1,102,001
	4,679,398	4,742,498

## 9 Earraí infhaighte

	€	€
Féichiúnaithe	829,848	340,686
lasacht infhála le haghaidh seirbhísí comhroinnte		
	Nóta 11	
	2,543,384	2,454,590
Réamhíocaíochtaí & ioncam fabhráithe	1,924,062	1,188,325
	5,297,294	3,983,601

## 10 Suimeanna iníochta

		2020 €	2019 €
Creidiúnaithe trádála		776,371	550,016
Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin	Nóta 11	367,148	301,665
Cánachas agus slándáil shóisialta		281,758	164,202
Creidiúnaithe eile, fabhruithe*** agus ioncam réamhíochta		11,320,835	9,780,535
		12,746,112	10,796,418

\*\*\* Cuimsítear sna fabhruithe soláthar le haghaidh athstruchtúrú sheirbhísí TF an GBRÁ de €661,774 (2019; €1,036,523).

Tá clár oibre chun dul i ngleic leis na fadhbanna agus rioscaí dúchasacha a bhaineann le hoibriú an eastáit TFC reatha ar siúl fós.

## 11 Creidiúnaithe: méideanna atá dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin

Íasacht mhaoiniúcháin iníochta	2,543,384	2,152,925
	2,543,384	2,152,925

In 2014 fuair an GBRÁ cead, thar cheann an ionaid seirbhíse comhroinnte 'MyPay', le haghaidh saoráid íasachta dar luach €7 milliún chun cur i bhfeidhm seirbhíse comhroinnte 'MyPay' sna hÚdaráis Áitiúla ar fad a éascú. Comhaontaíodh saoráid íasachta leis an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe in 2014 ag ráta úis 1.75%, téarma 10 mbliana agus tréimhsí aisíocaíochta gach sé mhí.

Rinneadh tarraingtí anuas dar luach €3,760,000 go dtí seo. Déantar cistí a tharraingítear anuas a aistriú go dtí ionad seirbhísí comhroinnte 'MyPay' a léiríonn an dliteanas don GBRÁ ina gcuntais. Maoiníonn ionad seirbhísí comhroinnte 'MyPay' réamhíocaíochtaí íasachta agus costais úis de réir mar a thagann siad chun cinn.

## 12 Anailís ar na Cúlchistí

	Athluacháil Cúlchiste €	Cúlchiste Coimeádta €	Coimeádta Cúlchiste Ioncaim €	Speisialta €	Iomlán €
larmhéid tosaigh amháil an 1 Eanáir 2019	2,674,856	18,280,230	20,955,086	3,508,022	24,463,108
Ranníocaíochtaí Údarás Áitiúil sa tréimhse	-	-	-	228,910	228,910
Ús a tuilleadh	-	-	-	10,699	10,699
Cnapshuimeanna pinsin a íocadh sa bhliain	-	-	-	(87,540)	(87,540)
Barrachas/ (Easnamh) don bhliain	-	1,371,554	1,371,554	-	1,371,554
Dímheas ar áitribh athluachála	(53,709)	53,709	-	-	-
Athluacháil réadmhaoine	11,987,105	-	11,987,105	-	11,987,105
larmhéid amháil an 31 Nollaig 2019	14,608,252	19,705,492	34,313,744	3,660,092	37,973,836



Baineann an Cúlchiste Athluachála le Teach an Rialtais Áitiúil, 35-39 Cé Uiséir, Baile Átha Cliath 8 agus Teach an Fhionnuisce, 27 Bóthar Conyngham, Baile Átha Cliath 8.

Tá sé réitithe ag Bord an GBRÁ an ghníomhaireacht a bhogadh amach as a spás oifige reatha agus foirgneamh aonair níos mó a cheannach ina bhféadfaidh na baill foirne ar fad a chur ann agus lena gcomhlíonfar na ceanglais saoráidí. Tá sé sin deacair a dhéanamh sa mhargadh reatha, ach leanfaimid leis na Cúlchistí Ginearálta a charnadh chun an cuspóir sin a mhaoiniú.

Cruthaíodh an Cúlchiste Speisialta chun cnapshuimeanna scoir a íoc. Léirítear an cúlchiste seo leis an gCuntas Infheistíochtaí a thaispeántar faoi Shócmhainní Reatha ar an gClár Comhordaithe.

### **13 Dliteanais theagmhasacha**

Léiríonn dliteanais fhéideartha uile an GBRÁ sna cuntais. Ní heol don Bhord dliteanais theagmhasacha ábhartha ar bith ag an dáta tuairiscithe.

### **14 Ceangaltais - caipiteal**

Ní raibh ceangaltais chaipitiúla ar bith ann ag deireadh na bliana.

### **15 Imeachtaí i ndiaidh an dáta Tuairiscithe**

Ní raibh imeachtaí ar bith i ndiaidh an dáta tuairiscithe a dteastódh coigeartú a dhéanamh ina leith, nó a nochtadh sna Ráitis Airgeadais.

Aithníonn an Bord paidéim COVID-19 mar imeacht suntasach.

Chuir an GBRÁ bonneagar leictreonach i bhfeidhm don fhoireann chun oibriú go cianda agus leanúnachas soláthair seirbhíse do gheallsealbhóirí a choimeád.

Leanfaidh an GBRÁ le monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí agus déanfaidh sé beart, más gá.

### **16 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais**

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais ar an 27 Bealtaine 2021.





**LGMA**

An Ghníomhaireacht  
Bainistíochta Rialtais Áitiúil

Local Government  
Management Agency

